

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL CHÚNAMH ÉIREANN 2009

## AG DÍRIÚ AR BHOCHTAINEACHT AGUS OCRAS

Irish Aid
Department of Foreign Affairs
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Ireland's commitment to a world without poverty and hunger

Grianghraf ar an gClúdach: Feirmeoirí ar Sealbhóirí Beaga iad ag baint a mbarr in Uganda. Griangraf: Panos Pictures

RÉAMHRÁ 04
DÚSHLÁN NA BOCHTAINEACHTA AGUS AN OCRAIS DHOMHANDA 06
SFM – SPRIOCANNA FORBARTHA NA MÍLAOISE 09
NA HÁITEANNA INA NOIBRÍMID 13
AG FREAGAIRT D'ÉIGEANDÁLAÍ 39
VEID AGUS SEIF 43
ÁR GCOMHPHÁIRTITHE 45
CÚNAMH ÉIFEACHTACH 51
PÁIRTÍOCHT LE POBAL NA HÉIREANN 55
COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ SAN ARDOIDEACHAS 59
INNÉACSANNA 65


An Phalaistín
Siarra Leon
An Libéir
An Aetóip
Uganda
Tanzania
An Mhaláiv
An Mhósaimbíc
An tSaimbia
Leosóta
An Afraic Theas

Is é Cúnamh Éireann clár oifigiúil na hÉireann chun cuidiú le tíortha atá ag forbairt. Déanann an Rannán um Chomhar Forbartha sa Roinn Gnóthaí Eachtracha é a bhainistiú. Bunaíodh clár Chúnamh Éireann sa bhliain 1974. An príomhfhócas aige ná an comhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an ocrais i roinnt de na tíortha is lú forbairt ar domhan, go háirithe san Afraic fho-Shahárach. Cuireann an clár cúnamh ar fáil do bhreis is 90 tír ar fud an domhain, lena n-áirítear naoi gcinn de thíortha comhpháirteacha mar a bhfuil Éire páirteach i soláthar cúnaimh fhadtéarmaigh.

Le haghaidh tuilleadh eolais féach: www.irishaid.gov.ie.




léarscáil ag léiriú na n-áiteanna ina n-oibrímid

# BROLLACH



Micheál Martin,
An tAire Gnóthaí
Eachtracha.



Peter Power,
An tAire do Chúnamh
Coigríche.

I mbliana, gan ach cúig bliana fágtha go dtí an spriocdháta do bhaint amach Spriocanna Forbartha na Mílaoise, tá an pobal idirnáisiúnta ag meas dhul chun cinn an chomhraic dhomhanda in aghaidh na bochtaineachta agus an ocrais. Rinneadh dul chun cinn suntasach i roinnt mhaith réimsí, trí chomhpháirtíocht spriocdhírithe idir tíortha atá i mbéal forbartha agus tíortha forbartha.

Rinneadh an-dul chun cinn ar an mbunoideachas, an comhrac in aghaidh VEID agus SEIF agus an laghdú ar mhortlaíocht leanaí. Tá díreach faoi bhun 90% de leanaí i dtíortha atá i mbéal forbartha anois cláraithe don bhunoideachas. San Afraic fho-Shahárach, an réigiún is mó atá i ngátar fós, tá 76% de leanaí cláraithe, suas ó 58% deich mbliana ó shin. Tá VEID agus SEIF fós ag lot an tsaoil ar na milliúin ach tá 3 mhilliún duine san Afraic fho-Shahárach anois ag fáil teiripe fhrithvíreasach, i gcomparáid le breis is 100,000 duine sa bhliain 2003. Sa bhliain 2008, bhí an líon leanaí faoi bhun cúig mbliana d'aois a bhí ag fáil bháis gach lá i dtíortha i mbéal forbartha thíos 10,000 ar an líon sa bhliain 1990.

Féadfaidh pobal na hÉireann a bheidh bródúil as an méid a rinne siad ar son na bhforbairtí seo. Tá an comhar forbartha ag obair, ach ní foláir iarrachtaí idirnáisiúnta a athnuachan chun an sprioc a bhaint amach faoi 2015 go laghdófaí faoi leath an méid daoine a chónaíonn ar níos lú ná $1 in aghaidh an lae. Ní beag na dúshláin dhomhanda, agus leagadh béim orthu toisc na géarchéime eacnamaíochta agus airgeadais. Seans nach dtuigimid go hiomlán fairsinge na ndúshlán atá ag baint le hathrú aeráide. Tá breis is billiún duine ar domhan fós ocrach. Tá breis is 500,000 bean i dtíortha i mbéal forbartha ag fáil bháis gach bliain agus iad ag breith linbh. Níl an dul chun cinn in aghaidh na bochtaineachta agus an ocrais ina dhul chun cinn cothrom agus tá sé ag a luas is moille san Afraic fho-Shahárach.

Is é Cúnamh Éireann clár an Rialtais don chúnamh forbartha. Is clár é a bhaineann le muintir na hÉireann. Dírítear breis is 80% dár gcúnamh ar an Afraic fho-Shahárach áit a bhfuil an gá is mó agus mar a n-oibrímid le rialtais agus pobail chun tacú le pleananna náisiúnta don chomhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an ocrais. Tugadh aitheantas idirnáisiúnta do cháilíocht an chúnaimh a chuireann Éire ar fáil. San athbhreithniú piarmheasúnaithe a rinne OECD ar Chúnamh Éireann, a foilsíodh i mí Bealtaine 2009, luadh go raibh Éire chun

tús cadhnaíochta ag cur cúnaimh níos éifeachtaí ar fáil, mar thoradh ar ár gclár forbartha úrscothach agus an fíorspiorad comhpháirtíochta atá againn le tíortha atá i mbéal forbartha.

Mar thoradh ar an gcor chun donais tá an-bhrú ar bhuiséid cúnaimh ar fud an domhain forbartha, i gcomhthráth le gá níos mó sna tíortha is boichte. Bhí ar an Rialtas cinntí thar a bheith deacair a dhéanamh faoi gach gné den chaiteachas poiblí, agus cuireadh isteach ar an gclár forbartha. Táimid tiomanta de soláthar d'athnuachan an fháis eacnamaíochta, atá ina bhonn riachtanach don chlár cúnaimh atá ag fás. Ar an gcaoi chéanna, táimid tiomanta de go leanfaidh Éire lena ról idirnáisiúnta. Sa bhliain 2009 chuir an Rialtas 0.54% den OTN ar fáil don Chúnamh Forbartha Oifigiúil, agus ciallaíonn sin go bhfuil Éire ar an seachtú tír is flaithiúla ar domhan i dtéarmaí per capita. Sa bhliain 2010, sáróimid an sprioc de 0.51% a d'aontaigh an AE cúig bliana ó shin.

Tá Éire ag tús cadhnaíochta ag stocaireacht go hidirnáisiúnta maidir leis an ngéarghá atá ann comhordú a dhéanamh ar chur chuige cuimsitheach chun deireadh a chur le hocras domhanda. Tá an comhrac in aghaidh an ocrais ar cheann de bhunchlocha chlár Chúnamh Éireann. Táimid ag stocaireacht go hidirnáisiúnta freisin go ndíreofaí ar riachtanais na ndaoine san Afraic fho-Shahárach. Aithnímid, go bhfuil gá againn, sa tréimhse seo de dheacrachtaí ollmhóra eacnamaíochta go bhfuil dualgas orainn díriú ar thosaíochtaí agus ar phríomh-earnálacha, agus a chinntiú go ndéanfaimid, i gcomhar lenár bpáirtithe sna tíortha atá i mbéal forbartha, go gcuirfimid feabhas leanúnach ar éifeachtacht ár gcúnaimh. Níos mó ná riamh, an dúshlán ná luach ar airgead a bhaint amach, ag díriú go dian ar an nasc idir cúnamh agus feabhsúcháin inbhuanaithe i saol na ndaoine is boichte agus na bpobal is leochailí ar domhan. Ní foláir dúbláil ar ghníomhaíochtaí na ndeontóirí éagsúla a choinneáil ag an leibhéal is ísle agus is féidir. Caithfear comhchuntasacht lenár dtíortha comhpháirteacha a bheith ina réaltacht. Ní foláir dúinn oibriú ar bhealach níos éifeachtaí le heagraíochtaí neamhrialtasacha trína soláthraíonn Éire breis is 20% dá cúnamh don fhorbairt, lena chinntiú go ndéanann siadsan, freisin, comhordú agus comhoibriú níos fearr d'fhonn ár gcomhchuspóirí a bhaint amach.

Tá nuálaíocht agus úsáid na teicneolaíochta agus na smaointe nua thar a bheith tábhachtach. Bhí tionchar suntasach ag teicneolaíocht cumarsáide móibílí san Afraic le blianta beaga anuas. Chuir sé bonn nua faoin gcur chuige i leith na pleanála do thubaistí, an tsoláthair seirbhísí riachtanacha agus fheidhmiú na margaí. Tá eagraíochtaí neamhrialtasacha agus rialtais ag obair le chéile ar réimse cur chuige nua. Tá gluaiseacht na Cóir-Thrádála freisin tar éis fónamh a bhaint as cumhacht na dtomhaltóirí chun praghas cóir a sholáthar do tháirgeoirí i dtíortha atá i mbéal forbartha. Tá clár Chúnamh Éireann ag tacú le raon leathan cur chuige nuálach, agus ag roinnt eolais agus smaointe gnó na hÉireann le cuideachtaí beaga agus meánmhéide san Afraic agus in áiteanna eile. Tá an Rialtas ag tacú freisin le gnóthaí Éireannacha naisc a chruthú trínár gclár forbartha agus breithniú a dhéanamh ar dheiseanna a sholáthar do chomhpháirtíochtaí san Afraic, mar ar mhéadaigh rátaí fáis go suntasach le deich mbliana anuas.

Tríd an obair i gcomhpháirt le rialtais agus pobail i dtíortha atá i mbéal forbartha, ar bhonn a bpleananna náisiúnta forbartha féin, agus comhordú go dlúth le deontóirí, tá Éire ag déanamh difríocht mhór sa chomhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an ocrais dhomhanda. Léirigh na freagraí don chrith talún i Háítí níos luaithe i mbliana agus, le déanaí, na tuillte sa Phacastáin flaithiúlacht mhuintir na hÉireann arís dóibh siúd is mó i ngátar, agus an dlúthpháirtíocht a bhraitheann siad leis na daoine sna tíortha is boichte. Bhí suntas ar leith ag baint leis an bhfreagairt i gcomhthéacs chúrsaí deacra na tíre sa bhaile. Ní foláir dúinn an t-eispéireas dlúthpháirtíochta agus cirt seo a bheith againn mar bhonn is mar thaca do pholasaí eachtrach na hÉireann, agus ag an gclár cúnaimh arna bhainistiú ag Cúnamh Éireann, atá ag croílár an pholasaí eachtraigh sin.

Micheál Martin
**An tAire Gnóthaí Eachtracha**

Peter Power
**An tAire do Chúnamh Coigríche**

Meán Fómhair 2010

# DÚSHLÁN NA BOCHTAINEACHTA AGUS AN OCRAIS DHOMHANDA

Sa domhan seo a bhfuil dúshláin thromchúiseacha i ndán dó ó thaobh na forbartha domhanda, lena n-áirítear an tionchar atá ag athrú aeráide, neamhshlándáil bia, fás daonra agus éagothroime atá ag dul i méid, tá tionchar ar leith ag an ngéarchéim eacnamaíochta agus airgeadais go háirithe ar dhaoine atá ina gcónaí sna tíortha is boichte agus is lú forbairt. Tar éis na méaduithe móra ar phraghsanna bia sna blianta 2007 agus 2008, beidh sé níos deacra ar na tíortha is boichte atá i mbéal forbartha, sa ghéarchéim seo, go háirithe an Afraic fho-Shahárach, deireadh iomlán a chur le bochtaineacht agus ocras.

I gcomhthéacs na ndúshlán ilchineálach, tá sé tábhachtach nach ndéanfaimis dearmad ar go bhfuil breis is billiún duine ar fud an domhain ocrach. D'ainneoin go ndearnadh dul chun cinn i roinnt réimsí, tá 92 milliún duine níos lú anois san Afraic fho-Shahárach ag maireachtáil faoi dhearbh-bhochtaineacht ná mar a bhí sa bhliain 1990.

Tá an neamhslándáil bia fós ina dhúshlán suntasach agus ina dhúshlán é atá ag dul i méid, agus ar cheann de na constaicí is mó inár mbealach deireadh a chur le bochtaineacht. Ach is féidir é a chosc. An chéad cheann de Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFM) ná deireadh a chur le bochtaineacht agus ocras. Socraíonn sé an sprioc go laghdófaí faoi leath an líon daoine atá ag maireachtáil faoi dearbh-bhochtaineacht agus ocras. Is fada uainn a bhaint amach, agus tá dul chun cinn mall SFM 1 dár gcosc dul chun cinn ar na Spriocanna Forbartha uile.

Le linn 2009, lean Éire ag díriú ar a gníomhaíochtaí forbartha sna tíortha is boichte atá i mbéal forbartha, go háirithe an Afraic fho-Shahárach, atá ar phríomhfhócas geografach an Rialtais ó thaobh an chláir cúnaimh forbartha. Sna tíortha seo, díríodh ar na pobail agus na réigiúin is boichte.

Le cur i bhfeidhm mholtaí Mheán Fómhair 2008 Thascfhórsa Ocrais an Rialtais, tá slite beatha agus slándáil bia na ndaoine is boichte agus is leochailí anois ag croílár chlár Chúnamh Éireann. Níos mó agus níos mó, tá laghdú na bochtaineachta agus na héagothroime, slándáil bia agus cothú níos fearr ina gcuspóirí trasearnála do Chúnamh Éireann, a gcaithfear gach gné den chlár torthaí a sholáthar agus iad meastа ina choinne sin.

Ar an ardán domhanda, leanann Éire ag obair d'fhonn tacaíocht mhéadaithe a bhaint amach do na Tíortha is Lú Forbairt agus don Afraic. Tá Éire ag obair le príomhpháirtithe, lena n-áirítear na NA, OECD, na SA agus an AE, chun gníomhaíocht chomhordaithe idirnáisiúnta i leith an ocrais a thógáil, agus chun a chinntiú go n-úsáidfear acmhainní, cosúil leis na hacmhainní sin a gealladh i dTionscnamh Sláinte Bia L'Aquila, go héifeachtach sna tíortha is boichte chun fíorfheabhsúcháin inbhuanaithe a sholáthar i ngeilleagar an teaghlaigh agus an chothaithe sna phobail is boichte.

Tá na tíortha i mbéal forbartha iad féin ag croílár na n-iarrachtaí bochtaineacht a laghdú agus na SFM a bhaint amach. Tá gá le húinéireacht agus ceannaireacht na dtíortha féin, pleananna agus córais láidre laghdaithe bochtaineachta, agus institiúidí ar féidir leo seirbhísí a sholáthar, d'fhonn dul chun cinn a chothú. Gan earnáil talmhaíochta níos éifeachtaí agus modhanna rialachais níos láidre, beidh roinnt mhaith tíortha i mbéal forbartha ag streachailt leo chun táirgeacht talmhaíochta a mhéadú chun daonraí a chothú ar daonraí iad atá ag fás go gasta. Ar na nithe atá thar a bheith tábhachtach d'fhonn feidhmíocht níos fearr talmhaíochta a bhaint amach tá leasú polasaí a chur i ngníomh, feabhas a chur ar chórais agus ar bhealaí bheith ag obair, chomh maith le cúrsaí airgeadais.

Tá Éire ag tacú leis na hiarrachtaí seo inár dtíortha comhpháirteacha. Tacaíonn Clár nua Tíre Chúnamh Éireann sa Mhaláiv le cláir an Rialtais a chuireann tacaíocht spriocdhírithe ar fáil do na teaghlaigh agus na réigiúin is boichte. Is éard atá i gceist leo seo ná bearta tionchair, cosúil le haistriú airgid agus bia, agus bearta chun slite beatha inbhuanaithe táirgiúla a thógáil, amhail fóirdheontais d'fheirmeoirí le haghaidh síolta agus leasachán. In Uganda, d'atreoraigh Éire a mhéid ab fhéidir dá maoiniú agus dá tacaíocht theicniúil chuig réigiún Karamoja, áit a bhfuil na rátaí bochtaineachta dhá uair an mheáin náisiúnta agus áit a raibh ocras ainsealach eindéimeach leis na cianta.

Tá béim ar leith á leagan ar riachtanais na mbanfheirmoirí atá ina sealbhóirí beaga, chomh maith le spriocdhíriú ar tearc-chothú máthar agus leanaí. Tá Cúnamh Éireann ag obair le rialtais lárnacha agus rialtais áitiúla sna tíortha comhpháirtíochta, d'fhonn an acmhainn a neartú atá acu dul i ngleic le

héagothroime inscne agus ról na mban sa talmhaíocht agus san fhorbairt tuaithe. San Aetóip, soláthraíodh tacaíocht don rialtas áitiúil i Réigiún Tigray chun díriú níos éifeachtaí ar mhná laistigh de sheirbhísí sínte talmhaíochta, ag díriú go háirithe ar roghnú agus úsáid creidmheasa i measc na mban.

Cé nach éasca a chuirfear deireadh le haicíd na bochtaineachta agus an ocrais, is féidir, i gcás go n-oibríonn an pobal idirnáisiúnta i gcomhar lena chéile, gealltanais agus seasaimh pholasaí a réadú ina ngníomhartha. Tá tionchar na gcomhpháirtíochtaí neartaithe agus na ngníomhartha comhoibritheacha i measc na rialtas comhpháirteach agus na bpáirtithe leasmhara forbartha eile, ag éirí follasach sa spriocdhíriú feabhsaithe ar bhochtaineacht i bpleananna forbartha náisiúnta, i gcórais neartaithe do sholáthar seirbhísí, agus i dtorthaí níos fearr do dhaoine bochta.

Sa Tansáin, chinntigh Éire, ar an bpríomhdheontóir in earnáil na Talmhaíochta, clár tacaíochta níos spriocdhírithe, a chuir le méaduithe ar tháirgeacht ríse feirmeoirí ó 2.5 go 6 tona ina aghaidh an heicteáir le blianta beaga anuas.Sa Tíomór Thoir, thacaigh Cúnamh Éireann le cláir na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair atá ag cur caipitil isteach i bpobail tuaithe agus ag soláthar rochtana ar iompar poiblí agus ar mhargaí. Sa Mhósaimbíc, tharla méadú as cuimse ar an rochtain ar dhrugaí frithvíreasacha, a chuidíonn leo siúd atá ag maireachtáil le VEID agus SEIF saol gníomhach táirgiúil a chaitheamh.

Is bagairt bhreise é an t-athrú aeráide, agus bagairt atá ag dul i méid, do dhaoine bochta an domhain ó thaobh a dtodhchaí agus a bhfolláine amach anseo. Tá bearta á gcur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na tionchair neamhfhabhracha ag athrú aeráide ar thalmhaíocht, lena n-áirítear neartú ar chumas na bhfeirmeoirí ar sealbhóirí beaga iad nithe a chur in oiriúint don athrú aeráide agus feabhas a chur ar a dteacht aniar i gcás brúnna, triomaigh agus tuillte. Ar na heiseamláirí tá an tacaíocht arna soláthar go díreach do Stiúrthóireacht Talmhaíochta i bProibhinse Inhambane, sa Mhósaimbíc, chun barra triomach-dhíonach a chur chun cinn, agus tacú le Cumann Náisiúnta Fheirmeoirí Sealbhóirí Beaga na Maláive i gcur chun cinn chaomhnú na talmhaíochta.

De réir mar a ullmhaímid don Athbhreithniú ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise i mí Mheán Fómhair 2010, an phríomhtheachtaireacht atá ag Éirinn do Chruinniú Mullaigh SFM ná cad is féidir agus cad ba chóir a dhéanamh chun dul i ngleic le hocras, le slándáil slite beatha agus le bochtaineacht ioncaim idir anois agus 2015, go háirithe dóibh siúd is leochailí don dearbh-bhochtaineacht agus ocras san Afraic fho-Shahárach.

Ag obair i gcomhar lena chéile, féadfaidh tíortha forbartha agus tíortha atá i mbéal forbartha a ngealltanais a choinneáil atá déanta acu i leith na ndaoine is boichte ar domhan, fiú d'ainneoin na ndúshlán méadaithe domhanda agus na ndeacrachtaí idirnáisiúnta eacnamaíochta.

**Athrú aeráide agus ocras**

I gcás na bpobal is boichte agus is leochailí ar domhan, tá bagairt bhreise ag baint leis an athrú aeráide agus is bagairt é atá ag dul i méid dá bhfolláine. Tá gaol dofhuascailte idir athrú aeráide agus an cumas freagairt do dhúshlán an ocrais dhomhanda.

**Rialachas agus ocras**

Gan earnáil talmhaíochta níos éifeachtaí agus rialachas níos láidre, beidh tíortha atá i mbéal forbartha ag streachailt leo chun táirgeacht talmhaíochta a mhéadú le daonraí a chothú atá ag fás go gasta.



An tAire Stáit, Peter Power, le feirmeoirí in Gergera, an Aetóip

# SPRIOCANNA FORBARTHA NA MÍLAOISE

# SPRIOCANNA FORBARTHA NA MÍLAOISE

## EISEAMLÁIRÍ DEN DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

## SPRIOC 1: DEIREADH A CHUR LE DEARBH-BHOCHTAINEACHT AGUS OCRAS

Sa Mhaláiv, bhí 1.6 milliún feirmeoir ar sealbhóirí beaga iad in ann leasúchán agus síolta feabhsaithe a cheannach trí chlár Ionchuir Feirme Rialtais. Sa bhliain 2009, ní raibh ach 10% de theaghlaigh le níos lú ná a ndóthain bia, thíos ó 38% sa bhliain 2007. Féach an cás-staidéar ar leathanach 19.

## SPRIOC 2: BUNOIDEACHAS UILÍOCH A BHAINT AMACH DO CHÁCH

Sa Tansáin, mhéadaigh an clárúchán sa bhunscoil ó 59% chuig beagnach 100% idir 2000 agus 2007, agus mhéadaigh an líon cailíní ag fáil oideachais dara leibhéal faoi 20% idir 2008 agus 2009. Féach an cás-staidéar ar leathanach 31.

## SPRIOC 3: COMHIONANNAS INSCNE A CHUR CHUN CINN AGUS MNÁ A CHUMHACHTÚ

Sa Tíomór Thoir, tugadh tús áite do chur chun cinn inscne san ullmhúchán do bhuiséad 2010 an Rialtais, agus ritheadh dlí nua ag dearbhú gur coir é an foréigean sa teaghlach. Féach an cás-staidéar ar leathanach 25

## SPRIOC 4: MORTLAÍOCHT LEANAÍ A LAGHDÚ

Laghdaíodh an líon leanaí a fhaigheann bás roimh a gcúigiú lá breithe ó 12 milliún sa bhliain 1990 go dtí faoi bhun 9 milliún sa bhliain 2008. Ciallaíonn seo 10,000 níos lú leanaí faoi chúig bliana d'aois ag fáil bháis gach lá. Féach an cás-staidéar ar leathanach 23.

## SPRIOC 5:
## SLÁINTE MÁTHAR A FHEABHSÚ

Sa Mhósaimbíc tá 90% de mhná ag fáil cúram réamhbhreithe ó phearsanra oilte, i gcomparáid le 79% sa bhliain 2003. Féach an cás-staidéar ar leathanach 21.

## SPRIOC 6:
## COMHRAC IN AGHAIDH VEID/DEIF, MALÁIRE AGUS GALAR EILE

In Uganda b'ionann an leitheadúlacht VEID sa bhliain 2009 agus 6.4% i gcomparáid le 18% sna 1990í. Tá 150,000 duine ag fáil rochtana ar chóireáil fhrithvíreasach agus tá 49,000 dílleachta ag fáil seirbhísí pobail. Féach an cás-staidéar ar leathanach 17.

## SPRIOC 7:
## INBHUAINE CHOMHSHAOIL A CHINNTIÚ

I Réigiún Tigray na hAetóipe rinneadh ath-fhoraoisiú ar 450,000 heicteár talún agus bhain 185,000 teaghlach, roinnt mhaith le mná i gceannas orthu, sochar as uisciú breise sa bhliain 2009. Féach an cás-staidéar ar leathanach 15.

## SPRIOC 8:
## COMHAR FORBARTHA DOMHANDA A FHORBAIRT

Mar thoradh ar chomhpháirtíochtaí domhanda san earnáil sláinte tharla feabhsúcháin mhóra ar shláinte leanaí. San Afraic fho-Shahárach laghdaigh básanna a bhain leis an mbruitíneach faoi 91% idir 2000 agus 2007. Féach an cás-staidéar ar leathanach 49.

# NA HÁITEANNA INA NOIBRÍMID

Cuireann Éire cúnamh ar fáil do bhreis is 90 tír agus oibríonn go dlúth le rialtais i naoi gcinn de thíortha comhpháirteacha san Afraic agus san Áise chun tacú le laghdú na bochtaineachta agus leis an bhforbairt.


AN AETÓIP 14
LEOSÓTA 16
AN MHALÁIV 18
AN MHÓSAIMBÍC 20
AN TANSÁIN 22
TÍOMÓR THOIR 24
UGANDA 26
VÍTNEAM 28
AN TSAIMBIA 30

| Daonra | Céatadán den daonra ag maireachtáil ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae[1] | Rangú ar Innéacs Forbartha Daonna na NA | Tír chomhpháirteach ó |
|---|---|---|---|
| 79 milliún | 77.5% | 171 as182 tír | 1994 |



## Tíortha Comhpháirteacha
## An Aetóip

# AG DUL I NGLEIC LE HOCRAS AGUS LE HATHRÚ AERÁIDE

Tá an Aetóip fós ag déanamh an-dul chun cinn ar fad maidir le laghdú bochtaineachta agus tá an chuma air go mbainfear amach sé gcinn de na hocht Sprioc Forbartha Mílaoise faoin mbliain 2015. Bhí an fás eacnamaíochta le blianta beaga anuas ard ar bhonn leanúnach ag tuairim is 7% agus, de réir na NA, ón mbliain 2000 bhí an dara ráta is tapúla ar domhan d'fhorbairt i réimse na forbartha daonna san Aetóip. Cibé scéal é, d'ainneoin a bhfuil bainte amach, tá an tír fanta ar cheann de na tíortha is boichte ar domhan. Is ionann an meán-ionchas saoil agus 55 bliain d'aois agus tá 40% de na leanaí faoi bhun meáchain dá n-aois.

Agus daonra mór i mbun na talmhaíochta mionscála agus ag brath d'fhormhór ar bharra a bhfuil báisteach de dhíth orthu, tá roinnt mhaith daoine nach bhfuil in ann dóthain bia a sholáthar dóibh féin agus dá dteaghlaigh. Mar thoradh ar easpa báistí le linn 2009 bhí sé mhilliún duine i ngéarchéim agus bhí gá le cúnamh éigeandála bia. Thug an rialtas tús áite do fheabhsú na táirgeachta talmhaíochta ach leathnú a dhéanamh ar uisciú talún agus síolta níos ardtairgiúla a úsáid.

Sa bhliain 2009, chuir Éire tacaíocht de €11 mhilliún ar fáil don chlár um Chosaint Bunseirbhísí. Tríd an tionscnamh seo cuirtear maoiniú ar fáil do shláinte, oideachas, uisce, sláintíocht, talmhaíocht agus bóithre tuaithe ar fud na tíre. Cuireadh beagnach €4 mhilliún ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí sláinte agus VEID, lena n-áirítear ciste nua a spriocdhíríonn ar riachtanais na máithreacha agus na leanaí is leochailí. Chomh maith leis sin cuireadh €1.7 milliún de chúnamh Éireannach ar fáil do naoi gcinn d'eagraíochtaí a oibríonn sna réimsí taighde bochtaineachta, comhionannas inscne, oideachas saoránach agus cearta dlíthiúla. Chuir Cúnamh Éireann oiliúint mhaoinithe ar fáil freisin chun cuidiú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta oiriúnú do reachtaíocht nua a rachadh i gcion ar a gcuid oibre.

Mar fhreagairt ar ocras agus ar athrú aeráide, chuir Cúnamh Éireann beagnach €4.5 milliún ar fáil trí chlár aistrithe airgid agus bia do nach mór ocht milliún duine san Aetóip mar luach saothair d'oibreacha poiblí. Bhí na daoine a fuair cúnamh faoin gclár seo in ann méadú ar a dtomhaltas bia, agus roinnt feabhsúchán comhshaoil a chur i bhfeidhm ar fud na tíre. Soláthraíodh bia do shé mhilliún duine breise trí mheán an chúnaimh éigeandála bia le linn na bliana. Lean Éire ag tacú le réigiún Tigray mar ar cuireadh €4.3 milliún de bhlocdheontas ar fáil, agus tacaíodh le Biúró Gnóthaí Ban don taighde talmhaíochta agus clár MSc sna Fhorbairt Tuaithe i gcomhpháirt leis an gColáiste Ollscoile, Corcaigh. Fuair feirmeoirí ar sealbhóirí beaga iad isteach is amach le €1.7 milliún de thacaíocht ó Chúnamh Éireann chun cuidiú le éagsúlú a dhéanamh ar a n-ioncam trí thurasóireacht pobail, bainistiú rannpháirtíochta foraoiseachta, agus scéimeanna nuálacha sa mhicrea-airgeadas agus sa choigilteas.

**Eiseamláirí de thorthaí:**

- **Cuireadh bia agus airgead ar fáil d'ocht milliún duine a fhulaingíonn neamhshlándáil ainsealach bia mar mhalairt ar roinnt oibreacha poiblí comhshaoil a dhéanamh. Mar thoradh air seo, tógadh aon mhilliún ciliméadar de struchtúir chun creimeadh a chosc, agus cuireadh 60 milliún crann sa bhliain 2009.**

- **Mhéadaigh an céatadán de leanaí cláraithe i mbunscoileanna ó 68% go 83% le ceithre bliana anuas, agus líon comhionann buachaillí agus cailíní ag freastal ar scoil.**

- **Rinneadh iniamh ar bhreis is 450,000 ciliméadar talún in Tigray don ath-fhoraoisiú, agus bhí 185,000 teaghlach, a bhfuil 20% díobh faoi cheannas mná, ag baint fónaimh as uisciú breise sa bhliain 2009.**

[1] UNDP Tuarascáil Forbartha Daonna 2009 (% den daonra faoi bhun líne na bochtaineachta $2 in aghaidh an lae 2000-2007)

## Cás-staidéar
## Aetóipe

# SFM 7 AG CUIDIÚ SAN IARRACHT INBHUAINE CHOMHSHAOIL A CHINNTIÚ



Grúpa Bainistíochta Foraoise in Éicea-réigiún Bale.
Grianghraf: Richard More O Ferrall

In éicea-réigiún Bale san Aetóip theas tá 1,600 cineál plandaí, 300 cineál éan agus tuairim is 250 sionnach Aetópach i mbaol. Cuimsíonn an limistéar 2,200 km2, an dara foraois thrópaiceach is mó san Aetóip. Léirítear an dlúthbhaint idir an nádúr agus slite beatha i 40 foinse uisce Bale, a fhónann do bhreis is 12 mhilliún duine Aetópach, agus daoine sna tíortha cóngaracha - an Chéinia agus an tSomáil.

Bhí Cúnamh Éireann ag tacú le caomhnú na hacmhainne nádúrtha tábhachtaí seo ón mbliain 2006 i leith, trí Chlár um Bainistiú Éicea-Réigiún Inbhuanaithe Bale a dhéantar a sheachadadh trí FARM-Africa agus SOS Sahel Ethiopia. Cuireann sé chun cinn bainistiú an phobail foraoiseachta chun foraoisí a chaomhnú, ionas gur féidir le daoine áitiúla sochar a bhaint as a táirgí, ach fós féin acmhainní a chaomhnú do ghlúnta le teacht.

Tá Gadise Tadesse, ó Shráidbhaile Chiri, ina ball de cheann de na Grúpaí Coigiltis agus Creidmheasa, arna bhunú faoin gClár. Bhain Gadise úsáid as iasacht bheag chun mill a cheannach, agus rinne sí meá, agus dhíol ar bhrabús de 280%. Leis na fáltais cheannaigh sí bó bainne agus 1,000 síológ eucalyptus, a bhfuil sé beartaithe iad a chur chun ábhair thógála a fhás. Dhúbail grúpa creidmheasa Gadise a choigiltis ón deontas bunaidh arna sholáthar ag an gclár. Cuidíonn seo le breis teaghlach foinsí malartacha, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, a bheith acu, agus ar an gcaoi sin úsáid dhochrach na foraoise a sheachaint.

Mhúin athair Ali Beker dó conas beacha a choimeád san fhoraois agus chuidigh an clár um bainistiú foraoise pobail cur leis na cleachtais thraidisiúnta. Fuair sé oiliúint sa bheachaireacht agus anois tá coirceoga níos nua-aimseartha, níos éifeachtaí aige. Mhéadaigh an méid meala fiáine a tháirgeann Ali, agus tá a ioncam dúbailte.

Dar leis an gceannaire pobail Hassen Lemo, 65, tá an clár tar éis dul chun sochair an phobail: "Chuir sé bliana den chlár eolas ar fáil dúinn a rachaidh dár sochair ar feadh sé bliana eile. Táimid ag bainistiú foraoise agus tá luach níos fearr againn ar an bhforaois sa lá atá inniu ná mar a bhí, rud a rachaidh chun sochair ár leanaí".

Ar na smaointe fadtéarmacha atá á mbreithniú faoin gclár tá an poitéinseal ann maoiniú a sholáthar don athrú aeráide. Chuirfeadh seo cistí ar fáil don Rialtas agus do phobail mar mhalairt ar fhoraoisí a choinneáil agus chuideodh leis na Aetóip Sprioc Forbartha Mílaoise 7 a chomhlíonadh – eadhon inbhuaine chomhshaoil. Chinnteodh a leithéidí de thionscnamh go n-aithneofaí go hiomlán luach éicea-réigiún Bale, agus na comhshochair ar na leibhéil áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

| Daonra | Céatadán den daonra ag maireachtáil ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae | Rangú ar Innéacs Forbartha na NA | Tír chomhpháirteach ó |
|---|---|---|---|
| 2 mhilliún | 62% | 156 as 182 | 1975 |



# Tír Chomhpháirteach: Leosóta

# AG FEABHSÚ CHÁILÍOCHT NA SEIRBHÍSÍ TUAITHE SLÁINTE

Rinne Leosóta roinnt dul chun cinn sna réimsí seo - comhionannas inscne, clárú i mbunscoileanna agus rochtain ar uisce óil sábháilte le linn 2009. D'ainneoin sin, tá dúshláin fós ann sa chomhrac i gcoinne VEID agus SEIF agus galair eile. Is cúis mhór imní fós iad mortlaíocht leanaí agus máthar.

Tosaíodh ag brath thionchar na géarchéime domhanda eacnamaíochta i Leosóta sa bhliain 2009, le meathlú géar san éileamh ar phríomhearraí easpórtála cosúil le teicstílí agus diamaint, agus mar thoradh air b'ionann an OTI agus níos lú ná 2% don bhliain. Cúis imní ar leith ba ea caillteanas ioncaim ó Chumann Custaim na hAfraice Theas. Táthar ag ceapadh go dtiocfaidh meath ar an ioncam seo sna blianta amach romhainn, a bhíodh ina shochar mór do Leosóta trína chomhaontú fadbhunaithe lena chomharsana Afracacha, toisc an choir chun donais eacnamaíochta.

Is cur chuige nua an Plean Straitéise Tíre 2008-2012 chun gaol fadtéarmach na hÉireann a dhaingniú le Leosóta. Faoin bplean seo, glacfaidh Cúnamh Éireann dearcadh "rialtais uile", ag measúnú na laigí sa chóras a théann i bhfeidhm ar chur i ngníomh na gclár.

Díríonn an clár nua ar cheithre réimse torthaí: sláinte, oideachas, uisce agus sláintíocht chun seachadadh éifeachtach na mbunseirbhísí a chur chun cinn. Mar chuid den iarracht leithdháileadh agus úsáid níos éifeachtaí acmhainní a chur chun cinn, thacaigh Cúnamh Éireann leis an Rialtas i mbainistiú airgeadais phoiblí. Bhí torthaí thar na bearta ar an gcur chuige seo. Chuir pleanáil níos fearr ar chumas na tíre a bheith incháilithe do mhaoiniú faoin Tionscnamh Mear Oideachas do Chách, dar luach $30 milliún thar trí bliana, ó 2010 amach.

Aontaíodh cur chuige comhdheontóra i leith na géarchéime soláthair foirne san earnáil sláinte, agus forbraíodh plean dhá bhliain, cuidithe ag an Aireacht Acmhainní Nádúrtha, le hullmhú do thacaíocht ón gCoimisiún Eorpach agus Cúnamh Éireann sna tréimhsí 2010/11 agus 2011/12. Bhí an easpa pearsanra thar a bheith tromchúiseach san earnáil sláinte. D'aontaigh Cúnamh Éireann cuidiú le Plean Oibríochtúil Acmhainní Daonna 2009/10 na hearnála, trí thacú le Córas um Bainistiú Faisnéise AD agus trí mhaoiniú a sholáthar do phríomhphoist straitéiseacha don Aireacht Sláinte agus do Chumann Sláinte Críostaí Leosóta.

Mar chuid den tacaíocht don soláthar rochtana níos fearr ar sheirbhísí VEID agus SEIF, d'oibrigh Cúnamh Éireann i gcomhar le Fondúireacht Clinton agus leis an Aireacht Sláinte agus Leasa Shóisialaigh chun feabhas a chur ar sheirbhísí sláinte tuaithe. Faoi dheireadh 2009, bhí seacht gcinn de na naoi gclinic sléibhe i bhfeidhm, agus bhain beagnach gach clinic sa tír sochar as an soláthar altraí, as infhaighteacht cóireála frithvíreasaí, nó as meantóireacht. Chuidigh comhpháirtíocht eile le Seirbhísí Faoisimh Caitliceacha leis na gníomhaíochtaí a bhí ar bun sna clinicí sléibhe seo.

An príomhfhócas san iarracht cuntasacht níos fearr Rialtais do shaoránaigh a spreagadh, ná cur i bhfeidhm céimneach comhchláir le Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe chun tacú leis an bParlaimint, an Coimisiún Neamhspleách Toghchánach agus na hinstitiúidí cearta daonna i Leosóta.

**Eiseamláirí de thorthaí:**

- **Mhéadaigh glanchlárúchán do bhunoideachas ó 60% sa bhliain 1999 go 80% sa bhliain 2009, agus bhain 500 múinteoir amach a gcáilíocht trí mheán an Chláir Cian-Oideachais Múinteora.**
- **Mhéadaigh an céatadán de dhaoine le VEID forbartha a fuair cóireáil fhrithvíreasach ó 25% sa bhliain 2008 go 52% sa bhliain 2009.**
- **Chuidigh feabhsúcháin sa daonlathú agus sa rialachas le Leosóta maoiniú 25% breise a fháil ó Chiste Forbartha an Aontais Eorpaigh.**

## Cás-staidéar
## Leosóta

# SFM 6
# TACAÍOCHT DON CHOMHRAC I GCOINNE VEID AGUS SEIF



Matšoanelo Khasipe ag obair ina mionghairdín.
Griangraf: Thomas Geoghan

Is tír gharbh álainn í Leosóta. Tá a lán daoine ag cónaí in áiteanna iargúlta, go háirithe garbhchríocha sléibhtiúla, mar a bhfuil triomaigh ina ngné choitianta, soláthar bia neamhshlán agus tuairim is ceathrú den daonra ag maireachtáil le VEID agus SEIF.

Chaill Matšoanelo Khasipe, as Nohana i gCeantar Mohals Hoek, a fear céile roinnt blianta ó shin ó ghalar a bhain le VEID. Ó shin i leith, bhí an bhean 37 bliain d'aois seo ag streachailt leis an saol chun í féin agus a beirt iníonacha, dar aois cúig agus a haon déag, a choinneáil sona agus sláintiúil.

"Ba shiúinéir m'fhear céile. Nuair a fuair sé bás, bhí orm an gnó a reáchtáil ach ní raibh mé oilte mo dhóthain agus ní fhéadainn é a fheidhmiú go sásúil. Bhí roinnt airgid curtha ar leataobh agam agus d'úsáid mé seo chun bia a cheannach, ach ní raibh an méid céanna le hithe againn is a bhí roimhe. D'éirigh mise tinn agus bhí mé buartha i dtaobh mo leanaí."


Ar ámharaí an tsaoil, trí thionscadal arna reáchtáil ag Catholic Relief Services (CRS), agus tacaithe ag Cúnamh Éireann, cuireadh síolta, leasúchán, teicnící feirmeoireachta baile agus 'mionghairdín'– leaba glasraí saindeartha, ardaithe chun rochtain éasca a sholáthar, go háirithe do dhaoine breac-aosta agus dóibh siúd le VEID agus SEIF - ar fáil do Matšoanelo. "Anois tá glasraí agam an bhliain ar fad, fiú amháin i rith an gheimhridh. Cuireann an gairdín an t-uafás ar fáil dom; bhí mé in ann roinnt bia a dhíol fiú chun nithe eile a cheannach don teaghlach, cosúil le sicíní, agus coinním iadsan sa chlós."

Tá Matšoanelo VEID-dearfach, ach baineann sochar as an gclinic sléibhe atá cóngarach di, áit ar féidir léi féin agus daoine eile rochtain a fháil ar chúram leighis, ar chóir leighis agus ar sheirbhísí comhairliúcháin laethúla saor in aisce. Tá seo ar cheann de na clinicí, arna dtógáil trí chomhpháirtíocht leis an Aireacht Sláinte agus Leasa Shóisialaigh, Fondúireacht Clinton agus Cúnamh Éireann, chun cóireáil leighis ardchaighdeáin a thabhairt chuig pobail leochaileacha sléibhe.

Ní foláir d'othair a bheith dea-chothaithe chun sochar a bhaint as an gcóireáil fhrithvíreasach SEIF, agus tá tionscadail CRS agus clinicí comhpháirtíochta lonnaithe gar dá chéile, ionas gur féidir le slándáil fheabhsaithe bia agus cothú níos fearr cuidiú leo siúd atá ag maireachtáil le VEID saol níos faide, níos fearr a chaitheamh.

"Tá mé i bhfad níos sona, níos sláintiúla anois," a deir sí. "Mar thuismitheoir singil, ní raibh fhios agam conas dul i ngleic le leanaí a thógáil i m'aonar agus an obair tí a dhéanamh, ach leis an gcúnamh ó CRS agus ón gclinic, táim níos láidre anois – is féidir liom maireachtáil mar a dhéanann na daoine sa sráidbhaile."

| Daonra | Céatadán den daonra ag maireachtáil ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae | Rangú ar Innéacs Forbartha na NA | Tír chomhpháirteach ó |
|---|---|---|---|
| 13 mhilliún | 90% | 160 as 182 tír | 2007 |



## Tír Chomhpháirteach
## An Mhaláiv

# AG TACÚ LE FEIRMEOIRÍ AR SEALBHÓIRÍ BEAGA IAD

Tá an Mhaláiv fós ar cheann de na tíortha is boichte ar domhan, le breis is leath dá daonra ag maireachtáil faoi bhun líne na bochtaineachta agus iad tearc-chothaithe go hainsealach agus 85% i mbun na feirmeoireachta leorchothaithí. Cé go ndéanann an talmhaíocht suas trí ceathrú den fhostaíocht iomlán agus 90% den tuilleamh airgid easpórtála, tá an earnáil ag brath go mór ar bharr bliantúil amháin d'arbhar buí, arna tháirgeadh i séasúr gairid de cheithre mhí báistí. Mar thoradh ar dhroch-chleachtais feirmeoireachta, tharla meath mór ar an talamh. Cibé scéal é, a bhuíochas le scéim fóirdheontas nuálaíoch d'fheirmeoirí beaga, curtha i bhfeidhm ag an Rialtas i 2006, agus le tacaíocht ó dheontóirí idirnáisiúnta, Éire ina measc, tháinig feabhas suntasach ar shlándáil bia, agus anois táirgeann an tír barrachas d'arbhar buí.

Sa bhliain 2009, dhírigh clár Chúnamh Éireann don Mhaláiv ar rialachas, ar bhia agus ar shlándáil cothaithe. Thóg an clár ar ghníomhaíochta ó ar tacaíodh leo in 2008, chomh maith le straitéis tíre a fhorbairt don tréimhse 2010 go 2014.

Tacaíonn Cúnamh Éireann le International Crops Research Institute for Semi-Arid Tropics (ICRISAT) sa Mhaláiv, trí mheán an Chláir Forbartha don Tionscal Síolta Inbhuanaithe, rud a chuireann síolta triomach-dhíonacha ar fáil do tháirgeadh píseanna talún, píseanna agus pónairíh. Ar cheann de chuspóirí tábhachtacha an chláir seo tá cuidiú le forbairt na ngnóthaí beaga talmhaíochta (talamhghnó), ionas gur féidir le feirmeoirí ar sealbhóirí beaga iad rochtain níos éasca a bheith acu ar shíolta agus ar leasúchán d'ardchaighdeán.

Réiteach eile ar fhadhbanna talmhaíochta na Maláive ná feirmeoireacht caomhantais. Tar éis tionscadal píolótach ar éirigh go maith leis sa bhliain 2008, tá Cúnamh Éireann ag soláthar tacaíochta leanúnaí do Chumann Náisiúnta Feirmeoirí Sealbhóirí Beaga na MaláiveAM) i gcur i bhfeidhan chláir náisiúntis a thugann spreagadh láidir maille le glacadh cleachtas talmhaíochta caomhantais agus argafhoraoiseachta i measc feirmeoirí ar sealbhóirí beaga iadad. Chuidigh na cleachtais seo le torthúlacht ithreach agus laghdaigh ar an tuilleamaíocht ar leasúcháin cheimiceacha.

De bhreis air sin, laghdaíonn tionscadail mhionscála uiscithe, chomh maith le hullmhúcháin fheabhsaithe do phátrúiin chorra aimsire, an baol ocrais. Seo feabhsúcháin thábhachtacha ó thaobh riachtanais bhia na tíre amach anseo;uar Réamh-mheastar go ndúblóidn daonra na Maláive faoin mbliain 2035.

Chuidigh Cúnamh Éireann freisin dul i ngleic le fadhb thromchúiseach an droch-chothaithe leanaí trhú bheith ag obair le roinnt gníomhaireachtaí, lena n-áirítear an tIonad Idirnáisiúnta Prátaí, chunhe cothú, táirgiúlacht na mbarr, éagsúlú agus slándáil ioncaim i dteaghlaigh thuaithe a fheabhsúde Tá clár á chur i bhfeidhm chun iontógáil Vitimín A agus iontógáil fuinnimh i measc máithreacha agus leanaí óga a mhéadú trí dháileadh níos fearr cineálacha éagsúla agus níos saoire prátTá agus tá an clár seo á chur i bhfeidhm i gcomhar leis an Aireacht Talmhaíochta, leis an gCoimisiún Forbartha Caitliceach sa Mhaláiv, Concern Universal, World Vision agus an clár Millennium Village.

Reáchtáladh toghcháin Uachtaránachta agus parlaiminte sa Mhaláiv i mí Bealtaine 2009. Ag obair i gcomhar le deontóirí eile amhail Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe agus Coimisiún Toghchánach na Maláive, thacaigh Cúnamh Éireann le huasdátú an liosta vótálaithe agus nuachóiriú ar an bpróiseas toghchánaíochtah.

**Eiseamláirí de thorthaí:**

- **Cuireadh leasúchán agus síolta feabhsaithe ar fáil do 1.6 milliún feirmeoir ar sealbhóirí beaga iad, agus mar thoradh air seo tá feabhas tagtha ar shlándáil bia agus cothaithe. Sa bhliain 2009, ní raibh ach 10% teaghlach faoi lé neamhshlándáil bia, i gcomparáid le 38% sa bhliain 2007.**

- **A bhuíochas le clár nua feabhsaithe curaíochta, bhí breis is 7,000 feirmeoir ar sealbhóirí beaga iad in ann a n-ioncam a dhúbailt agus rochtain bliana uile a chinntiú ar bhia dá dteaghlaigh.**

- **Dhearbhaigh breathnóirí idirnáisiúnta torthaí na dtoghchán Uachtaránachta agus Parlaiminte 2009. Toghadh as an nua trí ceathrú d'Fheisirí, agus mhéadaigh an céatadán díobh arb mná iad ó 14% go 22%.**

## Cás-staidéar
## Maláive

# SFM 1
# CUIDIÚ LE DÍOTHÚ NA DEARBH-BHOCHTAINEACHTA AGUS OCRAIS




Feirmeoir, Sharon Bomba, ar sealbhóir beag í, ag malartú dearbháin ionchuir feirme le haghaidh soláthairtí i siopa Peter

Ón mbliain 2003 i leith tá talamhghnó á reáchtáil ag an bhfear gnó talmhaíochta agus feirmeoir beag Peter Cornordi, ó Bua i gCeangar Kasungu. Fear pósta é, le naonúr clainne, agus ghlac sé páirt sa chlár fóirdheontais feirme Rialtais, a ndéanann Cúnamh Éireann ranníocaíocht leis. Faoin gclár seo cuirtear síolta agus leasúchán ar fáil d'fheirmeoirí beaga chun feabhas a chur ar shlándáil bia an teaghlaigh. Is fear gnó talmhaíochta den chéad scoth é a bhíonn ag feirmeoireacht freisin ar a ghabháltas beag féin, agus a tháirgeann roinnt barr éagsúil. Ina ghabháltas beag tá fógraí ar taispeáint chun fógraíocht a dhéanamh ar na barra atá ag fás, ionas gur féidir le Peter samplaí a thaispeáint dá chomharsana d'arbhar buí, de pónairí soighe, de phiseanna colúir, agus de phiseanna talún, arna bhfás ó shíolta agus a dháileann agus a dhíolann sé. Áiríonn siad seo dhá chineál piseanna talún atá galar-dhíonach agus a mholann an International Crops Research Institute for Semi-Arid Tropics (ICRISAT).

I mí na Nollag 2009, ghlac Peter páirt i gclár oiliúna a reáchtáil ICRISAT sa táirgeadh léagúim, an chéad cheann i sraith de mhodúil san eacnamaíocht, táirgeadh agus margaíocht talmhaíochta agus ceisteanna bainteacha díolacháin. Ar fhilleadh dó chuig Bua, chuir sé féin oiliúint ar fheirmeoirí ar sealbhóirí beaga iad i modhanna nua a d'fhoghlaim sé, agus thaispeáin sé dóibh conas cúlú a dhéanamh ar chaillteanas cothaitheach luachmhar ón ithir, chomh maith le cur le táirgiúlacht léagúim. Itheann gach duine sa Mhaláiv "nsima", bia áitiúil arna dhéanamh as arbhar buí, agus go minic is beag eile a bhíonn ar fáil. Ciallaíonn an t-easnamh bia cosúil le pónairí agus piseanna talún go mbíonn an aiste bia áitiúil easnamhach ó thaobh cothaithigh riachtanacha de.

Tá Sharon Bomba ar dhuine de na feirmeoirí beaga a bhain sochar as an infhaighteacht éasca soláthairtí feirmeoireachta cosúil le leasúchán, arbhar buí agus piseanna talún ó Peter Cornordi, a d'éascaigh an saol go mór di. Féadfaidh an bhean seo, atá 28 bliain d'aois, anois dearbhán fóirdheontais ionchuir a fuair sí anuraidh a mhalartú do phiseanna talún i siopa Peter, agus ciallaíonn seo nach gá di a thuilleadh aistir fhada a thaisteal chun nithe atá ag teastáil uaithi a fháil. Coinneoidh Sharon formhór a barr chun bia a thabhairt dá teaghlach de cheathrar agus chun éagsúlú a dhéanamh ar an n-aiste bia. Díolfaidh sí an fuílleach sa mhargadh áitiúil chun nithe riachtanacha a cheannach.

| Daonra | Céatadán den daonra ag maireachtáil ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae | Rangú ar Innéacs Forbartha na NA: | Tír chomhpháirteach ó |
|---|---|---|---|
| 20.2 milliún | 90% | 172 as 182 tír | 1996 |



## Tír Chomhpháirteach
## An Mhósaimbíc

# AG TACÚ LE DAOINE ATÁ AG MAIREACHTÁIL LE VEID AGUS SEIF

Bhí rátaí fáis thar na bearta sa Mhósaimbíc (ag beagnach 8% ar an meán idir 1993 agus 2008), tar éis cogadh cathrach uafásach a tháinig chun deiridh sa bhliain 1992. Cé go bhfuil an Mhósaimbíc fanta ar cheann de na tíortha is boichte ar domhan, rangaithe ag 172 as 182 tír ar Innéacs Forbartha Daonna na NA, d’fhás an OTI per capita ó €224 sa bhliain 2004, go €331 faoi dheireadh 2009. D’ainneoin moillithe a tharla mar thoradh ar an ngéarchéim idirnáisiúnta eacnamaíochta, bhí fás maith fós ann sa bhliain 2009 agus é ag 4.7%. Cibé scéal é, tá bochtaineacht leitheadach le breis is 90% rangaithe ina ndaoine bochta. Chomh maith leis sin, bíonn ar an Mhósaimbíc déileáil le fadhb dhíblithe VEID agus SEIF, cé go raibh comharthaí ann sa bhliain 2009 go raibh an ráta leitheadúlachta, atá ag 11.5% faoi láthair, ag cothromú.

Baineadh amach dul chun cinn nach beag san oideachas, réimse atá lárnach do laghdú na bochtaineachta, le méaduithe móra sa chlárú bunscoile agus sa tógáil scoile. Anois tá clárú 100% leanaí ar an mbunscoil. Ar na réimsí is mó tábhacht faoi láthair do Chúnamh Éireann tá feabhsú cháilíocht an bhunoideachais agus cur chun cinn oideachas na gcailíní. Tá comhionannas inscne bainte amach anois do chailíní ag dul leis an mbunoideachas.

Tá VEID agus SEIF anois ina mhórchonstaic i mbealach na forbartha fadtéarmaí sa Mhósaimbíc, mar a bhfuil an ráta leitheadúlachta VEID measta a bheith ag 11.5%. Tá Éire ag cuidiú leis an gcomhrac i gcoinne VEID agus SEIF ar roinnt bealaí éagsúla, go príomha trína tacaíocht do chlár tacaíochta earnáil sláinte an Rialtais i gcomhpháirt le Fondúireacht Clinton. Bhí méadú suaithinseach ann sa rochtain ar dhrugaí frithvíreasacha dóibh siúd atá ag maireachtáil le VEID ionas gur féidir leo saol níos gníomhaí a chaitheamh, agus fuair breis is 66,000 bean cóireáil chun tarchur ó mháthair go leanbh a chosc, i gcomparáid le 877 bean sa bhliain 2003. Seo toisc an mhéadaithe shuntasaigh i gclinicí a sholáthraíonn an chóireáil seo. Tacaíonn Cúnamh Éireann freisin le hEagraíochtaí Neamhrialtais atá ag obair ar chosc, cúram agus tacaíocht VEID, ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

Léiríonn staitisticí ón earnáil sláinte dul chun cinn freisin. Tá 90% de mhná anois ag fáil cúram réamhbhreithe arna sholáthar ag pearsanra oilte. I bProibhinse Niassa áit a bhfuil Cúnamh Éireann ag tacú le síneadh na seirbhísí riachtanacha sláinte trí oibrithe sláinte pobail, tá an líon breitheanna a bhfreastalaíonn pearsanra oilte orthu go maith os cionn an mheáin náisiúnta de 55%. Tá sé dearbhaithe anois go bhfuil an Mhósaimbíc saor ó lobhra.

Díríonn obair Chúnamh Éireann in earnáil na talmhaíochta ar fheabhas a chur ar dheiseanna margaidh d’fheirmeoirí ar sealbhóirí beaga iad, agus ar chur chun cinn seirbhísí sínte talmhaíochta. I bProibhinse Inhambane, áit a bhfuil Éire ag tacú le timpeallachtaí feabhsaithe gnó agus naisc mhargaidh d’fheirmeoirí le gabháltais bheaga, bhí méadú de 50% i dtáirgeadh caisiú i measc monarchana roghnaithe sa bhliain 2009, agus praghsanna níos fearr d’fheirmeoirí caisiú, roinnt mhaith ar mná iad.

Tá Éire ag tacú freisin le rialachas maith sa Mhósaimbíc. D’áirigh seo tacaíocht d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun monatóireacht a dhéanamh ar phleanáil agus ar bhuiséadú Rialtais agus chun páirt a ghlacadh ann.

**Eiseamláirí de thorthaí:**

- **Tá comhionannas inscne ann anois ar leibhéal na bunscoile le clárú cailíní ag 73%, thuas ó 70% sa bhliain 2007, agus mhéadaithe leibhéil chríochnaithe bunscoile na gcailíní ó 14% sa bhliain 1999 go 42%.**

- **Sa bhliain 2009, shroich líon na ndaoine ionfhabhtaithe le VEID atá ag fáil cóireáil fhrithvíreasach 170,000 duine, i gcomparáide le 10,000 sa bhliain 2003, agus bhí 222 clinic ag tairiscint cóireála, suas ó 12 sé bliana roimhe sin.**

- **Mhéadaigh líon na bhfeirmeoirí tacaithe trí sheirbhísí talmhaíochta feabhsaithe agus rochtain ar dheiseanna margaidh, ó thuairim is 285,000 sa bhliain 2007, go 378,000 sa bhliain 2009.**

## Cás-staidéar
## Mósaimbíc

# SFM 5
# FEABHSÚ SHLÁINTE NA MÁTHAR AGUS NA LEANAÍ NUABHEIRTHE SA MHÓSAIMBÍC



Técnico de Cirurgia, Silva Chironda, ag obair in ospidéal ceantair Buzi

Mar " Técnico de Cirurgia" nó altra liachta, reáchtálann Silva Chironda ospidéal ceantair Buzi i bproinbhinse Sofala. Ar na dualgais air tá riarachán, cúram othair agus máinliacht. Le déanaí bhí sé ina thiománaí otharchairr agus ina lia do Lurdes, a bhí ag iompar cúpla agus a raibh gá aici le cúram éigeandála cnáimhseach.

Gan an gearradh caesarach éigeandála a rinne Silva, seans go mbeadh an bhean óg, a bhí i dtinneas clainne ar feadh ceithre lá, tar éis bás a fháil.

Sa bhliain 1984, thug an rialtas isteach clár oiliúna trí bliana d'altraí ar mhian leo teicnící máinliachta a fhoghlaim. Bhí Silva Chironda ar dhuine de na haltraí sin. Tugtar "Técnicos de Cirurgia," freisin ar na soláthraithe meánleibhéil seo agus féadfaidh siad gnáthaimh mhóra mháinliachta a dhéanamh.


Sa Mhósaimbíc, fuair 473 bean as gach 100,000 bás agus iad i dtinneas clainne sa bhliain 2007. Eascraíonn ráta ard mortlaíochta máthar as córas sláinte a bhí lagaithe ag 15 bliana de chogadh cathrach agus easnamh mór acmhainní daonna oilte. Tá tuairim is 900 dochtúir sa Mhósaimbíc do dhaonra de 20 milliún. Ní reáchtáiltear ach 55% de bhreitheanna linbh in institiúidí sláinte. Tá an leibhéal is airde de mhortlaíocht máthar sna limistéir thuaithe áit ar ghá do mhná torracha aistir fhada a thaisteal chuig an ospidéal ceantair.

Is iad gearrthacha éigeandála caesaracha na hobráidí is coitianta a dhéantar sna ceantair. Cé go bhfágann gach dochtúir na hospidéil cheantair tar éis cúpla bliain, fanann 90% de na Técnicos de Cirurgia. Faoin mbliain 2007, sa Mhósaimbíc bhí 61 Técnicos de Cirurgia a dhéanann 90% de ghnáthaimh chnáimhseachais i limistéir thuaithe. Ní féidir SFM 5 maidir le feabhsú shláinte na máthar a bhaint amach ach má bhíonn feabhsúchán substainteach ann sa rochtain ar chúram cnáimhseachais ardchaighdeáin ar bhonn náisiúnta. Tá úsáid na Técnicos de Cirurgia ar cheann de straitéisí an Rialtais an Sprioc seo a bhaint amach.

Níl ioncam maith ag Técnicos de Cirurgia, cosúil le Silva, agus bíonn orthu iomarca oibre a dhéanamh, ach tá siad díograiseach agus is follasach go bhfuil siad ag coinneáil daoine beo, agus gur rogha chostéifeachtach seo chun méadú ar an rochtain ar chúram sláinte ardchaighdeáin sa Mhósaimbíc. Is constaic mhór fós an easpa bonneagair agus soláthairtí imleora.

Chuir Cúnamh Éireann €11 mhilliún ar fáil do bhuiséad stáit agus €14.8 milliún do chiste chiseán sláinte Mhósaimbíc sa bhliain 2009. Chuidigh seo cistiú a dhéanamh ar úsáid Técnicos de Cirurgia. Tá Cúnamh Éireann ag tacú freisin le tionscadal taighde faoin tionchar ag Técnicos de Cirurgia ar shláinte máthar agus leanaí nuabheirthe. Cuideoidh na torthaí dul i bhfeidhm ar an bplé faoi pholasaí maidir le húsáid na ngairmithe seo chun feabhas a chur ar shláinte máthar agus leanaí nuabheirthe ar leibhéal an cheantair ar fud Mhósaimbíc.

| Daonra | Céatadán den daonra ag maireachtáil ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae | Rangú ar Innéacs Forbartha na NA | Tír chomhpháirteach ó |
|---|---|---|---|
| 42 milliún | 96.6 | 151 as 182 tír | 1975 |



## Tír Chomhpháirteach
## An Tansáin

# DUL CHUN CINN I GCÚRAM SLÁINTE

Tá an Tansáin fanta ar cheann de na tíortha is cobhsaí go polaitiúil san Afraic. D'fhás Olltáirgeacht Intíre faoi isteach is amach le 7.8% sa bhliain idir 2001 agus 2008 sular thit sé go dtí 5% sa bhliain 2009, go páirteach mar thoradh ar an ngéarchéim dhomhanda eacnamaíochta. Léirigh Tuarascáil 2009 de chuid na NA ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise dul chun cinn ar chlárú sa bhunscoil, faoi mhortlaíocht leanaí faoi bhun aois a cúig agus mortlaíocht naíonán, agus leitheadúlacht VEID ag meath.

D'ainneoin sin, tá dúshláin shuntasacha ann don fhorbairt fós. Tá an Tansáin ar cheann de na tíortha is boichte ar domhan. Tá an t-ionchas saoil fós íseal ag 53 bliain d'aois d'fhir agus 56 do mhná. Agus an fás daonra bliantúil ag 2.9%, ceann de na rátaí is airde san Afraic, tá daonra na Tansáine ag fás níos mó ná aon mhilliún duine in aghaidh na bliana. Mar thoradh ar thriomach, go háirithe in áiteanna i dtuaisceart agus lár na tíre, tharla easnaimh bhia a d'imigh i gcion ar isteach is amach le 1.5 milliún duine.

Is í talmhaíocht an phríomhearnáil a mbíonn Cúnamh Éireann ag plé leis sa Tansáin, mar go bhfostaítear 80% den fhórsa oibre ann. Tá Cúnamh Éireann, maille le ceithre dheontóir eile, ag obair le Rialtas na Tansáine trí Chlár Forbartha Earnáil na Talmhaíochta (ASDP). Le linn 2009, mhéadaigh ASDP infhaighteacht síolta agus leasúcháin fheabhsaithe, chomh maith le cur leis na scéimeanna uiscithe talún. Léiriú ar a mhéid is atá Éire páirteach san earnáil talmhaíochta i gCeantar Arumeru ná an damba a thóg an pobal áitiúil, le tacaíocht ón gClár Domhanda Bia, an ASDP agus Eagraíocht Neamhrialtasach áitiúil Archdiocese of Arusha Integrated Development and Relief, gach ceann a fuair maoiniú ó Éirinn.

Ní féidir laghdú leanúnach bochtaineachta a bhaint amach gan dea-rialachas agus soláthar seirbhíse maith ar an leibhéal áitiúil. Tacaíonn Cúnamh Éireann leis an bpróiseas um leasú an rialtais áitiúil agus ar an gcóras deontais do chaipiteal forbartha. Tá an Tansáin ag feidhmiú go maith ó thaobh gach gné den rialachas de, le táscairí ó roinnt foinsí ag cur in iúl go bhfuil treocht dhearfach ann.

Cuireann Éireann agus deontóirí eile tacaíocht theicniúil agus pholasaí ar fáil don Aireacht Sláinte agus Leasa Shóisialaigh chun seirbhísí sláinte a neartú ar an leibhéal ceantair agus sráidbhaile.

Le blianta beaga anuas bhain ceantair sochar as méadú seasta ar chistí ó bhuiséad an Rialtais lárnaigh, trí chomhthiomsú acmhainní ó Chúnamh Éireann agus ó dheich gcinn de dheontóirí eile agus le bunú an Chomhchiste Athshlánaithe d'Údaráis Áitiúla. Tá sampla de straitéis fheabhsaithe sláinte náisiúnta agus pleanáil áitiúil le feiceáil i gCeantar Misungwi, a bhí in ann a chlinicí sláinte a athchóiriú, íoclanna sráidbhailte a uasghrádú, otharcharr a cheanna d'éigeandálaí, trealamh bunúsach a choinneáil agus foireann leighis cháilithe a earcú agus a choinneáil.

Meastar go mbainfear amach SFM 3, eadhon cur chun cinn an chomhionannais inscne, sa Tansáin faoin mbliain 2015. Baineadh amach comhionannas inscne i gclárú bunscoile, maille le rátaí níos airde clárúcháin san oideachas dara agus tríú leibhéal. Cibé scéal é, tá rátaí críochnaithe níos airde do bhuachaillí ná mar atá do chailíní.

Bíonn tionchar tromchúiseach diúltach ag an bhfadhb fhorleathan d'fhoréigean inscne-bhunaithe ar shaol na mban agus bíonn iarmhairtí suntasacha socheacnamaíochta aige. Sa bhliain 2009 a bhuíochas le maoiniú ó Éirinn don Eagraíocht Neamhrialtasach 'Mná sa Dlí agus Forbairt san Afraic', bhíothas in ann feachtas "16 Lá de Ghníomhaíochas" a reáchtáil i gcoinne an fhoréigin inscne-bhunaithe, den chéad uair, i ngach réigiún ar mhórthír na Tansáine.

**Eiseamláirí de Thorthaí:**

- **Sa bhliain 2009, cuireadh 21,500 heicteár sa bhreis le talamh a bhí á uisciú trí Chlár Forbartha Earnáil na Talmhaíochta de chuid Rialtas na Tansáine.**

- **Mhéadaigh an glan-chlárúchán sa bhunscoil ó 9% go dtí beagnach 100% idir 2000 agus 2007 agus mhéadaigh an líon cailíní ag fáil rochtana ar oideachas dara leibhéal faoi 20% idir 2008 agus2009.**

- **Tá an Tansáin rangaithe anois ar an 12ú háit as 53 tír san Afraic agus ar an dara tír san Afraic Thoir ar Innéacs Rialachais 2009[2]**

[2] Mo Ibrahim Index of African Governance, 2009

## Cás-staidéar
## Tansáine

# SFM 4
# AG CUIDIÚ SAN IARRACHT MORTLAÍOCHT LEANAÍ A LAGHDÚ SA TANSÁIN



Agnes Emmanuel lena mac John ag Ionad Sláinte Misasi
Griangraf: Danny Rowan

Bhí Agnes Emmanuel buartha faoi shláinte a mic, seacht mí d'aois, John. Ní raibh goile mhaith aige agus bhí sé cancrach. Mheas Agnes (23), go mb'fhéidir go raibh maláire air, agus d'iompair sí John seacht gciliméadar chuig an ionad sláinte in Misasi.

Thóg an fhoireann leighis sampla fola ó John agus rinne anailísiú air sa tsaotharlann. Dearbhaíodh go raibh maláire air. Tugadh cóir leighis frith-mhaláire dó agus thug Agnes abhaile é don téarnamh.

Bhain Agnes agus a leanbh sochar as an tseirbhís ag Ionad Sláinte Misasi, mar thoradh ar fheabhsúcháin arna gcur i bhfeidhm ag an Aireacht Sláinte, le cúnamh airgeadais agus teicniúil ó Éirinn agus ó dheich gcinn de dheontóirí eile.

Tá Misasi i gCeantar Misungwi in iarthuaisceart na Tansáine, cóngarach do Loch Victoria. Cúig bliana ó shin, ní raibh aon dochtúir leighis sa cheantar, a meastar daonra de 302,000 a bheith ann, agus ní raibh aon otharcharr ann ach oiread agus mar sin i gcás aon othair a raibh gá acu le hobráid bhí orthu taisteal tuairim is 100 ciliméadar chuig cathair Mwanza. Tharla feabhsúcháin ar an talamh, a buíochas le méadú ar an maoiniú sláinte, chomh maith le tacaíocht theicniúil agus pholasaí ón Aireacht Sláinte agus Leasa Shóisialaigh.

Bhí Misungwi in ann áiseanna sláinte a athchóiriú, uasghrádú a dhéanamh ar íoclanna sa sráidbhaile, otharcharr a cheannach d'éigeandálaí agus trealamh bunúsach a choinneáil, lena n-áirítear meaisín x-gha agus soláthairtí saotharlainne dá chlinicí. San iomlán anois tá 38 gcinn d'áiseanna sláinte ann, a áiríonn dhá ospidéal, ceithre ionad sláinte agus 32 íoclann sráidbhaile.

Bhí an ceantar in ann foireann cháilithe a earcú, lena n-áirítear dochtúir leighis d'Ionad Sláinte Misasi Health – an dochtúir céanna a chuir cóir leighis ar John. Tá dúshláin shuntasacha ann i gCeantar Misungwi lena n-áirítear leitheadúlacht ard VEID agus rátaí arda mortlaíochta naíonán agus máthar. Tá leath de na poist d'fhoireann chliniciúil agus de na háiseanna sláinte fanta folamh. Cibé scéal é, mar thoradh ar an dul chun cinn le cúig bliana anuas, arna thacú ag Éirinn, tháinig feabhas suntasach ar sheirbhísí don phobal.

| Daonra | Céatadán den daonra ag maireachtáil ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae | Rangú ar Innéacs Forbartha na NA: | Tír chomhpháirteach ó |
|---|---|---|---|
| 1.1milliún | 77% | 162 as182 tír | 2002 |



# Tír Chomhpháirteach
## Tíomór Thoir

# COBHSAÍOCHT A THÓGÁIL

Faoi láthair tá an Tíomór Thoir sa tréimhse is cobhsaí dá stair. Tá an staid pholaitiúil suaimhneach agus tá 100,000 teifeach, a bhí ina gcónaí i gcampaí sealadacha ó tharla an ghéarchéim slándála sa bhliain 2006, tar éis filleadh ar an mbaile. Tá fórsa póilíní náisiúnta tar éis dul i mbun dualgais. Tá an fhorbairt eacnamaíochta follasach sa phríomhchathair Dili, ach níl chomh follasach céanna sna proibhinsí.

Is é an Tíomór Thoir fós an tír is boichte san Áise, le dúshláin shuntasacha ann sna réimsí bonneagar, seirbhísí sláinte, slándáil bia agus fostaíocht. Cibé scéal é, cheadaigh an staid fheabhsaithe slándála le dhá bhliain anuas don Rialtas agus do dheontóirí díriú ar shaincheisteanna forbartha.

Le linn 2009, lean Cúnamh Éireann ag obair leis an Rialtas chun institiúidí nuachruthaithe a dhaingniú sa stát. Ranníocann Cúnamh Éireann le comhchiste deontóirí a chuidíonn leis an Aireacht Airgeadais Ciste Peitriliam Thíomór Thoir a bhainistiú ar bhealach trédhearcach éifeachtach cuntasach. Rinneadh cuíchóiriú ar an bpróiseas buiséadaithe do 2010 agus foilsíodh an buiséad de réir sceidil.

Oibríonn Cúnamh Éireann freisin leis an rialtas áitiúil agus le heagraíochtaí pobail, go príomha lasmuigh de Dili, chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhísí bunúsacha, amhail bóithre, cúram sláinte agus uisce, do phobail tuaithe. Ag obair i gcomhar leis an Rialtas agus leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, thacaigh Cúnamh Éireann freisin le clár a raibh an-rath air de thógáil dlúthshaothair bóithre. Faoin gclár seo oiltear conraitheoirí áitiúla freisin i gcothabháil bóithre chun freastal ar an bpobal do na blianta amach romhainn.

Ar na tosaíochtaí tá cruthú post do mhná agus do dhaoine óga – agus tá seo ríthábhachtach chun coinbhleacht a chosc. Cruthaíodh breis is milliún lá oibre sa bhliain 2009, 30% díobh do mhná. Bíonn Cúnamh Éireann ag obair i gcónaí leis an Rúnaí Stáit do Chur Chun Cinn an Chomhionannais (SEPI) agus bhí tionchar aige seo go háirithe ar chur chun cinn an chomhionannais inscne.

Tá cobhsaíocht Thíomór Thoir fós íogair. Tá Aonad Réitigh Coinbhleachta Rialtas na hÉireann (CRU), cosúil le Cúnamh Éireann, bunaithe sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, ag obair le Tíomór Thoir le páirtithe eile agus leis an Rialtas chun dul i ngleic le fadhbanna agus déileáil le leagáid na gcoinbhleachtaí a tharla roimhe seo. Chuir CRU maoiniú de €1 mhilliún ar fáil sa bhliain 2009. Tá comhtháthú chláir réitigh coinbhleachta agus chláir forbartha na hÉireann ag cuidiú stát cobhsaí rathúil a thógáil sa Tíomór Thoir.

**Eiseamláirí de thorthaí:**

- **Sa bhliain 2009, tugadh tús áite do chur chun cinn an chomhionannais inscne ag ullmhú do bhuiséad 2010 sna haireachtaí líne, agus le dlí nua a ritheadh a dhéanann coir den fhoréigean sa teaghlach.**

- **Cruthaíodh beagnach 20,000 post páirtaimseartha , 30% do mhná agus 59% do dhaoine óga, trí chlár ard-rathúil de thógáil dlúthshaothair bóithre, mar ar athchóiríodh breis is 150 ciliméadar de bhóithre tuaithe;**

- **A bhuíochas le bainistiú feabhsaithe airgeadais náisiúnta tá an Rialtas ag leithdháileadh deich n-uaire níos mó seirbhísí bunúsacha, cosúil le bóithre agus uisce glan, ná mar a bhí sa bhliain 2005**



## Cás-staidéar
## Tíomór Thoir

# ♀ SFM 3 AG CUR CHUN CINN AN CHOMHIONANNAIS INSCNE



Comhairleoir inscne Fransisca Asis le feirmeoir sa Tíomór Thoir
Griangraf: Kanchan Lama


Fransisca Asis is ainm dom agus oibrím leis an Aireacht Talmhaíochta agus Iascaigh (MAF). Sa Tíomór Thoir, tá isteach is amach le 85% duine fostaithe sa talmhaíocht, a bhformhór ina bhfeirmeoirí leorchothaitheacha. Toisc go bhfuil an talamh sléibhtiúil agus gur droch-ithir atá ann tá sé deacair ar na feirmeoirí a dteaghlaigh a chothú, agus is fadhb mhór anseo an míchothú. Déanann mná roinnt mhaith den obair feirmeoireachta, chomh maith leis an teaghlach a reáchtáil, agus mar sin tá sé ríthábhachtach go gcuirfeadh an Aireacht Talmhaíochta i bhfeidhm polasaithe atá íogair ó thaobh inscne
Nuair a ceapadh mise den chéad uair i mo Phointe Teagmhála san Aireacht, ní fhaca mé an nasc idir éagothroime inscne agus talmhaíocht. Ceapadh Comhairleoir Idirnáisiúnta Inscne, ámh, darb ainm Kanchan, le tacaíocht ó Chúnamh Éireann, trí mheán Chiste Forbartha na NA do Mhná (UNIFEM). Lena tacaíocht, tháinig mé ar an tuiscint gur féidir le comhionannas tionchar dearfach a bheith aige ar thalmhaíocht agus feabhas a chur ar shlándáil bia ag leibhéal an teaghlaigh, ar chothú agus ar shláinte, chomh maith le hioncam a ghiniúint.

Le cúnamh an Chomhairleora Inscne, tá an Aireacht Talmhaíochta agus Iascaigh tar éis pleanáil inscne a ionchorprú ina phróiseas pleanála. Ceapadh lámhleabhar traenála faoi chomhionannas inscne sa talmhaíocht, agus earcaíodh 23% d’fhoireann allamuigh talmhaíochta ón Aireacht agus oileadh iad chun comhionannas inscne a chur chun cinn. Táimid tar éis caidrimh láidre a bhunú leis an Rúnaí Stáit do Chur Chun Cinn an Chomhionannais agus leis an scátheagraíocht ban náisiúnta agus i gcomhar lena chéile chinntíomar go mbeadh peirspictíocht inscne sa Pholasaí Náisiúnta um Shlándáil Bia.

Anois tá Pointí Teagmhála Inscne againn ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an cheantair arna cheapadh ag an Aire Talmhaíochta, agus go hinmheánach ghlac an Aireacht Talmhaíochta céimeanna chun ardú céime a thabhairt do bhaill foirne baineanna mar Chinn Rannóige. Tá mise anois ag obair mar Cheann Rannóige sa Rannóg um Chóras Faisnéise Geografaí faoi Thalamh Feirmeoireachta.

Mar thoradh ar na polasaithe nua atá íogair ó thaobh inscne de, chuir an Aireacht cúnamh teicniúil ar fáil agus tarracóirí láimhe do 1,202 grúpa talmhaíochta ban, agus fuair breis is 6,000 bean cúnamh saor in aisce chun cuidiú leo gabháltais bheaga a fhorbairt agus bia a thabhairt dá dteaghlaigh. Tá dréacht scríofa ag an Aireacht freisin de Pholasaí Comhionannais Inscne agus reáchtálfaidh anailís inscne ar a aighneacht bhuiséid 2011.

| Daonra | Céatadán den daonra ag maireachtáil ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae | Rangú ar Innéacs Forbartha Daonna na NA | Tír chomhpháirteach ó: |
|---|---|---|---|
| 31 milliún | 75.6% | 157 as 182 tír | 1994 |



## Tír Chomhpháirteach: Uganda

# AG CUR CHUN CINN NA COSANTA SÓISIALTA

Cuireadh an bonn faoi shíocháin agus slándáil arís d'fhormhór Uganda sa bhliain 2009 agus d'fhill tuairim is 80% de na daoine a dí-áitíodh ag cogadh i dTuaisceart Uganda ar an mbaile arís.   D'ainneoin an choir chun donais domhanda, lean an eacnamaíocht le fás dearfach láidir ag 5.6% agus meastar go méadóidh rátaí fáis sa chúig bliana amach romhainn. Aimsíodh fosuithe móra ola in Iarthar Uganda, agus d'fhéadfadh na fáltais ón ola seo, dá ndéanfaí bainistiú maith air, tionchar suntasach a imirt ar leibhéil bhochtaineachta.  Sa bhliain 2009, fuair Uganda ballraíocht i  gComhairle Slándála na NA agus bhí páirt ghníomhach ag trúpaí Uganda sa mhisean síochánaíochta Afracach sa tSomáil.

Tá dúshláin shuntasacha fanta, ámh. Maireann 7 milliún duine fós faoi bhochtaineacht ainsealach. Tabharfar dúshlán don daonlathas roimh na toghcháin i 2011 agus ina ndiaidh. Is gné fós den idirphlé idir Rialtas Uganda agus páirtithe idirnáisiúnta roinnt saincheisteanna faoi chearta daonna. Tá an tír fós oscailte do choinbhleacht.

Ar na gnéithe atá lárnach i laghdú na bochtaineachta tá an t-oideachas, agus chuidigh tacaíocht Chúnamh Éireann don earnáil oideachais méadú ar líon na gclárúchán sa bhunscoil le linn 2009. Sa réigiún is boichte de Uganda, Karamoja, lean Cúnamh Éireann ag tacú leis an Oideachas Dara Leibhéal agus le Clár Oiliúna, a áiríonn tógáil seomraí ranga, saotharlann, leabharlann, leithreas agus pointí uisce i 13 institiúid. Sheol an tAire Oideachais agus Spóirt i gcomhar le hAmbasadóir na hÉireann aon cheann déag d'institiúidí críochnaithe i mí Mheán Fómhair 2009.

Tá Cúnamh Éireann ag cuidiú le feabhsú rannpháirt leanaí leochaileacha san oideachas dara leibhéal in Karamoja trí scéim sparánachta . San iomlán tá 720 scoláire ag baint sochair as an scéim agus bronnadh 65% de na sparánachtaí ar chailíní.

Dara tosaíocht do Chúnamh Éireann in Uganda ná VEID agus SEIF. Leanadh leis an tacaíocht do chosc VEID agus SEIF le linn 2009, i gcomhar le deontóirí eile. D'áirigh seo cúnamh do bhreis is 41,000 dílleachta agus leanbh leochaileach, soláthar comhairleoireachta agus tástáil do bhreis is 150,000 duine, agus cúnamh do bhreis is 2,300 bean torrach chun tarchur idir máthair agus leanbh a chosc.

Réimse nua tábhachtach le linn 2009 ba ea an chosaint shóisialta, a chuireann an deis ar fáil do theaghlaigh bhochta, éalú ón mbochtaineacht ainsealach. Ceapadh clár píolótach idir Rialtas Uganda, Cúnamh Éireann agus Roinn na RA don Fhorbairt Idirnáisiúnta a mbeidh i gceist leis go ndéanfar airgead a aistriú chuig teaghlaigh bhochta in ocht gceantar. Díreoidh tacaíocht na hÉireann ar 16,500 teaghlach bocht in Karamoja. Bhí ról mór ag Cúnamh Éireann i stocaireacht rathúil go n-áireofaí cosaint shóisialta mar thosaíocht pholasaí sa Phlean Nua Forbartha.
Ar na crainn taca is mó inár n-obair in Uganda tá daingniú an rialachais. Baintear seo amach trí idirphlé leis an Rialtas, cúnamh spriocdhírithe airgeadais dírithe ar dhaonlathas a chur chun cinn, forlámhas an dlí, agus an comhrac in aghaidh na caimiléireachta. Tá rochtain ar cheartas fós ina dhúshlán mór, go háirithe do dhaoine bochta. Le tacaíocht Chúnamh Éireann, cuireadh cúnamh dlí ar fáil do 5,911 Ugandach bocht faoi mhíbhuntáiste. . Chuidigh tacaíocht Chúnamh Éireann leis an tseirbhís chomhairleach dlí laghdú ar an bplódú sna príosúin.

D'oibrigh Cúnamh Éireann go dian le Rialtas Uganda chun leasuithe reachtaíochta atá sofhreagrach d'inscne a spreagadh, go háirithe i ndáil le foréigean inscne-bhunaithe, agus breithniúcháin inscne a phríomhshruthú i bpleananna agus i bpolasaithe náisiúnta.

**Eiseamláirí de thorthaí:**

- **Bhí méadú 9% ar an gclárúchán iomlán sa bhunscoil ó 7.5 milliún scoláire sa bhliain 2008 chuig 8.2 milliún sa bhliain 2009. I réigiún Karamoja athchóiríodh 11 bhunscoil agus 2 institiúid oiliúna múinteoirí, agus bronnadh sparánachtaí ar 1,000 scoláire a bhí an-bhocht.**
- **Seasann ráta leitheadúlachta VEID faoi láthair ag 6.4% i gcomparáid le 18% sna 1990í. Tá 150,000 duine ag rochtain cóireáil fhrithvíreasach, cuireadh eolas coisctheach ar fáil do 88,000 duine agus tá 41,000 dílleachta ag fáil cúraim.**
- **Ar na mór-ghnóthachtálacha le linn 2009 bhí rith reachtaíochta faoi fhoréigean inscne-bhunaithe, fadhb atá eindéimeach in Uganda. Tá sé beartaithe go ndéanfadh an reachtaíocht seo difríocht shuntasach do shaol na mban in Uganda.**

## Cás-Staidéar
## Uganda

# SFM 1 AG CUIDIÚ SAN IARRACHT DEARBH-BHOCHTAINEACHT A DHÍOTHÚ I DTUAISCEART UGANDA



Agnes Auma, ar bronnadh sparánacht Chúnamh Éireann uirthi.
Griangraf: Amy Rose McGovern

Is sochar é an t-oideachas bunscoile saor in aisce a bhfuil luach thar an bearta ag leanaí Ugandacha air. Cuireann Rialtas Uganda, le tacaíocht ó Éirinn agus ó dheontóirí eile, é seo ar fáil do chách. Cibé scéal é, má chuireann tú an cheist ar leanbh Ugandach conas a mbeidh siad in ann íoc as oideachas dara leibhéal, freagróidh siad 'le han-deacracht'. Is dúshlán leanúnach é airgead a aimsiú do tháillí scoile i dtír ina bhfuil an bhochtaineacht ina fhírinne laethúil.

Tá Clár Chúnamh Éireann ag cuidiú le laghdú bochtaineachta i dTuaisceart Uganda, réigiún a loiteadh toisc an chogaidh 20 bliain idir Rialtas Uganda agus Lord's Resistance Army. Agus téarnamh anois ar bun, tá ról ríthábhachtach ag an oideachas dara leibhéal i dtógáil acmhainne daonna sa réigiún.

Cuireann Tionscnamh Sparánachta Oideachais Acholi rochtain ar fáil ar an oideachas dara leibhéal saor in aisce do leanaí a ndeachaigh an cogadh i gcion orthu i dTuaisceart Uganda. I gcás gach linbh atá ag baint fónaimh as an scéim d'fhás siad aníos faoi dhearbh-bhochtaineacht. D'fhulaing siad tráma freisin, le scéalta faoi fhuadach agus foréigean an-chomónta ina measc. San iomlán tá 175 leanbh ag baint sochair as an tionscnamh agus spreagtar cailíní ach go háirithe cur isteach air.

Tá Agnes Auma 16 bliana d'aois. Sa bhliain 2008, bhronn Cúnamh Éireann sparánacht ar Agnes chun freastal ar an dara leibhéal. Is cuimhin le Agnes an lá ar thug comharsa léi an scéala chuici go raibh sparánacht á bronnadh uirthi. Gan aon airgead chun íoc as táillí cuireadh í as an scoil ar feadh trí mhí, agus mar sin bhí áthas an domhain uirthi agus is cuimhin léi damhsa ar feadh an lae. Tá Agnes ar dhuine d'ochtar leanaí agus an t-aon duine ina teaghlach ar éirigh léi an dara leibhéal a shroicheadh. Bhí an cogadh an-trámach dá teaghlach - mar ar maraíodh a hathair agus mar ar fhuadaigh na reibiliúnaigh a dearthair.

Cuireann an scéim sparánachta táillí scoile ar fáil di, éide scoile, soláthairtí scoile agus roinnt bunriachtanas. Cuirtear freisin iompar ar fáil di chun freastal ar thacaíocht baile agus shíceolaíoch, cosúil le treoir agus comhairleoireacht. Nuair a iarrtar uirthi conas a d'imigh an sparánacht seo i bhfeidhm ar a saol, deir sí nach mbeadh sí, cosúil lena siblíní, ina ann freastal ar an scoil ina éagmais. Tugann an deis seo an seans di dul ar thóir a brionglóide – bheith ina dochtúir.

| Daonra: | Céatadán den daonra ag maireachtáil ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae: 48% | Innéacs Forbartha Daonna: | Clárthír ó: |
|---|---|---|---|
| 86 milliún | | 116 as 182 tír | 2007 |



## Tír chomhpháirteach
## Vítneam

# AG FORBAIRT NA HEARNÁLA PRÍOBHÁIDÍ

Tá Vítneam cobhsaí go polaitiúil agus go heacnamaíoch, agus ag coinneáil leibhéal láidir d'fhás eacnamaíochta agus tá sé ag gluaiseacht i dtreo stádas meánioncaim ag ráta níos tapúla ná aon tír chomhpháirteach eile a mbíonn Éire ag obair léi. Baineadh amach laghduithe suaithinseacha bochtaineachta – ó 20% sa bhliain 2005, go dtí 10% measta sa bhliain 2010. Cibé scéal é, tá Vítneam fós ina thír bhocht le breis is aon mhilliún déag duine ag maireachtáil faoi bhun líne na bochtaineachta sa bhliain 2009.

Chuidigh comhtháthú domhanda agus go háirithe ballraíocht san Eagraíocht Dhomhanda Trádála roinnt mhaith daoine i Vítneam a ardú as an mbochtaineacht.. Cé gur bhain an tír sochar as rochtain ar mhargaí domhanda, ámh, tá sí anois oscailte do thurraingí domhanda eacnamaíochta agus d'éagothroime méadaithe. D'fhulaing Vítneam roinnt imeachtaí dian-aimsire sa bhliain 2009 agus tá sí ar an gcúigiú tír is leochailí ó thaobh éifeachtaí an théimh dhomhanda ar domhan.

Bhí fócas Chúnamh Éireann i Vítneam ar laghdú na bochtaineachta agus ar an éagothroime trí chláir arna ndearadh chun soláthar seirbhísí bunaidh a dhaingniú agus cosaint shóisialta a sholáthar do na hearnálacha is leochailí den tsochaí. Ar na príomhthosaíochtaí eile tá cur chun cinn na forbartha eacnamaíochta cuimsithí, fás na gníomhaíochta eacnamaíochta agus na fostaíochta san earnáil phríobháideach agus feabhsú chuntasacht an Stáit dá shaoránaigh.

. Tá Cúnamh Éireann ag tacú leis an gClár do Mhionlaigh Eitneacha, a bunaíodh chun cuidiú leis na pobail is boichte i Vítneam. Cuirtear an clár seo, ar íoc Cúnamh Éireann €7milliún isteach ann sa bhliain 2009, i bhfeidhm i 1,848 común agus 3,274 sráidbhaile i 47 proibhinse. Tríd is tríd, fuair cláir i bhfabhar na mbochtán i Vítneam maoiniú ó Chúnamh Éireann dar luach breis is €9 milliún sa bhliain 2009.

Beidh forbairt earnála príobháidí atá dinimiciúil ríthábhachtach do rathúnas eacnamaíoch Vítneam amach anseo agus do bhogadh i dtreo stádas meánioncaim. Dhírigh Éire a tacaíocht sa réimse seo ar aistriú eolais, agus rannpháirtíocht le príomh-institiúidí i réimsí cosúil le sláinte, an earnáil príobháideach agus rialachas eacnamaíochta.

San earnáil sláinte, mar thoradh ar Thionscnamh Éire-Vítneam do Víreas Fuil-Iompartha, idir Saotharlann Náisiúnta Víreas na hÉireann in UCD, agus an Institiúid Náisiúnta Sláinteachais agus Eipidéimeolaíochta (NIHE) in Hanoi, bunaíodh áiseanna diangnóiseacha sofaisticiúla chun víris fuil-iompartha a dhiagnóisiú ag NIHE.

Leanadh le seirbhísí speisialaithe comhairleacha chun tacú le Rialtas Vítneam agus a earnáil libreálaithe agus an clár oibre fáis trí mheán Shaoráid Ildeontóra Earnáil Phríobháideach Mekong. Sa bhliain 2009, bhí cuairteanna malartacha idir Éirinn agus toscaireachtaí ó Lao agus Cambodia, le fócas ar leith ar Shaincheantair Eacnamaíochta agus turasóireacht. Ar na cláir b'uaillmhianaí ag Cúnamh Éireann do thógáil acmhainne – clár um Roinnt Eispéiris Forbartha na hÉireann (IDEAS) – agus leanadh á fhairsingiú sa bhliain 2009.

Forbraíodh clár IDEAS ar iarratas ó Rialtas Vítneam. An cuspóir atá leis ná eispéireas na hÉireann ar ghnó san earnáil phríobháideach agus phoiblí agus forbairt eacnamaíochta a roinnt le Vítneam trí aistriú eolais ó institiúidí Éireannacha cosúil leis an mBanc Ceannais, an ESRI agus an Rialtóir Airgeadais agus trí mhalairt oideachais iarchéime le Scoil Ghnó Smurfit UCD.
Sa bhliain 2009 b'ionann an tacaíocht a thug Cúnamh Éireann do Vítneam, lena n-áirítear maoiniú de €1 mhilliún do thionscadail sa Chambóid agus Laos, agus €14.75 milliún.

**Eiseamláirí de thorthaí:**

- **Bhain Vítneam amach laghduithe suntasacha i rátaí bochtaineachta – ó bhreis is 20% sa bhliain 2006, go dtí níos lú ná 13% sa bhliain 2009. Sa tréimhse chéanna laghdaigh Clár 135 Céim II Vítneam, a fhaigheann leath de mhaoiniú foriomlán Chúnamh Éireann, leibhéil bhochtaineachta sna phobail eitneacha is boichte ó 47% go 30%.**

- **Sa bhliain 2009, bunaíodh saoráid náisiúnta shofaisticiúil do thaighde ar víris fuil-iompartha, mar thoradh ar chomhoibriú idir Saotharlann Náisiúnta Víreas na hÉireann agus Institiúid Náisiúnta Sláinteachais agus Eipidéimeolaíochta in Hanoi. Úsáidtear obair an ionaid mar bhonn eolais do pholasaithe sláinte pobail i Vítneam i ndáil le víris fuil-iompartha, agus VEID agus SEIF go háirithe.**

## Cás-staidéar
## Vítneam

# SFM 6
# TACAÍOCHT DON CHOMHRAC IN AGHAIDH VEID AGUS SEIF



Ceardlann chomhoibritheach HOPE i bproibhinse Thai Binh
Griangraf: Le Viet Hung

Agus í ag brú ar throitheán a meaisín fuála, brostaíonn Tran Thi Hoa chun seaicéad deireanach an lae a chríochnú. Teastaíonn uaithi an clinic sláinte ceantair a shroicheadh dá cóir leighis frith-aisvíreasach sula ndúnann sé. Seo a tríú mí ag obair le ceardlann chomhoibritheach HOPE. I gcomhar lena 38 comhoibrí, a bhformhór ar mná iad, d'athraigh an saol go hiomlán do Hoa ó chuir sí oiliúint ghairme i gcrích agus nuair a fuair sí post mar tháilliúir.


Is cuimhin le Hoa an lá a fuair sí a céad phá. "1.2 milliún Dong (cothrom le €46 sa mhí) – agus seo níos airde fiú ná ioncam feirmeoireachta. Tá tuarastal seasta agam anois chun cuidiú liom aire a thabhairt do mo mhac". Ina baile i gcomún Dong Hop, tá Hoa anois ina heiseamláir de bhean atá VEID-dearfach atá ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí eacnamaíochta agus ag baint sochair astu.

Is áis ar leith sa cheantar é comharchumann HOPE, atá lonnaithe i bproibhinse Thai Binh, 100 ciliméadar ó Hanoi, sa mhéid gur bunaíodh é agus go bhfuil sé bainistithe anois ag grúpa daoine atá ag maireachtáil le VEID. Is é Pham Cong Chuan, atá VEID dearfach é féin, atá i gceannas an chomharchumainn. Bhunaigh Chuan líonra tacaíochta HOPE do dhaoine atá ag maireachtáil le VEID. Tá an tasc deacair ag Chuan fostaíocht agus tuarastal a dhearbhú do 38 oibrí. "Gan tacaíocht airgeadais ó Chúnamh Éireann, ní bheadh sé indéanta mo bhrionglóid agus brionglóid an iliomad daoine eile a fhíorú".

Tá comharchumann HOPE tacaithe ag páirtí áitiúil Chúnamh Éireann, an tIonad do Shláinte Pobail agus d'Fhorbairt, faoi dheontas na sochaí sibhialta. Tacaíonn an tionscadal le roinnt cur chuige nua i leith na cosanta sóisialta agus cumhachtaithe do theaghlaigh atá faoi lé VEID agus SEIF. Trí ghluaiseacht ó leasa go freagraí slite beatha, an aidhm atá leis ná coinníollacha maireachtála a fheabhsú agus comhrac i gcoinne an stiogma. Bíonn coinní seachtainiúla ag fostaithe le dochtúirí chun cóir leighis frith-aisvíreasach a fháil. Éascaítear a rochtain ar chúram sláinte trí uaireanta oibre solúbtha. De bhreis air sin, tugann líonra HOPE iasachtaí beaga do 48 teaghlach atá VEID-dearfach, nach mbeadh fáil acu ar chreidmheas seachas sin.

Le comh-iarrachtaí gach baill, tacaíocht láidir ó údaráis áitiúla agus pobail áitiúla, agus díolúintí áirithe cánach, leanfaidh HOPE ag fás agus cuirfidh guth tábhachtach ar fáil do dhaoine agus do phobail le VEID. "Bhí comharchumann HOPE ar an gcéad ghrúpa i Vítneam a chuidigh le daoine a bhfuil VEID acu stádas iomlán dlí a fháil ", a deir Chuan agus é lán le bród.

| Daonra | Céatadán den daonra ag maireachtáil ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae | Rangú ar an Innéacs Forbartha Daonna: | Tír chomhpháirteach ó: |
|---|---|---|---|
| 13 mhilliún | 81% | 164 as 182 | 1980 |



## Tír Comhpháirteach
## An tSaimbia

# AG FEABHSÚ NA ROCHTANA AR OIDEACHAS DO NA LEANAÍ IS BOICHTE

Bhí ar an tSaimbia aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shuntasacha le daichead bliain anuas ó fuair an tír a neamhspleáchas sa bhliain 1964. Ar na nithe a chuir le héagobhsaíocht dhomhain eacnamaíochta agus shóisialta bhí míbhainistíocht eacnamaíochta, dian-luaineachtaí i bpraghas copair (a dhéanann suas 80% d'easpórtálacha náisiúnta) agus teacht isteach breis is 280,000 teifeach ó thíortha comharsanachta, agus paindéim VEID agus SEIF a raibh milliún bás mar thoradh air.

Chonacthas fíordhul chun cinn le blianta beaga anuas, ámh. Ó 2005, shroich rátaí fáis 6% ar an meán d'ainneoin na géarchéime airgeadais domhanda, agus mhéadaigh an t-ionchas saoil ó  37 go 44.5 bliain ó 2003. Léiríonn an Tuarascáil is déanaí faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise gur dócha go sroichfear spriocanna 2015 maidir le hocras, oideachas, inscne agus VEID agus SEIF, agus tá an poitéinseal ann na spriocanna eile a bhaint amach, ach amháin inbhuaine chomhshaoil.

Sa bhliain 2009, chuir Éire beagnach €25.5 milliún ar fáil don tSaimbia, agus cuireadh €22.8 milliún de sin ar fáil trí chlár déthaobhach tíre, le maoiniú breise á sholáthar trí pháirtithe sa tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí misinéireachta. Ar na mórshnáitheanna inár dtacaíocht díríodh ar rochtain a fheabhsú ar an oideachas, go háirithe do na leanaí is leochailí. Tríd is tríd, rinneadh dul chun cinn maith. Cláraíodh 360,000 breise ar scoil ó 2006, agus mhéadaigh líon na seomraí ranga breise a tógadh gach bliain go 1,500 i gcomparáid le 250 i mblianta roimhe sin.

Mar a tharlaíonn i roinnt mhaith tíortha atá ag forbairt, tá dúshláin ann don tSaimbia i réimse an rialachais, Cuireann Cúnamh Éireann tacaíocht ar fáil don Pharlaimint, do chúig cinn déag de stáisiúin raidió agus roinnt Eagraíochtaí neamhrialtasacha, i bhfeachtas chun cuntasacht rialtais a chur chun cinn. Tá Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Choiste Cuntas Poiblí i Saimbia, mar shampla, ag tús cadhnaíochta sa chomhrac ar son na cuntasachta níos fearr airgeadais. Is fianaise an dul chun cinn a rinne Saimbia ó bheith ag an 115ú háit go dtí an 99ú háit as 180 tír ar an Innéacs Dearcadh Caimiléireachta Domhanda de fheabhsúchán sa réimse seo.

Ní i gcónaí a théann an fás eacnamaíochta a tharla le déanaí chun sochair na ndaoine is boichte agus is leochailí sa tsochaí agus cheap Rialtas na hÉireann i gcomhar le Rialtas na Saimbia cur chuige tríreach a spriocdhíríonn ar chosaint shóisialta. VEID agus SEIF, agus comhionannas inscne. Is cúis áthais iad na torthaí.

**Achieving results:**

- **Mhéadaigh an líon daoine bochta agus leochaileachta ag fáil aistrithe airgid shóisialta ó 1,027 sa bhliain 2004 go 11,654 faoi 2009.**
- **Thit leitheadúlacht VEID agus SEIF i measc daoine dar aois 15-49 ó 16.4% sa bhliain 2002 go 14.3% sa bhliain 2007.**
- **Sa bhliain 2009 bhí2,500 seomra ranga sa bhreis á dtógáil agus d'earcaigh an Rialtas 5,000 múinteoir breise, ag tabhairt tús áite do na ceantair is iargúlta**



## An tSaimbia
## Cás-staidéar

# SFM 2
# AG TACÚ LE HOIDEACHAS DO CHÁCH DAOINE ÓGA I GCEANTAIR THUAITHE NA SAIMBIA



Naomi Isaac, scoláire i scoil phobail Maxamaedi.
Griangraf: Aidan Mulkeen

Is scoláire Grád a Cúig í Naomi Issac, atá ceithre bliana déag d aois, agus freastalaíonn sí ar scoil cóngarach dá baile i gceantar Senanga, áit a gcónaíonn sí lena máthair, a triúr deartháireacha agus a deirfiúr. Tá Naomi tiomanta de oideachas bunscoile maith a fháil mar gur mhaith léi freastal ar an iar-bhunscoil agus ar deireadh thiar cáiliú ina banaltra.

Thóg an pobal áitiúil in Maxamaedi an scoil, a bhfuil ballaí láibe aige, ceann tuí agus dhá sheomra ranga do na gráid níos ísle. Toisc easpa spáis, baintear úsáid as córas uainíochta chun freastal ar na 176 scoláire. Fós féin, sa mhéid gur bunaíodh an scoil sa bhliain 2003, tá roinnt mhaith de na scoláirí tar éis dul ar aghaidh chuig an meánleibhéal bunaidh i scoileanna eile, agus roinnt fiú tar éis oideachas ardleibhéil bunaidh a chur i gcrích.

Nuair a fuair an tSaimbia a neamhspleáchas sa bhliain 1964, ní raibh ach 50% de leanaí cláraithe don scoil, agus níor chuir ach 10% den líon sin an bhunscoil i gcrích. Sna blianta roimh 2000, níor thacaigh Rialtas na Saimbia a dhóthain le hoideachas, agus ní fhéadfadh ach scoláirí a bhí in ann íoc as táillí freastal ar scoil. Sa bhliain 2002, le gealltanais de thacaíocht ó dheontóirí, chuir an Rialtas deireadh le táillí do fhreastal ar bhunscoil agus mar sin d fhairsingigh an clárúchán go mór. Idir 2000 agus 2008, d fhás clárúchán sa bhunoideachas faoi 1.3 milliún leanbh.

Freastalaíonn formhór na scoláirí breise seo ar scoileanna pobail; de ghnáth scoileanna a tógadh ar chostas íseal agus arna mbainistiú ag pobail. Le tacaíocht ón rialtas, dfhás roinnt pobalscoileanna ó faoi bhun 900 sa bhliain 2000, go dtí beagnach 3,000 sa bhliain 2008. Is cúis dóchais iad na scoileanna pobail ó thaobh rochtain ar oideachas a sholáthar do na daoine is boichte i limistéir thuaithe nach féidir leo teacht ar scoileanna rialtais.

Déanann Éire agus an Ísiltír comhordú ar obair na ndeontóirí agus na n-eagraíochtaí deontóra atá ag cómhaoiniú oideachais sa tSaimbia. Ag obair i gcomhar leis an Rialtas agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha, cuireann Cúnamh Éireann deontais ar fáil do bheagnach 8,000 scoil rialtais agus pobail do sholáthar leabhar, deasc, ábhar teagaisc agus roinnt cistí cothabhála.

Ar deireadh thiar, déanfar na scoileanna pobail seo a chomhtháthú le córas scoile an rialtais. Tá tuairim is 1,500 de na seomraí ranga láibe le ceann túí á n-athsholáthar le seomraí ranga buana gach bliain. Agus an Rialtas ag earcú 5,000 múinteoir breise gach bliain, beidh fíordheis ag Naomi agus a comhscoláirí freastal in éineacht le scoláirí eile ar an iar-bhunscoil.

Chomh maith leis na naoi dtír chomhpháirteacha tá cláir ag Cúnamh Éireann i roinnt tíortha eile

AN PHALAISTÍN 34
SIARRA LEON AGUS AN LIBÉIR 35
AN TSIOMBÁIB 36
AN AFRAIC THEAS 37
CLÁR COMHPHÁIRTÍOCHTA DON EORAIP AGUS DON ÁISE LÁIR 38

# CRÍOCHA NA PALAISTÍNE FAOI FHORGHABHÁIL AG FREAGAIRT DO GHÉARCHÉIM



GNÍOMHAÍOCHT
CÚNAMH DAONNÚIL DO THEIFIGH PHALAISTÍNEACHA

PRÍOMHTHORADH
SEIRBHÍSÍ BUNÚSACHA AGUS CÚNAMH DAONNÚIL A SHOLÁTHAR

Bhí an bhliain 2009 ar cheann ina raibh géarchéim dhaonnúil ann do mhuintir Gaza. Mar thoradh ar mhór-oibríocht mhíleata Iosraelach i mí na Nollag 2008 agus i mí Eanáir 2009 fuair beagnach 1,400 duine bás. Gortaíodh breis is 5,000 duine, agus scriosadh tithe agus bonneagar go forlethan. Chomh maith leis sin, chuir imhsuí leanúnach Iosrael ar Gaza cosc nó cosc teoranta ar iontráil isteach in Gaza le roinnt mhaith earraí riachtanacha, agus chuir sin go mór leis an ngéarchéim dhaonnúil.

Ar an mBruach Thiar, bhí ar na Palaistínigh dul i ngleic go leanúnach le srianta forleathana ar a gcumas bogadh timpeall agus rochtain a fháil ar a dtailte. Cibé scéal é, tháinig feabhas ar an ngluaiseacht idir an Bruach Thiar agus na hionaid uirbeacha, go príomha mar thoradh ar roinnt athruithe ag seicphointí le foireann.

B'ionann ranníocaíocht iomlán Chúnamh Éireann le muintir na Palaistíne sa bhliain 2009 agus breis is €10.2 milliún, lena n-áirítear €1.5 milliún a leithdháileadh do ghéarchéim mhór dhaonnúil a d'imigh i gcion ar Gaza go luath sa bhliain 2009. D'áirigh ár dtacaíocht na príomhghnéithe seo a leanas:

- Chuir Éire breis is €4 mhilliún ar fáil don Chiste Ginearálta de chuid Ghníomhaireacht Faoisimh agus Oibreacha na NA do Theifigh (UNRWA). Thacaigh seo le UNRWA i soláthar seirbhísí bunúsacha amhail oideachas agus sláinte, do 4.6 milliún teifeach Palaistíneach i Gaza, ar an mBruach Thiar, sa Liobáin, sa tSiria agus i Iordáin. In Gaza, áit a mbíonn 60% den daonra ag brath ar chúnamh bia, tá soláthar bia éigeandála ina ghné thábhachtach d'obair UNRWA;
- Cuireadh €1.5 milliún ar fáil d'Údarás na Palaistíne do thuarastail seirbhíse poiblí, agus ar gcaoi seo cuidíodh le coinneáil seirbhísí poiblí bunúsacha. Thacaigh €1.5 milliún breise le liúntais a sholáthar do na teaghlaigh is leochailí sa Phalaistín. Trí thacaíocht don Údarás Palaistíneach, chuidigh Éire tacú le daingniú an daonlathais i gCríocha Palaistíneacha;
- Chuir Cúnamh Éireann €500,000 ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta san Iosrael agus sa Phalaistín araon atá ag obair chun cearta daonna na bPalaistíneach a chosaint agus a chur chun cinn. D'éirigh leis na heagraíochtaí seo doiciméadú agus aibhsiú a dhéanamh ar chearta daonna i réimsí amhail saoirse gluaiseachta agus cearta príosúnach, agus chuir cúnamh dlí agus cúnamh eile ar fáil d'íospartaigh ar sáraíodh a gcearta daonna;
- Cuireadh €1 mhilliún sa bhreis ar fáil chun tacú le heagraíochtaí na sochaí sibhialta atá i mbun raon clár daonnúil, forbartha agus síochána;



# SIARRA LEON AGUS AN LIBÉIR AG FREASTAL AR RIACHTANAIS BHUNÚSACHA

GNÍOMHAÍOCHT
TACÚ LE SLÁINTE MÁTHAR AGUS LIBH, SLÁNDÁIL BIA AGUS COTHÚ, AGUS TIONSCNAIMH SÍOCHÁNAÍOCHTA

PRÍOMHTHORADH
SLÁINTE AGUS UISCE AGUS CÓRAIS SLÁINTEACHAIS FEABHSAITHE

Tá Siarra Leon agus an Libéir i measc na dtíortha is boichte ar domhan. Sa dá thír bhí cogadh cathrach a mhair 20 bliain agus tá deighilt agus foréigean fós ar bun iontu.

Déanann Éire, trí oifig Chúnamh Éireann in Freetown, Siarra Leon, agus a Rannóg Éigeandála agus Téarnaimh ag a cheanncheathrú, bainistiú ar chláir sa dá thír. An aidhm atá leis na cláir seo ná freastal ar riachtanais láithreacha dhaonnúla, agus oibriú go dlúth le Rialtais Shiarra Leon agus na Libéire agus le páirtithe eile, chun atógáil agus forbairt fhadtéarmach a chur chun cinn. Cuirtear cláir Chúnamh Éireann in oiriúint chun freastal ar riachtanais áitiúla agus cuirtear iad i bhfeidhm ag teacht le prionsabail idirnáisiúnta na hoibre i stáit íogaire. Áiríonn siad meascán de thacaíocht don Rialtas, na Náisiúin Aontaithe, eagraíochtaí misinéireachta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

## Siarra Leon

Tá dúshláin mhóra eacnamaíochta agus forbartha ann do Shiarra Leon. Sa bhliain 2009 bhí an tír rangaithe ag 180 as 182 tír ar Innéacs Forbartha Daonna na Náisiún Aontaithe. Maireann breis is 90% den daonra ar níos lú ná $2 in aghaidh an lae, tá rátaí mortlaíochta máthar agus linbh faoi chúig bliana d'aois ar na rátaí is airde ar domhan agus tá tuairim is 63% den daonra míchothaithe. Is é 47 an t-ionchas saoil.

Sa bhliain 2009 chaith Cúnamh Éireann €5.85 milliún trína chlár tíre i Siarra Leon, chomh maith le maoiniú a sholáthar d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Dhírigh clár Chúnamh Éireann go príomha ar shláinte, go háirithe sláinte máthar agus leanaí, slándáil bia agus cothú, agus tionscnaimh chun síocháin a thógáil. San earnáil sláinte, rinne Cúnamh Éireann ranníocaíocht chun cúram feabhsaithe leighis a sholáthar do cheantar Kenema trí thacú le hospidéal áitiúil. D'áirigh seo maoiniú do cheannachán drugaí riachtanacha agus dochtúirí agus altraí breise.

Thacaigh Cúnamh Éireann le soláthar trealaimh agus bonneagair do 1,200 teaghlach feirmeoireachta chun cuidiú i dtáirgeadh ríse dóibh féin agus chun slí bheatha a dhéanamh as.

Ag cruinniú le hUachtarán Shiarra Leon, An tUas. Ernest Bai Koroma, i mí na Samhna, gheall an tAire do Chomhar Forbartha Coigríche, an tUas. Peter Power, maoiniú de €10 milliún i dtréimhse 18 mí chun tacú le Rialtas Shiarra Leon lena straitéis laghdaithe bochtaineachta.

## An Libéir

Tá an Libéir fós ag dul i ngleic le dearbh-bhochtaineacht agus íogaire, d'ainneoin ghealltanas daingean a Rialtais i leith na forbartha. Rangaíodh an tír ag 169 as 182 tír ar Innéacs Forbartha Daonna na Náisiún Aontaithe sa bhliain 2009, agus ar feadh na mblianta ní raibh fiú na seirbhísí is bunúsaí ar fáil, toisc easpa bonneagair. Droch-rochtain ar fad atá ann ar sheirbhísí sláinte; agus tá mortlaíocht máthar agus leanaí an-ard, agus chuir easpa rochtana ar uisce slán agus ar shláintíocht go mór leis na dúshláin sláinte. Is é 57 an t-ionchas saoil.

Sa bhliain 2009, chaith Cúnamh Éireann €6.15 milliún ar ghníomhaíochtaí faoin chlár tíre, chomh maith le maoiniú a sholáthar d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Is é príomhfhócas chlár Chúnamh Éireann sa tír ná córais sláinte agus seirbhísí bunúsacha cúraim sláinte phríomhúil na tíre a neartú. Sholáthair Cúnamh Éireann tacaíocht freisin don earnáil uisce agus sláintíochta, ag cur go mór leis an rochtain fheabhsaithe ar uisce do 240,000 duine, agus ar shláinteachas do 59,000 duine. Ar na cláir eile arna dtacú ag Cúnamh Éireann bhí ciste iontaobhais arna riar ag an mBanc Domhanda chun athchóiriú a dhéanamh ar líonra bóithre na Libéire, agus mar sin rochtain níos fearr a thabhairt do shaoránaigh na tíre ar sheirbhísí agus ar mhargaí.



# AN AFRAIC THEAS
# AG TACÚ LEIS NA POBAIL IS BOICHTE

GNÍOMHAÍOCHT
TACÚ LE POLASAITHE AGUS STRAITÉISÍ ÉIFEACHTACHA VEID AGUS SEIF

PRÍOMHTHORADH
STRAITÉISÍ VEID AGUS SEIF ARNA BHFORBAIRT I GCLÁIR OIDEACHAIS AGUS UISCE

Ceapadh straitéis Chúnamh Éireann san Afraic Theas chun dul i ngleic leis na fadhbanna seo ag teacht le polasaithe agus spriocanna Rialtas na hAfraice Theas. Díríonn an clár reatha, a ritheann ó 2008 go 2012 ar thrí cinn de phríomhréimsí:

1 Feabhas a chur ar sholáthar seirbhíse do phobail bhochta, le fócas ar chláir uisce agus sláintíochta agus oideachais i bProibhinse Limpopo, ceann de na réigiúin is boichte san Afraic Theas;

2 Cosc a chur ar leathadh amach VEID agus SEIF agus freagairt do riachtanais na ndaoine atá thíos leo, go háirithe mná agus leanaí;

3 Freagairt d'fhadhb fhorleathan an fhoréigin inscne-bhunaithe. Bíonn leibhéil arda banéignithe agus mí-úsáide sa teaghlach ann i measc ban agus cailíní óga san Afraic Theas.

Baineadh amach roinnt príomhthorthaí go dtí seo, sna hearnálacha seo a leanas:

Uisce agus Sláinteachas:
- D'fhorbair deich gcinn d'Údaráis Seirbhísí Uisce Pleananna Soláthair Seirbhísí Uisce. Ó 2007 méadaíodh rochtain teaghlach ar uisce faoi 5% agus mhéadaigh rochtain teaghlach ar shláintíocht faoi nach mór 12%;
- Tá seirbhísí uisce agus sláintíochta anois ag fiche trí pobal tuaithe, lena n-áirítear gairdíní bia, soláthar uisce, cothú sláinte, agus sláintíocht sráidbhaile.

Oideachas:
- Forbraíodh straitéis chun dul i ngleic le VEID agus SEIF agus feabhas a chur ar shláinte fostaithe, múinteoirí agus scoláirí le Roinn Oideachais Limpopo;
- Forbraíodh straitéis litearthachta chun dul i ngleic le droch-thorthaí léitheoireachta/ scríbhneoireachta.

Rialachas:
- Cuireadh tús le tionscadail a bhfuil mar aidhm acu caimiléireacht a chosc agus feabhas a chur ar mhonatóireacht agus ar mheastóireacht an rialtais áitiúil in Limpopo;
- Cuireadh oiliúint shásúil ar fhiche cúig ceannaire pobail i gcearta daonna, daonlathú agus ceannaireacht.

Freagairt do VEID agus SEIF:
- Bunaíodh dhá Chomhairle Ceantair SEIF in Limpopo;
- Fuair fiche eagraíocht pobalbhunaithe in Limpopo oiliúint san fhorbairt eagraíochtúil, sa chúram pobal agus baile-bhunaithe agus sa bhainistíocht tionscadail.

Foréigean inscne-bhunaithe a chosc agus freagairt dó:
- In Arkoenhoek, ceantar tuaithe in Limpopo, tá seirbhísí dlí agus comhairleoireachta á soláthar ar bhonn píolótach. Tá córas atreoraithe i bhfeidhm idir na seirbhísí sláinte agus póilíneachta agus chuidigh ionad a fhreastalaíonn ar mhná a ndearnadh éigniú orthu nó ar baineadh mí-úsáid astu le nócha cliant. Foilsíodh iniúchadh bonnlíne faoin tionscadal píolótach seo. Tá an Roinn Dlí agus Cirt tar éis taighde comhchosúil a dhéanamh i dtrí phroibhinse eile; Northern Cape, Eastern Cape agus Northwest.
- Seoladh clár píolótach in dhá phroibhinse, Limpopo agus Gauteng, chun feabhas a chur ar chláir phríomhúla choisc, agus chun iniúchadh a dhéanamh ar an nasc idir alcól a ól agus VEID agus Foréigean Inscne-Bhunaithe.



# AN tSIOMBÁIB
# AG SPRIOCDHÍRIÚ AR NA DAOINE IS LEOCHAILÍ

GNÍOMHAÍOCHT
TACÚ LE CÓIREÁIL VEID AGUS SEIF, GO HÁIRITHE CÚRAM BAILEBHUNAITHE

PRÍOMHTHORADH
SEIRBHÍSÍ FEABHSAITHE COISC AGUS CÚRAIM VEID AGUS SEIF

D'ainneoin gur foirmíodh rialtas nua, tá an staid pholaitiúil sa tSiombáib fanta éagobhsaí. I bhfianaise na timpeallachta míshocra seo, tá Cúnamh Éireann ag díriú a mhaoinithe ar na saoránaigh is leochailí, agus cuirtear an t-airgead ar fáil trí eagraíochtaí iltaobhacha nó eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Le linn 2009, dhírigh clár forbartha déthaobhach na hÉireann sa tSiombáib go príomha ar an eipidéim VEID agus SEIF. Tá an tSiombáib fós ar cheann de na tíortha is mó san Afraic fho-Shahárach a bhfuil VEID agus SEIF ag dul i bhfeidhm go mór air. Fad is atá seo cuíosach ard, laghdaigh na rátaí leitheadúlachta VEID le blianta beaga anuas. Sa daonra fásta laghdaigh seo ó ráta 24% sa bhliain 2001 go díreach os cionn 14% sa bhliain 2009.

Sa bhliain 2009, chuir Cúnamh Éireann €1.5m de chúnamh ar fáil d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha chun 20% de chúram bailebhunaithe a sholáthar sa tSiombáib. Mhéadaigh an líon daoine ag baint sochair as tacaíocht Chúnamh Éireann sna cláir seo ó 23,000 go 36,000 ó bhí 2005 ann. Cuireann Eagraíochtaí Neamhrialtasacha páirteacha eile tacaíocht ar fáil freisin do 65,000 leanbh a bhfuil VEID nó SEIF orthu.

Chuidigh maoiniú ó Chúnamh Éireann le Líonra SEIF na Siombáibe cur lena acmhainn, a chroífheidhmeanna a fhairsingiú, eadhon stocaireacht, tógáil acmhainne, malairt eolais, líonrú agus slógadh acmhainní, agus chuir feabhas ar a chreidiúnacht.

Lean Clár Tacaíochta Forbartha UNDP (ESP), de bheith éifeachtach agus ina mhodh solúbtha maoiniúcháin, a bhí in ann freagairt go gasta do riachtanais agus dul i ngleic le baic, lena n-áirítear mar shampla, maoiniú do scéim coinneála oibrithe sláinte. Chuir ESP oiliúint ar bhreis is 2,000 ceannaire pobail agus 1,000 éascaitheoir um athrú iompraíochta i 16 cheantar.

Bhí fianaise ann gur mhéadaigh an t-éileamh ar thástáil agus ar chomhairleoireacht VEID, agus gur athraigh go dearfach meoin agus noirm an phobail. Bhí ar a laghad suíomh amháin i ngach ceann de na 16 cheantar a chuir teiripe fhrith-aisvíreasach ar fáil do nach mór 18,000 duine a bhí ag fáil cóireála sna ceantair sin. Le linn 2009, bhí ullmhúcháin idir lámha d'aistriú an chláir bhainistíochta ó oifig Chúnamh Éireann sa tSiombáib chuig a oifig san Afraic Theas ag tús 2010.

Sa bhliain 2009 fuair eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus misinéireachta Éireannacha beagnach €2 mhilliún de mhaoiniú ó Rannóg Shochaí Shibhialta Chúnamh Éireann dá gcuid oibre sa tSiombáib. Dhírigh an tacaíocht seo ar sholáthar seirbhísí bunúsacha lena n-áirítear slándáil bia, sláinte agus oideachas. Ar na páirtithe a fhaigheann maoiniú ó Chúnamh Éireann tá Concern, Trócaire, Progressio, Sightsavers, Oxfam Ireland agus Camfed International.

Chomh maith leis sin, chuir Rialtas na hÉireann breis is €2 mhilliún ar fáil de mhaoiniú daonnúil don tSiombáib sa bhliain 20009, go príomha d'fhaoiseamh bia, cláir chothaithe scoile, cláir slite beatha agus comhordú seirbhísí cúraim shláinte.

# CLÁR COMHPHÁIRTÍOCHTA DON EORAIP AGUS DON ÁISE LÁIR (PPECA)


GNÍOMHAÍOCHT
TACÚ LE LAGHDÚ BOCHTAINEACHTA AGUS DEA-RIALACHAS I NDAONLATHAIS ATÁ AG TEACHT CHUN CINN

PRÍOMHTHORADH
COMHAIR CHREIDMHEASA A BHUNÚ AR FUD 15 RÉIGIÚN SAN ALBÁIN

Chuimsigh Clár Comhpháirtíochta don Eoraip agus don Áise Láir tíortha san Eoraip Thoir Theas, lena n-áirítear na Balcáin réigiún Cugais Caucuses, agus an Áise Láir. Toisc go bhfuil gá acmhainní a dhíriú ar na pobail is boichte agus is leochailí san Afraic fho-Shahárach, tá deireadh á chur leis an gclár seo le héifeacht ó 2010, cé go leanfar ag soláthar tacaíochta do chláir áirithe.

Chuir Éire agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus eagraíochtaí iltaobhacha i bhfeidhm tionscadail arna maoiniú faoin gclár seo Sa bhliain 2009 ar na tionscnaimh ar tacaíodh leo bhí First Step Georgia agus Fondúireacht Chonradh na hÉireann do Chomhair Chreidmheasa.

Cuireann First Step Georgia seirbhísí ar fáil do leanaí sa tSeoirse atá faoi mhíchumas intleachtach agus fisiceach. Baineadh úsáid as maoiniú ó Chúnamh Éireann chun tacú le raon gníomhaíochtaí lena n-áirítear cúram cónaitheacha, cúram bailebhunaithe, oiliúint pearsanra, tacaíocht do thuismitheoirí, feasacht a spreagadh agus tacaíocht do chónaí neamhspleách agus socrúcháin oibre do dhaoine fásta óga. Thacaigh Conradh na hÉireann do Chomhair Chreidmheasa, trína Fhondúireacht Forbartha, le forbairt na gluaiseachta comhar creidmheasa san Albáin ó bhí 1995 ann. Le tacaíocht ó Chúnamh Éireann,



d'éascaigh ILCUF bunú 26 comhar creidmheasa foirmiúil scaipthe amach ar fud 15 réigiún, le nach mór 10,000 ball.

# AG FREAGAIRT D'ÉIGEANDÁLAÍ

# GÉARCHÉIM AGUS TÉARNAMH

Le linn 2009, chuidigh breis is €88 milliún de mhaoiniú éigeandála agus téarnaimh le hÉirinn daoine a choinneáil beo, faoiseamh a thabhairt ó fhulaingt agus dínit a choinneáil tar éis géarchéimeanna daonnúla.

D'fhreagair Cúnamh Éireann do thús tobann tubaistí nádúrtha, lena n-áirítear na tuillte tromchúiseacha i mBuircíne Fasó, stoirmeacha trópaiceacha sna hOileáin Fhilipíneacha agus crith talún Sumatra Thoir san Indinéis, a d'fhág na mílte gan dídean agus i ngátar faoisimh chun iad a choinneáil ina mbeatha.

Sa bhliain 2009, lean Cúnamh Éireann ag soláthar maoiniúcháin chun freagairt do ghéarchéimeanna daonnúla sa tSúdáin, sa tSomáil, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, agus san Afganastáin. Cuireadh cúnamh ar fáil freisin do riachtanais na ndaoine a dí-áitíodh mar thoradh ar choinbhleacht i Srí Lanca, sa Phacastáin agus in Gaza.

San Aetóip, áit a gcuireann neamhshlándáil bia agus míchothú isteach ar roinnt mhaith den tír gach bliain, chuir Cúnamh Éireann maoiniú ar fáil de bhreis is €1.4 milliún sa bhliain 2009 a chuidigh le níos mó ná 50,000 de na daoine is leochailí rochtain a fháil ar bhia, ar shláinte agus ar chláir tacaithe cothaithe, arna reáchtáil ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus ag páirtithe NA. Sa tSiombáib, dhírigh maoiniú Chúnamh Éireann de €1.65 milliún sa bhliain 2009, ar na daoine sin den daonra a raibh riachtanais láithreacha bia acu, ag tabhairt tús áite do theaghlaigh thar a bheith leochaileach agus do chláir chothaithe scoile. I réigiúin in Oirthuaisceart na hAfganastáine, thacaigh Cúnamh Éireann le clár chun freastal ar theaghlaigh faoi lé neamhshlándáil bia trí thionscnaimh 'airgead mar luach saothair ar obair'.

Bhí an maoiniú réamhshocraithe ina chroíghné de fhreagairt dhaonnúil na hÉireann sa bhliain 2009, ag cuidiú le hÉirinn freagairt láithreach do ghéarchéimeanna idirnáisiúnta. Sa bhliain 2009, chuir Éire €13.5 milliún ar fáil do Chiste Lárnach na Náisiún Aontaithe don Fhreagairt Éigeandála (CERF), ciste a bunaíodh chun go bhféadfaí freagairt go mear do ghéarchéimeanna daonnúla ar fud an domhain. Cuireann CERF ar chumas chóras na NA cistí a scaoileadh ar feadh tréimhse i bhfad níos giorra ná mar a d'fhéadfaí a scaoileadh ina éagmais, agus cuidíonn a chinntiú go dtacaítear leis na tionscadail is fearr a théann i ngleic le riachtanais na ndaoine a bhíonn thíos le géarchéimeanna daonnúla.

Lean an Tionscnamh Mearfhreagartha de bheith ina bhunchuid d'acmhainn dhaonnúil na hÉireann. Sa bhliain 2009, imscaradh An Cór Mearfhreagartha 26 uair agus imscaradh freisin líon mórscála de lastais ina raibh earraí faoisimh ó sholáthairtí réamhshocraithe na hÉireann chuig éigeandálaí i mBuircíne Fasó, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, An Aetóip, An Indinéis, Srí Lanca agus an tSúdáin.

# Gaza cás-staidéar



An tAire Martin le múinteoirí agus scoláirí ag bunscoil cailíní UNWRA Rafah, Gaza
Grianghraf: John Ging

I mí Eanáir 2009, d'fhreagair an Rialtas go mear d'iarmhairtí daonnúla a tharla mar thoradh ar bhombardú agus ionsaí talún dhá lá is fichead Iosraelach ar Gaza. Roimh an ngéarchéim, réamh-leithdháil Cúnamh Éireann maoiniú daonnúil ar Chiste Lárnach na Náisiún Aontaithe don Fhreagairt Éigeandála (CERF). Scaoileadh cistí CERF láithreach chun tacaíocht ghátarach a sholáthar, lena n-áirítear bia, fothain agus cúnamh leighis do mhuintir Gaza. Toisc mhéid na géarchéime in Gaza, d'fhreagair Cúnamh Éireann freisin le maoiniú breise díreach de €1.5 milliún.

Cuireadh €1 mhilliún ar fáil do Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha do Theifigh Phalaistíneacha (UNRWA). Sa mhéid gur teifigh iad tuairim is 1.1 milliún de dhaonra Gaza, arb é iomlán a dhaonra ná 1.5 milliún, bhí UNRWA ag croílár na freagartha ar an ngéarchéim. Faoi cheannaireacht fhear Éireannach John Ging, agus le tacaíocht ó Chúnamh Éireann agus ó dheontóirí eile, choinnigh UNRWA in Gaza seirbhísí ríthábhachtacha ar siúl le linn na géarchéime, lena n-áirítear soláthar cúraim sláinte do bhreis is 12,000 duine in aghaidh an lae agus, ó 1 Eanáir, pacáistí bia do isteach is amach le 3,000 teaghlach in aghaidh an lae. Le linn na coinbhleachta, lorg breis is 50,000 Palaistíneach tearmann i scoileanna UNRWA agus in ionaid eile a fhónann mar fhothain shealadach.

Cuireadh €500,000 ar fáil don Chiste um Fhreagairt Dhaonnúil arna riar ag Oifig na NA do Chomhordú Gnóthaí Daonnúla. Seo Ciste arna thacú ag eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gníomhaireachtaí na NA i raon tionscadal freagartha éigeandála. Mar thoradh ar thionscadail arna dtacú ag an gCiste:

- Fuair 8,000 duine umair uisce;
- Fuair 10,000 teaghlach nárbh teifigh iad pacáistí bia;
- Soláthraíodh soláthairtí agus trealamh leighis do chlinicí, ospidéil agus clinicí soghluaiste;
- Athchóiríodh talamh do bhreis is 200 feirmeoir bocht.

Thacaigh tionscadail eile arna dtacú ag an gCiste mianaigh a dhíobhadh agus slite beatha a shábháil trí bháid iascaireachta agus líonta a dheisiú.

Cé gur chuidigh tacaíocht ón bpobal idirnáisiúnta daoine a choinneáil ina mbeatha agus freastal ar riachtanais dhaonnúla na ndaoine in Gaza, cuireadh isteach ar an téarnamh ón díobháil a rinne an choinbhleacht toisc imshuí leanúnach Iosrael in Gaza agus deacrachtaí leanúnacha ar lorg réiteach inbhuanaithe polaitiúil ar an gcoinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín.

VEID AGUS SEIF

# AG DUL I NGLEIC LE VEID AGUS SEIF AR AN LEIBHÉAL IDIRNÁISIÚNTA

Aithnítear go hidirnáisiúnta an ról tosaíochta atá ag Éirinn sa chomhrac i gcoinne VEID agus SEIF. Sa bhliain 2009 ghlac Éire ballraíocht le bord an Chiste Dhomhanda sa Chomhrac in aghaidh SEIF, Eitinne agus Maláire. Cuireann seo ar chumas na hÉireann tionchar níos mó a bheith ag an tír ar pholasaí agus iarrachtaí idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar cháilíocht agus ar thionchar na n-idirghabhálacha sa réimse seo.

Chuir Éire breis is €114 milliún ar fáil sa chomhrac in aghaidh VEID agus SEIF agus Galair Theagmhálacha sa bhliain 2009, lena n-áirítear €10 milliún don Chiste Domhanda. Mhéadaigh líon na seisiún tástála agus comhairleoireachta VEID arna dtacú ag an gCiste Domhanda faoi 69% ó 62 milliún go 105 milliún sa bhliain 2009. Dháil cláir an Chiste Dhomhanda 450 milliún coiscín fireann agus baineann, agus sholáthair cóireáil do 445,000 bean torrach atá VEID-dearfach chun tarchur VEID idir máthair agus leanbh a chosc (PMTCT). Cuireadh breis is 4.5 milliún seirbhís tacaíochta de chúram bunúsach ar fáil do dhílleachtaí agus do leanaí eile atá thíos le SEIF.

Tá níos mó agus níos mó fianaise ann gur chuidigh an Ciste Domhanda rátaí mortlaíochta SEIF a laghdú i dtíortha inar cuireadh go mór leis an soláthar cóireála fhrith-aisvíreasaí. Ar na tionchair shuntasacha eile tá marthanacht agus táirgiúlacht fheabhsaithe na bpríomhghairmithe agus na n-oibrithe eile, agus feabhsúcháin ar fud an chórais sa soláthar cúraim sláinte. Go dtí seo, meastar gur shábháil iarrachtaí dul i ngleic le SEIF, eitinn agus maláire tuairim is 4.9 duine.
Chuir comhpháirtíocht na hÉireann le Fondúireacht Clinton go mór leis an dul chun cinn. Sa Mhósaimbíc tá 173,000 duine anois ag fáil cóir leighis VEID, thuas ar an bhfigiúr 130,000 sa bhliain 2008, agus rochtain breis is 66,000 bean seirbhísí PMTCT trí 832 clinic. In Leosóta, d'éirigh thar barr leis an gcomhpháirtíocht, agus méadaíodh an clúdach náisiúnta agus an tástáil ó 8.5% - sa bhliain 2007 go 63% sa bhliain 2009.

Mar chuid thábhachtach d'obair Chúnamh Éireann tá feasacht phoiblí a spreagadh i leith an tionchair neamhfhabhraigh ag SEIF agus VEID ar fhorbairt, agus tacaíocht na hÉireann d'iarrachtaí chun dul i ngleic leis an bpaindéim seo. In Éirinn, thacaigh Cúnamh Éireann leis an bhfeachtas agus tionscnaimh "Stamp out Stigma" chun ceiliúradh a dhéanamh ar lá Domhanda SEIF ar an 1 Nollaig.

Sa bhliain 2009 an teideal a bhí ar Léacht Bhliantúil an Athar Michael Kelly, arna reáchtáil i gColáiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn, Baile Átha Cliath, ná "Universal Access to Prevention: Making it Work for Women". Chuir an Dr Seth Berkley, Uachtarán an Tionscnaimh Vacsaíne SEIF Idirnáisiúnta, síos ar an gcaoi a raibh an bhliain 2009 ina "bliain urfhuascailte" le forbairt vacsaíne atá éifeachtach i bpáirt i gcoinne SEIF den chéad uair sa stair. Sa bhliain 2009 bhí Éire fanta ar an bpíomhthacadaóir do thaighde agus forbairt ar mhiocróibicíd éifeachtach nua i gcoinne VEID agus SEIF, trína thacaíocht don Chomhpháirtíocht Idirnáisiúnta do Mhiocróibidcídí.
Chuir athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar thacaíocht Chúnamh Éireann do thionscnaimh VEID agus SEIF le forbairt straitéis leasaithe, "Tackling HIV and AIDS to Reduce Poverty and Vulnerability" a chuirfear i gcrích le linn 2010.




An tAire do Chomhar Forbartha Coigríche, Peter Power ag seoladh Lá Domhanda SEIF ag Ionad Chúnamh Éireann, le mic léinn Leighis RCSI agus an Dr Seth Berkley IAVI Griangraf: Maxwells

# ÁR gCOMHPHÁIRTITHE

## EAGRAÍOCHTAÍ NEAMHRIALTASACHA
## EAGRAÍOCHTAÍ ILTAOBHACHA

# EAGRAÍOCHTAÍ NEAMHRIALTASACHA

## AG CUR CHUN CINN NA FORBARTHA ÁITIÚLA

Cuireann Cúnamh Éireann tacaíocht airgeadais ar fáil d'eagraíochtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta neamhrialtasacha ag obair san Áise, san Afraic agus i Meiriceá Theas. Tiomsaíonn na heagraíochtaí seo formhór a gcuid airgid féin toisc fhlaithiúlacht phobal na hÉireann, agus sainíonn go neamhspleách an chaoi a rachaidh siad i ngleic le bochtaineacht. Cuidíonn Cúnamh Éireann leo cláir a sheachadadh atá pleanáilte i gcomhar le pobail áitiúla, le heagraíochtaí áitiúla agus le rialtais áitiúla i dtíortha ar fud an domhain atá i mbéal forbartha.

Bíonn Éire i gcónaí ag seoladh breis is 20% dá chlár cúnaimh trí iarracht forbartha na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha agus misinéireachta, ceann de na sciartha is airde ag aon deontóir idirnáisiúnta. Léiríonn seo tiomantas an Rialtais tacú le heagraíochtaí neamhrialtasacha ina gcuid oibre le roinnt de na pobail is leochailí ar domhan, ag teacht le tacaíocht phobal na hÉireann.

Cuireann Cúnamh Éireann maoiniú ilbhliantúil ar fáil d'eagraíochtaí ar thrí bhealach:

– trí thacaíocht do chroí-chláir bunaithe ar phleananna straitéiseacha na n-eagraíochtaí;
– trí bhlocdheontas chun tionscadail shonracha a mhaoiniú i dtíortha ar leith,
– agus trí mhaoiniú do thionscadail indibhidiúla.

Sa bhliain 2009, fuair cúig cinn d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha; Christian Aid, Concern, GOAL, Self Help Africa, agus Trócaire, tacaíocht croí-chláir dar luach breis is €56m. Fuair na heagraíochtaí misinéireachta €16m trí mheán an líonra Misean Cara chun tacú le hobair forbartha i dtrí thír. Fuair 22 eagraíocht eile blocdheontais dar luach breis is €18m. Chomh maith leis sin, fuair breis is 80 eagraíocht deontais do thionscadail ar leithligh, dar luach breis is €10 milliún.

Bíonn eagraíochtaí neamhrialtasacha na hÉireann ag obair ar raon saincheisteanna éagsúla, lena n-áirítear cearta daonna, sláinte, oideachas, uisce agus sláintíocht, agus slándáil bia. D'oibrigh Cúnamh Éireann go dlúth le heagraíochtaí neamhrialtasacha le linn 2009 chun tathant orthu iniúchadh a dhéanamh ar a gcuid oibre ó dhearcadh éifeachtacht an chúnaimh. I gcás na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha, is éard a bhí i gceist leis sin ná a chinntiú gur bhain cláir agus tionscadail an t-uasfhónamh as comhordú, bunaithe ar anailís láidir ar an gcomhthéacs, úsáid iomchuí agus straitéisí inbhuanaithe a chuidíonn le rannpháirtíocht, agus oibriú i dtreo bhaint amach an athraithe shoiléir dhearfaigh do phobail ina mbíonn siad ag obair.



Theresa Moyo ag tabhairt bia speisialaithe dá mac ag Ionad Teiripeach Pobail sa Mhaláiv
Griangraf: Daniel Rowan

Seo a leanas roinnt samplaí den obair a bhíonn ar bun ag Cúnamh Éireann le heagraíochtaí neamhrialtasacha:

- **Concern:**
  Mar thoradh ar thacaíocht Chúnamh Éireann, lean Concern ag cur i bhfeidhm a bhainistiú pobail ar ghéar-mhíchothú ar fud raon tíortha ina bhfuil míchothú ina ghnáthfhírinne laethúil. Cuidíonn an cur chuige nua seo i leith chóireáil an mhíchothaithe le daoine cóireáil a chur ar a leanaí sa bhaile, seachas na leanaí a fhágáil i saoráidí cónaitheacha. Le tacaíocht Chúnamh Éireann agus le Concern agus Valid International ag tús cadhnaíochta, bhí an-rath ar an gcur chuige seo. Cuirtear cóireáil leighis sheachtainiúil ar fáil do leanaí a scaoiltear ar chlár Concern agus tugtar soláthar seachtaine de bhia atá lán le vitimíní teiripeacha dóibh le breith abhaile leo. Féadtar úsáid a bhaint as an mbia seo i gcás nach bhfuil rochtain ar uisce glan. D'fhairsingigh Concern a raon níos leithne ná cóireáil a chur ar na leanaí i bpobail áirithe trí stocaireacht a dhéanamh le rialtais agus le gníomhaireachtaí eile glacadh leis an mbealach seo bainistiú a dhéanamh ar chóireáil pobail do ghéar-mhíchothú. An aidhm atá acu ná an cur chuige a chomhshnaidhmeadh i gcórais sláinte, ionas gur féidir le tíortha, ina bhfuil míchothú ina fhadhb, cóireáil a chur ar fáil ar bhonn córasach comhréireach níos éifeachtaí ar bhonn tíre uile;

- **Self Help Africa**
  Faigheann Self Help Africa (SHA) tacaíocht cláir ó Chúnamh Éireann dá chláir slándála bia. Tá eiseamláir den tacaíocht seo sa Mhaláiv, áit a mbíonn talmhaíocht ag brath ar bháisteach chorr agus áit a bhfuil an tslándáil bia ina mhórfhadhb. Oibríonn SHA go dlúth le 15 eagraíocht neamhrialtasacha agus feirmeoireachta atá ag obair i bpobail tuaithe. Dáileann SHA síolta feabhsaithe, ar féidir úsáid a bhaint astu agus ar féidir le feirmeoirí iad a shábháil le haghaidh roinnt séasúr. Tá deiseanna uiscithe mionscála á bhforbairt ag SHA freisin, chomh maith le modhanna nua cur le táirgeacht na mbarr le linn séasúr tirim;

- **Slavery International**
  Cuireann Cúnamh Éireann tacaíocht ar fáil do Anti Slavery International (ASI) dá thionscadail a théann i ngleic le sáruithe ar chearta daonna i gcoinne fostaithe faoi bhanna i Neipeal, India agus sa Phacastáin, agus san Afraic Thiar agus sa Mhaláiv. Tá na tionscadail seo ina gcuid d'fheachtas níos leithne idirnáisiúnta i gcoinne na sclábhaíochta... Oibríonn ASI chun fostaithe faoi bhanna a chomharchumannú agus méadú ar a nguth polaitiúil. Déanann sé stocaireacht do chaighdeáin oibre íosta agus tacaíonn le rannpháirtíocht chuiditheach le rialtais chun cur i bhfeidhm éifeachtach na reachtaíochta reatha i gcoinne fostaíochta faoi bhanna a chinntiú. Mar shampla, mar thoradh ar obair ASI le Cónaidhm Ghinearálta Cheardchumainn Neipeal, dhearbhaigh Parlaimint Neipeal go raibh córais fostaithe faoi bhanna mídhleathach, agus tá ASI ag obair chun a chinntiú go gcuirfear an dlí seo, agus dlíthe comhchosúla, i gníomh, agus go gcuirfear deireadh le sclábhaíocht.

# EAGRAÍOCHTAÍ ILTAOBHACHA
AG TACÚ LE LEASÚ SNA NA

Cuirtear breis is aon trian de Chúnamh Forbartha Coigríche na hÉireann ar fáil trí mheán eagraíochtaí iltaobhacha, cosúil leis an gCoimisiún Eorpach, na Náisiúin Aontaithe agus an Banc Domhanda.

Cuireann Cúnamh Éireann cistí ar fáil d'eagraíochtaí iltaobhacha ar bhealaí éagsúla mar shampla:

- Croí-ranníocaíochtaí le heagraíochtaí;
- Maoiniú do chláir nó do thionscadail shonracha, cosúil le comhthionscadal domhanda UNICEF/ UNFPA chun mortlaíocht máthar a laghdú;
- Tacaíocht do ghéarchéimeanna daonnúla, cosúil le maoiniú don Chlár Bia Domhanda do Háítí;
- Tacaíocht d'imeachtaí domhanda agus do chruinnithe mullaigh arna mbainistiú ag eagraíochtaí iltaobhacha;
- Tacaíocht do thíortha comhpháirteacha i réimsí amhail breathnadóireacht toghcháin, frith-chaimiléireacht, rialú drugaí nó forbairt bonneagair.
- Cuidíonn maoiniú na n-eagraíochtaí iltaobhacha le soláthar cúnaimh atá níos costéifeachtaí agus níos comhordaithe do thíortha agus do réigiúin áirithe agus mar fhreagra ar ghéarchéimeanna. Mar shampla, bhí ár dtacaíocht don tSiombáib, do Phoblacht na hAfraic Láir, do Phoblacht Dhaonlathach anChongó agus do Shead ag brath go mór ar láithreacht agus acmhainn na ngníomhaireachtaí iltaobhacha.

De bhreis air sin, cuirtear chun cinn tosaíochtaí polasaí an Rialtais trí chomhpháirtíocht le heagraíochtaí iltaobhacha, mar atá follasach i gcion na hÉireann i leith bhunú UN Women, eagraíocht nua de chuid na NA do chomhionannas inscne agus cumhachtú na mban, agus i leith na gclár a fhreagraíonn d'ocras domhanda agus do VEID agus SEIF. I ngach cás, ní hé amháin go soláthraíonn Éire maoiniú, ach úsáideann an tír a seasamh chun dul i bhfeidhm ar pholasaí agus tacaíonn le cur i bhfeidhm an chláir sna réimsí seo. Mar sin, féadfaidh Éire a fís do chomhrac in aghaidh na bochtaineachta a chur chun cinn ag an leibhéal is airde de pholasaí domhanda.

Oibríonn Cúnamh Éireann chun a chinntiú go bhfuil an maoiniú a sholáthraítear d'eagraíochtaí iltaobhacha ina mhaoiniú éifeachtach intuartha iontaofa inbhuanaithe, agus go gcuireann na páirtithe a mbímid ag obair leo a gcláir i bhfeidhm de réir na gcaighdeán is airde agus is féidir.

B'ionann ranníocaíocht na hÉireann sa bhliain 2009 le 10ú Ciste an Choimisiúin Eorpaigh do Chomhar Forbartha (2008-2013), agus €21 milliún. Lean Cúnamh Éireann ag cur chun cinn an fhócais láidir ar an mbochtaineacht d'obair forbartha an Choimisiúin, a d'áirigh tacaíocht bhreise do na daoine is leochailí san Afraic, sa Mhuir Chairib agus i dtíortha an Aigéin Chiúin (ACP). Oibríonn Cúnamh Éireann freisin chun clár oibre um éifeachtacht chúnamh an CE a chur i ngníomh, mar shampla trí Chód Iompraíochta an CE ar Roinnt an tSaothair, inár dtíortha comhpháirteacha.

Sa bhliain 2009 chuir Éire maoiniú ar fáil don Bhanc Domhanda i réimsí tosaíochta, cosúil leis an earnáil phríobháideach agus an tionscnamh um Stáit san Afraic faoi lé Coinbhleachta. Bhí an Banc freisin ar cheann de na páirtithe a chuir i bhfeidhm obair Chúnamh Éireann sa bhliain 2009 maidir le cosaint shóisialta san Aetóip, agus oideachas, trí mheán an Mhéar-thionscnamh don Oideachas do Chách.

B'ionann maoiniú iomlán Chúnamh Éireann do na NA agus beagnach €100 milliún sa bhliain 2009. Soláthraíodh croímhaoiniú, go príomha do ghníomhaireachtaí páirtíochta amhail UNDP, UNICEF, UNFPA, UNAIDS, WHO agus UNHCR, chomh maith le maoiniú do Chiste Lárnach na Náisiún Aontaithe don Fhreagairt Éigeandála. Chuir seo ar chumas Chúnamh Éireann idirghabhálacha tábhachtacha a dhéanamh i bhforbairt UN Women, chun dul chun cinn a dhéanamh ar Chomhtháthú Córais Uile. A chinntiú go bhfuil obair na NA níos comhordaithe, agus chun labhairt amach faoi leasú daonnúil.

De bhreis air sin, mhaoinigh Cúnamh Éireann na NA sa bhliain 2009 san obair ar leasú ceartais sa Tíomór Thoir, VEID agus SEIF i nGána, rialú drugaí san Afganastáin, slándáil bia san Aetóip, comhordú daonnúil i Sead, agus an tionscnamh leasúcháin Delivering as One sa Tansáin, sa Mhaláiv agus i Vítneam.

# Cás-staidéar SFM 5 agus 8 Tionscadal One na NA – Sláinte Máthar sa Tansáin



Happy Jonas a bhain sochar as Comhchlár na NA um Mortlaíocht Máthar agus Linbh, lena báibín Brandina ag íoclann nua sláinte áitiúil, i Réigiún Dodoma

Grianghraf: Daniel Rowan

Nuair a thosaigh tinneas clainne Happy Jonas, agus í 17 mbliana d'aois, tugadh í chuig an íoclann sláinte áitiúil i sráidbhaile Chamkoroma, i réigiún Dodoma sa Tansáin láir.

Trí huaire déag an chloig ina dhiaidh sin, ámh, bhí an dul chun cinn an-mhall. Bhí Happy tuirseach traochta agus bhí cúrsaí ag éirí níos measa. Cosúil leis an iliomad íoclann eile sa Tansáin, ní raibh dóthain trealaimh ag an íoclann déileáil le deacrachtaí sa bhreith, agus mar sin tugadh Happy go gasta go hIonad Sláinte Ceantair Kongwe.

A bhuíochas le Comhchlár na NA um Mortlaíocht Máthar agus Linbh, tá trealamh san Ionad agus saoráidí úrscothacha, lena n-áirítear leapacha breithe agus boird obráide, agus otharcharr inar thaisteal Happy – agus tá an t-ionad seo i measc ocht gcinn sa réigiún faoin scéim seo. San Ionad Sláinte tugadh ocsatóisin don bhean óg seo, agus níos déanaí thug sí ar an saol a hiníon, Brandina, go slán sábháilte. "Bhí fhios agam go raibh mé i mbaol, agus mar sin bhí an-eagla orm. Tá mé thar a bheith buíoch as an otharcharr a bhí ar fáil dom," a dúirt sí ina dhiaidh.

Laistigh de cheithre mhí tá an t-otharcharr tar éis cúnamh a thabhairt chun 25 bean a choinneáil ina mbeatha i gCeantar Kongwe, de réir Eugene Kidyala, comhordaitheoir áitiúil na hAireachta Sláinte. Mar sin tá Happy Jonas i measc an iliomad daoine a bhain sochar as na saoráidí feabhsaithe áitiúla faoin gclár "Delivering as One UN Reform", atá á phíolótú sa Tansáin agus i seacht gcinn de thíortha eile. An aidhm atá leis an gclár ná éifeachtacht níos fearr a sholáthar chomh maith le torthaí forbartha.

Faoi Chomhchlár na NA, arna thacú ag Éirinn agus ag deontóirí idirnáisiúnta eile, tá sé ghníomhaireacht de chuid na NA i gcomhar le rialtas na Tansáine ag obair chun feabhas a chur ar chúram máthar i dtír ina bhfuil ceann de na rátaí is airde ar domhan mortlaíochta máthar agus linbh . Tá bean sa Tansáin breis is 500 uair níos dóchúla bás a fháil agus í i dtinneas clainne ná mar atá bean in Éirinn. Tá an ráta ard mortlaíochta ionchurtha i leith droch-rochtana ar chóireáil leighis i gcás deacrachtaí bunúsacha agus bean ag breith linbh.

Tá ag éirí leis an bhfeachtas. Thit an ráta mortlaíochta do leanaí faoi bhun aois a cúig ó 147 go 91 in aghaidh an 1,000 breith bheo idir 2004 agus 2008.

Thacaigh Cúnamh Éireann le Rialtas na Tansáine méadú ar an infheistíocht san earnáil sláinte. Mhéadaigh caiteachas an Rialtais ar shláinte in aghaidh an duine faoi chúig idir 2000 agus 2008, le tacaíocht ó Chúnamh Éireann agus ó dheontóirí idirnáisiúnta eile.

# CÚNAMH ÉIFEACHTACH

**Tá cúnamh éifeachtach nuair a sholáthraíonn sé na torthaí is fearr do dhaoine bochta agus nuair a chuidíonn le tíortha a spriocanna forbartha féin a bhaint amach.**

Cuireann Éire cúnamh ar fáil ar bhealach a urramaíonn tosaíochtaí na dtíortha comhpháirteacha, a thógann ar scileanna agus acmhainn na ndaoine agus na n-institiúidí agus a bhaineann úsáid níos fearr as córais áitiúla chun seirbhísí a sholáthar agus cuntasacht do shaoránaigh a fheabhsú.  I gcás cúnaimh a sholáthraítear trí chórais na tíre féin cuireann sé chun cinn na freagrachta agus na trédhearcachta náisiúnta agus cuireann ar chumas na ndeontóirí a chinntiú go neartaítear cuntasacht.

Leagtar amach i bPleananna Straitéise Tíre Chúnamh Éireann na príomhréisí tacaíochta do phleananna forbartha na dtíortha comhpháirteacha agus na mbuiséad arna leithdháileadh thar thréimhse ceithre go cúig bliana. Cuidíonn seo le rialtais agus le páirtithe eile pleanáil agus buiséadú níos éifeachtaí. Sainaithnítear i gcreata torthaí an cion a dhéanfaidh Éire do spriocanna agus cuspóirí na tíre. Tá gach comhpháirtí freagrach as torthaí a bhaint amach. Déantar athbhreithnithe bliantúla i gcomhar le rialtais chomhpháirteacha agus le deontóirí chun dul chun cinn a mheas i gcoinne na spriocanna comhaontaithe. Tá Cúnamh Éireann ag obair i gcomhar le páirtithe iltaobhacha agus neamhrialtasacha chun a chinntiú go ndéanfaidh an cúnamh a  sholáthraítear trí na páirtithe sin cur le laghdú na bochtaineachta agus an ocrais.

### Meastóireacht agus Iniúchadh

I gceist sa mheastóireacht agus iniúchadh ar mhaoiniú Chúnamh Éireann tá dhá phróiseas ar leithligh arna ndearadh lena chinntiú go bhfuil Cúnamh Éireann ag obair d'fhonn a chuspóir uileghabhálach a bhaint amach – eadhon laghdú na bochtaineachta; go bhfuil cistí poiblí á n-úsáid don chuspóir a bhí i gceist leo; agus go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach.

### Meastóireacht :

Reáchtálann Aonad Meastóireachta agus Iniúchta na Roinne Gnóthaí Eachtracha meastóireachtaí a bhfuil tábhacht phríomhúil straitéiseach ag baint leo do Chúnamh Éireann. De bhreis air sin, reáchtálann aonaid oibríochta gnó Chúnamh Éireann, lena n-áirítear oifigí allamuigh, meastóireachtaí.

I measc na bpríomh-mheastóireachtaí a cuireadh i gcrích sa bhliain 2009 bhí:

- Meastóireacht ar straitéis eatramhach Chúnamh Éireann do Siarra Leon.
- Athbhreithniú ar chomhpháirtíocht Chúnamh Éireann - Dóchas.
- Meastóireacht ar Chlár Tíre Uganda.
- Athbhreithniú ar obair World Vision sa tSúdáin Theas.
- Athbhreithniú faoi Luach ar Airgead agus Polasaí sa tacaíocht a sholáthair Cúnamh Éireann do VEID agus SEIF, 2000-2007.

Ag teacht leis na gealltanais oibriú go dlúth le deontóirí, glacann an tAonad Iniúchta páirt i gcomh-mheastóireachtaí freisin. Áirítear i measc na meastóireachtaí iltíre agus na gcomh-mheastóireactaí atá ar bun faoi láthair cur i bhfeidhm Dhearbhú Pháras, an tionchar ag Tacaíocht Buiséid, Cláir um Leasú Bhainistiú an Airgeadais Phoiblí  agus Cláir um Leasú an Rialachais san Earnáil Phoiblí.

Le linn 2009, rinne an tAonad Meastóireachta agus Iniúchta athbhreithniú ar an mbealach a ndéanann sé meastóireachtaí tíre d'fhonn iad a dhéanamh níos úsáidí agus níos comhréirí le Accra Agenda for Action.

Tá comhchláir tíre ina bpríomhghné sa chur chuige nua seo. Sampla eile ná meastóireacht ar chláir chúnaimh na hÉireann agus na RA sa Tansáin a bhfuil tús le cur leo go luath. Déanfaidh seo iniúchadh ar an gcion i leith laghdú bochtaineachta, ar an raon gcur chuige a glacadh agus ar na ceachtanna atá le foghlaim ó eispéiris sa dá thír. Beidh rialtais óstála agus páirtithe eile níos baintí ná riamh leis na bpleanáil do mheastóireachtaí agus déanfar ullmhúchán na meastóireachtaí a chomhtháthú ag céim níos luaithe den phleanáil straitéise tíre.

### Iniúchadh :

Tá an tAonad Meastóireachta agus Iniúchta freagrach as iniúchadh inmheánach agus tuarascálacha d'Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha a fheidhmíonn mar Oifigeach Cuntasachta don bhuiséad cúnaimh coigríche. Déanann an Coiste Iniúchta maoirseacht freisin ar obair an Aonaid. An ról aige ná tuairisciú ar cibé acu ar úsáideadh na cistí le haghaidh na gcuspóirí a bhí beartaithe dóibh, agus de réir na ngnáthamh ceart, nó nach ndearnadh.

Díríonn an t-iniúchadh ar réimsí a bhfuil riosca níos suntasaí ag baint leo sa chlár oibre foriomlán cúnaimh. Nascann obair an Aonaid Mheastóireachta agus Iniúchta obair iniúchta arna reáchtáil ag an Aonad féin, le hobair arna choimisiúnú ag Cúnamh Éireann agus arna dhéanamh sna clárthíortha ag institiúidí náisiúnta iniúchta.

# Riosca a Aithint, a Bhainistiú agus a Mhaolú

Déantar athbhreithniú ar na próisis atá i gceist le cinneadh a dhéanamh deontas a bhronnadh le go gcaithfeadh páirtithe Chúnamh Éireann é agus cuireann siad comhairle ar fáil faoi iniúchadh inmheánach – tugtar 'iniúchóireacht tosaigh' air seo go minic. Cuireann seo 'réamh'-dhearbhuithe ar fáil faoi na córais ag na páirtithe atá ag fáil chistí Chúnamh Éireann, faoin gcaoi a mbainistíonn siad na cistí sin, agus faoi struchtúr na gclár arna maoiniú. Le hathruithe de shíor sa soláthar cúnaimh, agus sna modhanna in úsáid, tá seo níos mó ina réimse spriocdhírithe don iniúchadh ná mar a bhí riamh, agus ceann a d'fhéadfadh luach breise a thabhairt.

Riosca a shainaithint, a bhainistiú agus a mhaolú
Tá sainaithint, bainistiú agus maolú riosca ina ghé riachtanach d'aon chlár cúnaimh coigríche. Tá clár Chúnamh Éireann dírithe go maith ar laghdú na bochtaineachta domhanda agus an ocrais dhomhanda. Toisc a nádúir, feidhmíonn sé i dtimpeallacht chasta dheacair i roinnt de na tíortha is boichte ar domhan, agus trí raon de pháirtithe éagsúla.

Tá Cúnamh Éireann íogair i leith gach cineál riosca – straitéiseach, airgeadais, oibríochtúil agus dea-cháile, agus tá sé treoraithe ina chur chuig i leith bhainistiú an riosca trí Pholasaí agus Clár Bainistithe Riosca níos leithne na Roinne Gnóthaí Eachtracha. Soláthraíonn seo creat do shainaithint agus do mhonatóiriú riosca, faoi scáth Choiste Bainistithe Riosca na Roinne.

I gCúnamh Éireann, tá béim láidir ar fheasacht agus maolú riosca ar gach leibhéal agus i ngach réimse den chlár. Tá sainaithint agus bainistiú riosca ina bhunchuid de phróisis bhainistíochta do rannóga sa Cheanncheathrú agus sna misin sa ghort. Déantar rioscaí a mheas i dtéarmaí na dochúlachta go dtarlóidís agus go mbeadh tionchar acu ar bhaint amach chuspóirí an chláir, agus déantar iad a rangú agus tugtar tús áite dóibh dá réir.

Ar na rioscaí is tromchúisí do Chúnamh Éireann tá rioscaí airgeadais, ag baint leis an bhféidearthacht go gcaillfí airgead nó go mbeadh calaois airgid ann, agus rioscaí oibríochtúla, ag baint le cumais ár gcuspóirí cláir a chomhlíonadh i gcomhthéacs laghdú na n-acmhainní daonna agus airgeadais. Chun na rioscaí seo a mhaolú, chuir Cúnamh Éireann raon beart rialaithe i bhfeidhm, lena n-áirítear próisis bhreithmheasa agus faofa stuama, agus déantar athbhreithniú leanúnach ar rialuithe airgeadais agus ar chórais iniúchta. Oibríonn Cúnamh Éireann go dlúth freisin le Coiste Cúnaimh Forbartha na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta agus páirtithe iomchuí inár dtíortha comhpháirteacha, faoi dhaingniú cleachtas agus córas tíre.

Cinntíonn cur chuige Chúnamh Éireann go ndéantar i gcónaí measúnú agus bainistiú ceart ar na rioscaí dosheachanta a bhaineann le bheith ag obair chun bochtaineacht agus ocras a laghdú i roinnt de na tíortha is lú forbairt.

## Tuarascáil faoi Athbhreithniú Bainistíochta Chúnamh Éireann

Ag eascairt ó Pháipéar Bán Chúnamh Éireann 2006, rinne cuideachta chomhairleoireachta FGS athbhreithniú ar chórais, struchtúir agus gnáthaimh an chláir thar ceann na Roinne Gnóthaí Eachracha agus na Roinne Airgeadais.

Léirigh an tuarascáil, arna fhaomhadh ag an Rialtas i mí Iúil 2009, roinnt saincheisteanna agus roinnt moltaí. Leagadh béim ann ar go bhfuil Cúnamh Éireann ina chuid níos tábhachtaí ná riamh d'obair na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus ina chroí-ghné de pholasaí eachtrach agus ina thionchar idirnáisiúnta d'Éirinn.

Bhreithnigh Athbhreithniú na Bainistíochta cibé acu an bhfuil na socruithe rialachais leordhóthanach, nó nach bhfuil, nó an mbeadh samhail nua, mar shampla gníomhaireacht a chruthú, ar bhealach níos éifeachtaí chun an clár a sholáthar. Moladh go láidir san Athbhreithniú go bhfanfadh an clár ina bhunchuid den Roinn Gnóthaí Eachtracha agus gur chóir go mbeadh comhtháthú níos mó agus níos struchtúrtha ann isteach in obair na Roinne, agus dá bhrí sin, i bpolasaí eachtrach na hÉireann. Áirítear san Athbhreithniú Bainistíochta na moltaí sonracha seo a leanas:

– Ba chóir clár Chúnamh Éireann a chomhtháthú níos fearr le feidhmeanna na Roinne Gnóthaí Eachtracha.
– Ba chóir foras neamh-fheidhmiúcháin a chur in ionad Bhord Comhairleach Chúnamh Éireann, ar a mbeadh saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag tuairisciú don Aire.
– Dhéanfadh Grúpa Stiúrtha nua, le cathaoirleacht Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha, maoirseacht ar chomhtháthú iomlán an chláir chúnaimh laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha, agus threoródh seo treo straitéiseach an chomhair forbartha laistigh den pholasaí foriomlán eachtrach.

D'fhormhuinigh an Rialtas an tuarascáil agus a príomh-mholtaí, ach amháin an moladh gur cóir ainm na Roinne Gnóthaí Eachtracha a athrú, i bhfianaise go gcuireann an t-ainm atá ar an Roinn faoi láthair, a bhfuil aithint air go forleathan sa bhaile agus thar lear, in iúl agus tá an tuiscint ann go gcuireann in iúl, brí iomlán obair na Roinne, lena n-áirítear a chlár cúnaimh. Tá cur i bhfeidhm na tuarascála ar bun. Féadtar téacs iomlán na tuarascála a fháil ar shuíomh gréasáin Chúnamh Éireann : http:// www.irishaid.gov.ie/

## Coiste Idir-rannach ar Fhorbairt

Cuireann an Coiste Idir-rannach ar Fhorbairt, a bhfuil an tAire Stáit do Chomhar Forbartha Coigríche (CFC) ina chathaoirleach air, fóram ar fáil don idirphlé faoi impleachtaí forbartha na bpolasaithe agus na ngníomhaíochtaí rialtais nach mbaineann le cúnamh. Bhí ról tábhachtach ag Éirinn i gcur chun cinn Polasaí Comhleanúnachais don Fhorbairt, a bhfuil mar aidhm aige deireadh a chur le neamhréireachtaí idir polasaí forbartha agus na réimsí trádáil agus airgeadas, athrú aeráide, slándáil dhomhanda bia, imirce agus slándáil dhomhanda.

D'aithin an Coiste freisin deiseanna chun úsáid a bhaint as saineolas agus scileanna ó gach cuid den tseirbhís phoiblí chun tacú le clár cúnaimh forbartha oifigiúil na hÉireann.

Chun comhleanúnachas níos fearr a chothú idir CFC agus polasaithe nach mbaineann le CFC, d'eagraigh Cúnamh Éireann, thar ceann an Choiste, Seimineáir um Fheasacht Forbartha, ag cur le feasacht na hÉireann i leith cuspóirí agus cláir forbartha.

Rinne an Coiste freisin coimisiúnú ar staidéar ar riachtanais theicniúla chlárthíortha Chúnamh Éireann, agus iniúchadh ar scileanna agus saineolas iomchuí forbartha ar fud na seirbhíse poiblí. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, chuir Cúnamh Éireann le plé agus comhaontuithe san Aontas Eorpach agus leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar an gcaoi a bhféadfaí comhleanúnachas polasaí a chur chun cinn.

# PÁIRTÍOCHT LE POBAL NA hÉIREANN

# Pobal an hÉireann a chur ar an Eolas




Lá na hAfraice: Gairdíní Uíbh Eachach. Baile Átha Cliath. D'fhreastail breis is 15,000 duine ar ócáid Chúnamh Éireann i nGairdíní Uíbh Eachach, Baile Átha Cliath, i mí Bealtaine 2009.
Grianghraf: Daniel Rowan

Infheistíocht shuntasach ar chistí poiblí na tíre atá i gclár Chúnamh Éireann. Tá sé tábhachtach go mbeadh níos mó feasachta ann i measc an phobail i leith saincheisteanna forbartha domhanda agus faoin gcion a dhéanann Éire chun dul i ngleic le bochtaineacht agus ocras domhanda. Ar na gníomhaíochtaí chun an sprioc seo a bhaint amach tá cur chun cinn ar chlúdach níos doimhne sna meáin ar na saincheisteanna seo agus ar an gclár cúnaimh; for-rochtain phoiblí trí rannpháirtíocht in imeachtaí náisiúnta, agus eolas arna sholáthar trí Ionad Saorálaíochta agus Eolais Chúnamh Éireann, suíomh gréasáin agus foilseacháin Chúnamh Éireann.

Cothaíonn an rannpháirtíocht in imeachtaí náisiúnta feasacht agus spreagann aiseolas ón bpobal i gcoitinne faoi chlár Chúnamh Éireann agus faoi shaincheisteanna forbartha domhanda. Ar bhuaicphointí ghníomhaíochtaí for-rochtana Chúnamh Éireann bhí lá imeachtaí arna eagrú chun Lá na hAfraice a cheiliúradh agus rannpháirtíocht sa Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus san fhéile cheoil an Electric Picnic.

**Lá na hAfraice**

Sa bhliain 2009 reáchtáladh laethanta náisiúnta don teaghlach i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach, agus tacaíodh le 29 imeacht pobail ar fud na tíre, ar fhreastail breis is 30,000 duine orthu.

Thug na himeachtaí seo an deis do dhaoine ar fud na hÉireann páirt a ghlacadh i mblaiseadh a fháil ar cheol, damhsa, scannáin, stair, ealaín agus saol sóisialta agus polaitiúil na hAfraice. Spreag na himeachtaí feasacht freisin i leith obair Chúnamh Éireann i gcomhpháirt leis an Afraic chun forbairt inbhuanaithe a chothú.

LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS AR THACAÍOCHT CHÚNAMH ÉIREANN DO LÁ NA HAFRAICE TÉIGH CHUIG SUÍOMH GRÉASÁIN LÁ NA HAFRAICE WWW.AFRICADAY.IE

# Cúnamh Éireann sna Meáin

Tá ról ríthábhachtach ag na meáin i gcur chun cinn thuiscint an phobail i leith saincheisteanna domhanda. Bhunaigh Cúnamh Éireann Ciste Meáin Simon Cumbers sa bhliain 2005 i ndíl chuimhne iriseoir agus fear ceamara Éireannacha, nach maireann, Simon Cumbers. D'infheistigh Cúnamh Éireann sa Chiste chun cur leis an gclúdach sna meáin in Éirinn faoi shaincheisteanna forbartha. Tá sé beartaithe leis an gciste éascú a dhéanamh ar chlúdach atá cothrom, réalaíoch faoi dhúshláin, agus faoi dheiseanna freisin, atá i ndán do thíortha i mbéal forbartha, agus an dul dun cinn atá bainte amach. Sa bhliain 2009, thacaigh Cúnamh Éireann le 39 alt faoi fhorbairt choigríche agus chuir síol-mhaoiniú ar fáil do 10 dtionscadal teilifíse a bhaineann le cúrsaí forbartha.

LE HAGHAIDH TUILLEADH EOLAIS AR CHISTE MEÁIN SIMON CUMBERS, LENA N-ÁIRÍTEAR LIOSTA IOMLÁN DE THIONSCADAIL A FUAIR TACAÍOCHT Ó CHÚNAMH ÉIREANN, FÉACH SUÍOMH GRÉASÁIN CHISTE MEÁIN SIMON CUMBERS - HTTP://WWW.SIMONCUMBERSMEDIAFUND.IE

# Ionad Saorálaíochta agus Eolais Chúnamh Éireann

Osclaíodh Ionad Saorálaíochta agus Eolais Chúnamh Éireann, ar Shráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath, sa bhliain 2008 chun eolas agus comhairle a sholáthar faoi obair dheonach thar lear agus faoi fhorbairt dhomhanda agus an obair a bhíonn ar bun faoi chlár Chúnamh Éireann.

Tugann tuairim is 1,000 duine cuairt ar an Ionad gach mí, agus tá an tIonad ina acmhainn shuntasach don earnáil forbartha. Reáchtáladh breis is 230 imeacht san ionad a bhain le cúrsaí forbartha sa bhliain 2009, lena n-áirítear 81 imeacht a bhain le hobair dheonach, agus sin thuas ar an iomlán de 171 imeacht sa bhliain 2008.

Chomh maith leis sin, forbraíodh clár scoile an Ionaid níos mó nuair a osclaíodh Khulungira, sa bhliain 2009, atá ina thaispeántas nua bia agus ocrais bunaithe i sráidbhaile sa Mhaláiv agus forbairt ar cheardlanna nua ar shlándáil bia. Ghlac breis is 3,300 mac léinn páirt i gcláir oideachais an Ionaid sa bhliain 2009.

D'óstáil an tIonad dhá Aonach Oibre Deonaí de chuid Chúnamh Éireann agus d'fhreastail beagnach 700 duine orthu. Reáchtáil an tIonad freisin 10 dtaispeántas shealadacha agus dhéileáil le breis is 2,200 fiosrúchán faoi obair dheonach agus faoi fhorbairt.



Ionad Saorálaíochta agus Eolais Chúnamh Éireann, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath. Grianghraf: Dennis Gilbert

# Oideachas faoin bhForbairt

Cuidíonn an t-oideachas faoin bhforbairt cur leis an méid a bhfuil pobal na tíre páirteach i saincheisteanna forbartha. Sa phiar-mheasúnú a rinne Coiste Cúnaimh Forbartha an OECD ar Éirinn agus a foilsíodh i mí Bealtaine 2009, moladh Cúnamh Éireann as an straitéis chuimsitheach acu i leith an oideachais faoin bhforbairt, agus é sin tacaithe ag buiséad tiomnaithe.

Sa straitéis cúig bliana dar teideal, "Promoting Public Engagement for Development 2007-2011", leagtar amach go soiléir aidhmeanna agus tosaíochtaí agus ainmníonn na príomhpháirtithe. Déantar maoiniú a sheoladh tríd an Scéim Mhaoiniúcháin don Oideachais faoin bhForbairt, trí chomhpháirtíochtaí ilbhliantúla i réimsí na hoibre leis an óige agus trí oideachas do bhunmhúitneoirí, agus trí scéimeanna dámhachtana scoile. San iomlán, chaith Cúnamh Éireann breis is €5 mhilliún ar an oideachas faoin bhforbairt sa bhliain 2009.
Ar na buaicphointí le linn 2009 san oideachas faoin bhforbairt bhí siad seo a leanas:

- Bronnadh deontais, dar luach breis is €1 mhilliún, ar eagraíochtaí neamhrialtasacha, ar institiúidí oideachais agus ar eagraíochtaí eile na sochaí sibhialta, faoin Scéim Mhaoiniúcháin don Oideachais faoin bhForbair;.
- Bronnadh maoiniú ar 34 scoil agus ceithre bhraisle scoileanna faoin WorldWise – a nascann agus a thumann scoileanna, agus déanann Léargas an scéim seo a ria;.
- Ghlac breis is 500 bunscoil in Éirinn, Thuaidh agus Theas, páirt in "Our World Irish Aid Awards", a chothaíonn feasacht i leith Spriocanna Forbartha na Mílaois;.n Urraíocht Chúnamh Éireann laistigh den chlár Young Social Innovators (YSI). Bhuaigh Presentation Secondary School, Tiobraid Árann duais Chúnamh Éireann, sa chatagóir urraithe 'One World'. Ba iad mic léinn as St. Peter's College, An Mhí, agus Coláiste Bhríde, Cill Mhantáin, sa chatagóir "One World" freisin, a bhain amach mórdhuaiseanna an chomórtais YSI 200;.
- Dámhachtain Chúnamh Éireann agus Self Help Africa "Science for Development". Bhuaigh Muckross Park College, Baile Átha Cliath an dámhachtain "Science for Development", arna urrú ag Cúnamh Éireann, mar chuid den taispeántas BT Young Scientist and Technology Exhibitio;.
- Foilsiú agus scaipeadh leabhar "One World Our World", do dhaltaí 10 -12 bhliain d'aois, a dhíríonn ar chúig cinn de thíortha comhpháirteacha Chúnamh Éireann.



Gradaim Chúnamh Éireann 'Our World' 2009-10 An tAire Stáit, Peter Power, le daltaí agus múinteoir i mBunscoil Crehana, Port Láirge, buaiteoirí mhórdhuais an chomórtais.
Grianghraf: Maxwells

# COMHPHÁIRTÍOCHTÁÍ SAN ARDOIDEACHAS

# Clár don Chomhar Straitéiseach.

Déanann institiúidí ardoideachais na hÉireann a gcion ar son an chomhraic in aghaidh na bochtaineachta agus an ocrais dhomhanda trí ardtaighde sna réimsí seo agus malartaithe acadúla agus iarrachtaí chun acmhainn a thógáil le hOllscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta i dtíortha atá i mbéal forbartha.

Déanann an Clár um Chomhar Straitéiseach le Institiúidí Ardoideachais agus Taighde, 2007-2011, cothú ar naisc agus ar chomhar feabhsaithe idir institiúide na hÉireann, agus na cinn sna tíortha sin a dtacaíonn Cúnamh Éireann leo. Tá fócas láidir sa chlár ar a chinntiú go bhfaigheann foireann acadúil in ollscoileanna san Afraic na scileanna agus an saineolas is gá chun cur go héifeachtach le laghdú na bochtaineachta.

B'ionann an caiteachas ar an gclár sa bhliain 2009 agus €1.4 milliún, a chuimsigh den chuid is mó maoiniú le haghaidh ocht dtionscad08. Go dtí seo, bunaíodh raon leathan de chláir chomhpháirtíochta. Mar thoradh ar na cláir seo forbraíodh comhchláir oideachais agus taighde i bpríomhréimsí forbartha, a áiríonn, sláinte, oideachas, uisce agus sláintíocht agus an comhshaol.



# Cás staidéar
# An Tionscadal 'Water is Life',Uganda



An Dr Paul McArtain ó Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, le roinnt den phobal áitiúil i bparóiste Makondo, Uganda

Is éard atá sa Tionscadal 'Water is Life' nó 'Amazzi Bulamu' ná comhpháirtíocht idir Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, Ollscoil in Kampala, Uganda, agus an grúpa Medical Missionaries of Mary. An aidhm atá leis an tionscadal ná taighde a dhéanamh a thacaíonn le bainistiú uisce mar ghné riachtanacn d'fhorbairtí eacnamaíochta agus sóisialta in áiteanna iargúlta in Uganda.

Earcaíodh seacht mac léinn ó Uganda agus mac léinn amháin ón Mhaláiv sa bhliain 2009 chun taighde a dhéanamh mar chuid dá staidéir PhD. Déanfaidh acadóirí in Éirinn agus in Uganda maoirseacht ar na mic léinn seo. Ar na topaicí taighde atá ar bun acu tá: teicneolaíochtaí inbhuanaithe do chaidéil uisce, measúnú a dhéanamh ar riachtanais uisce i bpobail, agus iniúchadh a dhéanamh ar theicneolaíocht nua chun uisce óil a dhífhabhtú, ag baint úsáide as fuinneamh na gréine.

**Taighde**

Tá an taighde riachtanach má táthar chun dul i ngleic leis na fadhbanna a chuireann le bochtaineacht i dtíortha i mbéal forbartha. Áirítear ina measc tús le hathrú aeráide, fás an daonra, neamhshlándáil bia, éagothroime inscne, rialachas neamhleor, coinbhleacht agus sláinte phoiblí ag meath. Is infheistíocht mhaith é an taighde sna réimsí seo agus cuireann le heolas agus roghanna a bhíonn ar fáil d'fhorbairt polasaí agus do chur i bhfeidhm agus meastóireacht clár.Maoiniú suntasach atá curtha ar fáil ag Cúnamh Éireann don taighde, arb ionann é agus breis is €70 milliún, ar fud raon earnálacha le roinnt blianta anuas. Tugadh formhór an mhaoiniúcháin d'earnálacha na Sláinte agus VEID. Cuireadh an maoiniúchán seo ar fáil ar bhealaí agus trí shocruithe éagsúla le tíortha comhpháirteacha, institiúidí acadúla agus deontóirí a bhfuil na haidhmeanna céanna acu. Chomh maith leis an gClár um Chomhar Straitéiseach áirítear i measc na samplaí:

Comhpháirtíocht leis an mBord Taighde Sláinte (BTS) ón mbliain 2005 i leith, trí Mheamram Tuisceana dar teideal "In Support of Better Health for the Poor". An aidhm leis an gcomhpháirtíocht seo ná spéis a spreagadh i measc taighdeoirí agus institiúidí taighde Éireannacha, agus cuidiú le tógáil na hacmhainne taighde sláinte i dtíortha i mbéal forbartha. Cuireadh maoiniú de bhreis is €4 mhilliún ar fáil don BTS chun tacú leis an Scéim Dámhachtainí Sláinte Domhanda agus Deontas Líonraithe Sláinte Domhanda.

Tacaíonn Cúnamh Éireann leis an nGrúpa Comhairle um Thaighde Idirnáisiúnta Talmhaíochta (CGIAR), atá ar an gcóras taighde idirnáisiúnta talmhaíochta is mó. An aidhm atá leis ná méadú, ar bhealach inbhuanaithe, ar tháirgeadh bia chothaithigh do dhaoine bochta. Chuir Éire €8 milliún ar fáil do CGIAR sa bhliain 2009, a thacaigh leis an dá ionad taighde sa Mhaláiv, Uganda agus san Aetóip.

**Clár Comhaltachta Oiliúna**

Chuidigh Clár Comhaltachta Oiliúna Chúnamh Éireann le 116 mac léinn ó thíortha comhpháirteacha staidéir iarchéime a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le forbairt sa bhliain 2009, ar chostas de €1.62m. D'áirigh seo mic léinn ag leanúint lena staidéir ó bhlianta roimh ré, chomh maith le 31 faighteoirí comhaltachta eile do 2009. D'imigh na mic léinn i mbun a gcuid staidéir in ollscoileanna in Éirinn, nó ina réigiún féin.

Cuireann Clár Comhaltachta Oiliúna Chúnamh Éireann deiseanna ar fáil do dhaoine a bhfuil saineolas agus tiomantas acu don fhorbairt, páirt a ghlacadh sa bhreisoideachas agus oiliúint. Ar chríochnú a staidéir dóibh, bíonn na comhaltaí tiomanta de filleadh ar a dtíortha dúchais agus a scileanna a úsáid chun sochair a n-eagraíochtaí agus a bpobail féin. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2009 chun an clár seo a nascadh níos dlúithe le straitéisí laghdaithe bochtaineachta i dtíortha comhpháirteacha Chúnamh Éireann, trí chur cinn cinn comhaltachtaí laistigh d'eagraíochtaí comhpháirteacha agus de mhinistreachtaí comhpháirteacha.

**An Chomhairle do Mhic Léinn Idirnáisiúnta in Éirinn**

Fuair an Chomhairle do Mhic Léinn Idirnáisiúnta in Éirinn €274,280 chun seirbhísí riaracháin agus tacaíochta a sholáthar do shealbhóirí comhaltachta.

**Ionad Chamaí don Staidéar faoin bhForbairt**

Chuir Ionad Chamaí don Staidéar faoin bhForbairt cúrsaí ar fáil san fhorbairt le haghaidh bris is 100 mac léinn le linn 2009. Fuair an tIonad maoiniú de bhreis is €390,000, faoi chomhaontú comhpháirtíochta cúig bliana le Cúnamh Éireann a cuireadh i gcrích i 2009.

# Cás-staidéar
# Comhaltacht Chúnamh Éireann 2009

Bronnadh dámhachtain de chuid Chúnamh Éireann ar James Lewanika Mlamba, ón Mhaláiv, sa bhliain 2009. Roghnaigh James staidéar a dhéanamh ar Mháistreacht Eolaíochta sa Bhainistiú Acmhainní Comhshaoil, i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Rinne James an rogha d'aon ghnó clár staidéir 16 mhí a dhéanamh ag UCD.

"Roghnaigh mé an cúrsa seo mar go bhfuil sé thar a bheith ábhartha don phost a dhéanaim sa Mhaláiv, ag obair i réimse an bhainistithe talún agus uisce san Aireacht Talmhaíochta," a deir sé.

"Tá an Chomhaltacht an-tábhachtach dom mar go dtugann sé an deis dom cur le mo thuiscint ar an ngaol idir talmhaíocht agus an comhshaol." Thug an cúrsa seo níos mó léargais dom freisin ar an gcaoi a dtéann gníomhaíochtaí lasmuigh d'earnáil na talmhaíochta i bhfeidhm ar tháirgeacht.

"An post atá agam sa Mhaláiv ná oiliúint a chur ar fhoireann allamuigh faoi chúrsaí bainistithe talún agus uisce, agus tá roinnt den chlár a chuimsíonn caomhnú ithreach agus uisce, atá ríthábhachtach i m'obair mar oiliúnóir."

Ina thuairim, cuirfidh an cúrsa ar a chumas páirt níos fearr a ghlacadh i gcomhrac in aghaidh na bhfadhbanna sa Mhaláiv.

"Thug an cúrsa seo scileanna nua dom – mar shampla is mór an chabhair a bheidh sna modúil ar chórais faisnéise geografaí agus cian-chórais braite dom san Aireacht Talmhaíochta sa Mhaláiv."

**Bhí James Mlamba ar dhuine de na mic léinn a fuair Comhaltacht Chúnamh Éireann sa bhliain 2009. Grúpa ilchineálach mac léinn a bhí ann, ó Mhósaimbíc, ón tSaimbia, ón Bhurúin agus ón Vítneam, agus iad ag staidéar raon clár ag institiúidí tríú leibhéal in Éirinn agus ina réigiúin féin.**

**Chuidigh a staidéir i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath le James Mlamba measúnú níos éifeachtaí a dhéanamh ar na fadhbanna ina earnáil talmhaíochta na Maláive, agus foireann allamuigh a oiliúint sna teicnící is nuálaí sa bhainistiú talún agus uisce.**



James Lewanika Mlamba ón Mhaláiv, Comhalta de chuid Chúnamh Éireann, ar Shráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath

# IARSCRÍBHINNÍ

Iarscríbhinn 1 Cúnamh Coigríche Oifigiúil na hÉireann 67
Iarscríbhinn 2 CCO mar % den OIN - 2000 - 2008 68
Iarscríbhinn 3 Méideanna CCO : 2000 - 2009 69
Iarscríbhinn 4 Glan-CCO mar Chéatadán den OIN - Deontóirí DAC 70
Iarscríbhinn 5 Anailís ar CCO Déthaobhach 71
Iarscríbhinn 6 Anailís ar CCO Déthaobhach de réir Earnála 72
Iarscríbhinn 7 Anailís ar CCO Déthaobhach de réir Earnála 72
Iarscríbhinn 8 Anailís ar CCO Déthaobhach de réir Earnála 73
Iarscríbhinn 9 Anailís ar CCO Déthaobhach de réir na Tíre a Fuair 74
Iarscríbhinn 10 Achoimre ar Chaiteachas Clárthíre de réir Earnála 75
Iarscríbhinn 11 CCO Iltaobhach 76
Iarscríbhinn 12 Analysis of Multilateral ODA by Multilateral Agency 78
Iarscríbhinn 13 Scéimeanna Maoiniúcháin Éigeandála agus Téarnaimh De réir Tíre a fuair 78
Iarscríbhinn 14 Scéimeanna Maoiniúcháin Éigeandála agus Téarnaimh Anailís Gheografach 79
Iarscríbhinn 15 Scéimeanna Maoiniúcháin Éigeandála agus Téarnaimh - de réir Mhodh Seachadta 79
Iarscríbhinn 16 Scéimeanna na Sochaí Sibhialta de réir Tíre a Fuair 80
Iarscríbhinn 17 Scéimeanna Maoiniúcháin na Sochaí Sibhialta Anailís Gheografach 81
Iarscríbhinn 18 Anailís ar Scéimeanna na Sochaí Sibhialta de réir Earnála 81

# CÚNAMH FORBARTHA OIFIGIÚIL NA hÉIREANN – SAINMHÍNITHE

**Sainmhíniú agus Príomhstaitisticí**
Sainíonn Coiste um Chomhar Forbartha (CCF) an OECD cad is **Cúnamh Coigríche Forbartha Oifigiúil** ann mar seo a leanas:

Cúnamh a sheoltar go tíortha ar liosta an CCO de fhaighteoirí CCO agus go hinstitiúidí iltaobhacha do fhaighteoirí CCO:

(i) ar cúnamh é a chuireann gníomhaireachtaí oifigiúla ar fáil, lena n-áirítear an stát agus rialtais áitiúla nó a ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin; agus

(ii) agus i gcás gach idirbhirt dá chuid:
  (a) déantar é a riar le cur chun cinn na forbartha eacnamaíche agus leasa na dtíortha forbartha mar phríomhchuspóir; agus
  (b) atá faomhach agus a bhfuil gné deontais de ar a laghad 25% ag baint leis 25%.

**CCO Déthaobhach** – tarlaíonn seo go díreach idir an tír a dheonaíonn an t-airgead agus an tír atá i mbéal forbartha. Áiríonn CCO idirbhirt le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá gníomhach i bhforbairt agus in idirbhirt eile a bhaineann le cúrsaí forbartha cosúil le hairgead a chaitheamh ar chothú feasachta faoi fhorbairt agus costais riaracháin.

**CCO Iltaobhach** – is éard atá anseo ná ranníocaíochtaí le gníomhaireachtaí, institiúidí nó eagraíochtaí idirnáisiúnta ar Rialtais iad a mbaill, agus a reáchtálann a ngníomhaíochtaí uile nó roinnt dá ngníomhaíochtaí i bhfabhar na forbartha. Rangaítear ranníocaíochtaí mar CCO iltaobhach nuair a ‘chomhthiomsaíonn’ an eagraíocht a fuair an ranníocaíocht an t-airgead sin ionas gur bunchuid de shócmhainní airgeadais na gníomhaireachta iad.

Le haghaidh 2009 b’ionann ranníocaíocht iomlán na hÉireann i leith CCO agus €722.2 milliún a léiríonn 0.54% den OTI.

Rinne an Roinn Gnóthaí Eachtracha bainistiú ar €572.8 milliún agus coinníodh cuntas ar €150.3 milliún breise trí Ranna Rialtais eile – An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus an Roinn Airgeadais d’fhormhór – agus sciar na hÉireann de Bhuiséad um Chomhar Forbartha na NA.
Províonn clár CCO na hÉireann go dlúth ar laghdú na bochtaineachta agus ar dhíothú an ocrais – ag díriú ar líon teoranta de thíortha Afracacha d’fhormhór atá thar a bheith bocht.

Déantar na Cláir a sheachadadh trí mhodhanna éagsúla cúnaimh, go príomha sláinte, oideachas, rialachas agus daonlathas a thógáil, forbairt pobail, rialtas áitiúil agus earnálacha talmhaíochta.

Soláthraítear maoiniú do raon comhpháirtithe lena n-áirítear rialtais na dtíortha comhpháirteacha, eagraíochtaí neamhrialtais agus misinéireachta, na Náisiúin Aontaithe agus eagraíochtaí eile iltaobhacha agus idirnáisiúnta.

**Príomhfhíricí – 2009**
- Iomlán an Chúnaimh Coigríche Forbartha Oifigiúil €722.2 milliún
- Ranníocaíochta na hÉireann ná 0.54% den OTI i CCO
- 69% soláthartha mar CCO Déthaobhach - 31% mar CCO Iltaobhach
- Bhain breis is 80 tír sochar as CCO Déthaobhach na hÉireann
- Seoladh 80% den CCO Déthaobhach i dtreo na dTíortha is Lú Forbairt
- Seachadadh tuairim is aon trian de CCO Déthaobhach na hÉireann trí eagraíochtaí neamhrialtasac
- Seachadadh breis is leath den CCO Déthaobhach chuig naoi dtír chomhpháirteacha na hÉireann
- Seoladh beagnach 60% de CCO na hÉireann chuig na príomhearnálacha: Sláinte, Oideachas, Rialachas agus bonneagar sóisialta eile
- Caitheadh tuairim is 6% de CCO Déthaobhach ar bhainistiú cláir, iniúchadh agus meastóireacht

# IARSCRÍBHINN 1


## Cúnamh Coigríche Oifigiúil na hÉireann

| | € Milliúin 2009 | € Milliúin 2008 |
|---|---|---|
| Iomlán CCO | | |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha - Cúnamh Éireann | 571.835 | 768.737 |
| Ranna Rialtais Eile agus Ranníocóirí le Buiséad um Chomhar Forbartha an AE | 150.365 | 151.926 |
| Iomlán CCO | 722.200 | 920.663 |
| | | |
| OIN | 132,601 | 155,909 |
| CCO mar % de OIN | 0.54% | 0.59% |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha - Cúnamh Éireann mar % den CCO Iomlán | 79.18% | 83.50% |
| Ranna Rialtais Eile agus Ranníocóirí le Buiséad um Chomhar Forbartha an AE mar % den CCO Iomlán | 20.82% | 16.50% |
| | | |
| Anailís Dhéthaobhach/Iltaobhach | | |
| CCO Déthaobhach | | |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha - Cúnamh Éireann | 493.510 | 641.605 |
| Ranna Rialtais Eile agus Ranníocóirí le Buiséad um Chomhar Forbartha an AE | 7.249 | 8.346 |
| CCO Iomlán Déthaobhach | 500.759 | 649.951 |
| | | |
| CCO Iomlán Déthaobhach | | |
| CCO Iltaobhach | 78.325 | 127.132 |
| Ranna Rialtais Eile agus Ranníocóirí le Buiséad um Chomhar Forbartha an AE | 143.116 | 143.580 |
| | | |
| CCO Iomlán Iltaobhach | 221.441 | 270.712 |
| | | |
| CCO Iomlán | 722.200 | 920.663 |
| | | |
| CCO Déthaobhach mar % den CCO Iomlán A | 69% | 71% |
| | | |
| CCO Iltaobhach mar % den CCO Iomlán A | 31% | 29% |

# IARSCRÍBHINN 2

## CCO mar % den OIN - 2000 - 2008


| Bliain | CCO mar % den OTI |
|---|---|
| 2000 | 0.30% |
| 2001 | 0.33% |
| 2002 | 0.41% |
| 2003 | 0.40% |
| 2004 | 0.40% |
| 2005 | 0.43% |
| 2006 | 0.54% |
| 2007 | 0.54% |
| 2008 | 0.59% |
| 2009 | 0.54% |



# IARSCRÍBHINN 3


## Méideanna CCO : 2000 - 2009

| Bliain | CCO €m |
|---|---|
| 2000 | 254.86 |
| 2001 | 319.90 |
| 2002 | 422.06 |
| 2003 | 445.71 |
| 2004 | 488.92 |
| 2005 | 578.46 |
| 2006 | 813.96 |
| 2007 | 870.87 |
| 2008 | 920.66 |
| 2009 | 722.20 |



# IARSCRÍBHINN 4

## Glan-CCO mar Chéatadán den OIN - Deontóirí DAC




# IARSCRÍBHINN 5

## Anailís ar CCO Déthaobhach

| | 2009 €000s | 2008 €000s |
|---|---|---|
| Bainistiú agus Riar Cláir | | |
| | | |
| Bainistiú agus Riar Cláir | 32,188 | 35,083 |
| | | |
| **Clárthíortha** | | |
| An Aetóip | 27,554 | 36,058 |
| Leosóta | 11,451 | 9,167 |
| Mósaimbíc | 41,435 | 34,244 |
| An Tansáin | 33,469 | 37,995 |
| An Tíomór Thoir | 8,782 | 9,800 |
| An Mhaláiv | 35,371 | 41,666 |
| Uganda | 22,821 | 23,946 |
| An tSaimbia | 3,356 | 5,003 |
| Vítneam | 13,898 | 20,717 |
| | | |
| **Tíortha Eile** | | |
| An tSiombáib | 1,509 | 2,913 |
| An Afraic Theas | 6,294 | 11,361 |
| Siarra Leon | 5,893 | 7,085 |
| An Libéir | 6,130 | 7,615 |
| Tíortha Eile | 5,456 | 9,195 |
| | | |
| Scéimeanna Maoiniúcháin na Sochaí Sibhialta | 104,980 | 137,337 |
| Cláir Oibre Deonaí | 1,827 | 1,853 |
| Tionscnaimh Dhomhanda Oideachais | 8,610 | 9,002 |
| Tionscnaimh Dhomhanda Sláinte | 9,099 | 15,642 |
| Tionscnaimh Dhomhanda VEID/SEIF | 15,957 | 42,948 |
| Tionscnaimh Dhomhanda Ocrais | 6,688 | - |
| Cláir Thrasghearrthacha Eile | 4,046 | 9,843 |
| Comhar le hInstitiúidí Tríú Leibhéal | 1,392 | 3,643 |
| Oideachas Forbartha | 4,956 | 5,719 |
| Comhaltachtaí/Cúrsaí srl. | 2,002 | 3,038 |
| Eolas Poiblí | 1,790 | 2,281 |
| Cláir eile | 1,957 | 1,164 |
| Tionscnamh Mearfhreagartha | 4,502 | 4,500 |
| Cúnamh don Téarnamh | 7,170 | 16,962 |
| Ciste Cobhsaíochta | 6,927 | 8,825 |
| Cúnamh Éigeandála Daonnúil | 56,000 | 87,000 |
| | | |
| CCO Iomlán Déthaobhach: An Roinn Gnóthaí Eachtracha - Cúnamh Éireann | 493,510 | 641,605 |
| | | |
| CCO Déthaobhach ó Ranna Rialtais eile | | |
| | | |
| Ranna Éagsúla - íocaíocht incháilithe i leith teifeach (in Éirinn) | 309 | 796 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Iascaigh - Achainí Tíre CDB | - | 2,000 |
| Coimisinéirí Ioncaim; Scéim in-asbhainte roimh cháin | 6,940 | 5,550 |
| | | |
| CCO Déthaobhach Iomlán ó Ranna Rialtais Eile | 7,249 | 8,346 |
| | | |
| CCO Iomlán Déthaobhach | 500,759 | 649,951 |

# IARSCRÍBHINN 6

## Anailís ar CCO Déthaobhach de réir Mhodh Seachadta



| Modh Seachadta | €000s | % |
|---|---|---|
| Córais Rialtais i dTíortha Comhpháirteacha | 145,970 | 29.1% |
| Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus an tSochaí Shibhialta | 179,758 | 35.9% |
| Comhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha | 6,500 | 1.3% |
| Eagraíochtaí Iltaobhacha | 106,572 | 21.3% |
| Eile | 61,659 | 12.4% |
| **Iomlán** | **500,759** | **100%** |


# IARSCRÍBHINN 7

## Anailís ar CCO Déthaobhach de réir Earnála

| | 2009 | | 2008 | |
|---|---|---|---|---|
| Earnáil | €000s | mar % den C. Déthaobhach Iomlán | €000s | mar % den C. Déthaobhach Iomlán |
| Éigeandáil, Téarnamh agus Ullmhacht do Thubaistí | 70,104 | 14.0% | 124,240 | 19.1% |
| Sláinte, VEID agus SEIF | 106,860 | 21.3% | 138,193 | 21.3% |
| Rialachas agus an tSochaí Sibhialta | 77,464 | 15.5% | 97,607 | 15.0% |
| Oideachas | 64,188 | 12.8% | 83,407 | 12.8% |
| Forbairt Ilearnála agus Tuaithe | 15,632 | 3.1% | 28,207 | 4.3% |
| Bainistiú agus Riaradh Cláir | 32,188 | 6.4% | 35,051 | 5.4% |
| Talmhaíocht | 38,500 | 7.7% | 38,773 | 6.0% |
| Tacaíocht Ghinearálta do Bhuiséad | 23,653 | 4.7% | 24,265 | 3.7% |
| Uisce & Sláintíocht | 12,567 | 2.5% | 19,703 | 3.0% |
| Feasacht i leith na Forbartha | 7,225 | 1.4% | 10,564 | 1.6% |
| Ciste Bonneagair Shóisialta agus Bia Forbartha | 33,775 | 6.7% | 28,097 | 4.3% |
| Earnálacha Eile | 18,603 | 3.7% | 21,844 | 3.4% |
| Iomlán | 500,759 | 100.0% | 649,951 | 100% |

# IARSCRÍBHINN 8

## Anailís ar CCO Déthaobhach de réir Earnála



| Earnáil | €000s | mar % den C. Déthaobhach Iomlán |
|---|---|---|
| Éigeandáil, Téarnamh agus Ullmhacht do Thubaistí | 70,104 | 14.0% |
| Sláinte, VEID agus SEIF | 106,860 | 21.3% |
| Rialachas agus an tSochaí Sibhialta | 77,464 | 15.5% |
| Oideachas | 64,188 | 12.8% |
| Forbairt Ilearnála agus Tuaithe | 15,632 | 3.1% |
| Bainistiú agus Riaradh Cláir | 32,188 | 6.4% |
| Talmhaíocht | 38,500 | 7.7% |
| Tacaíocht Ghinearálta do Bhuiséad | 23,653 | 4.7% |
| Uisce & Sláintíocht | 12,567 | 2.5% |
| Feasacht i leith na Forbartha | 33,775 | 6.7% |
| Ciste Bonneagair Shóisialta agus Bia Forbartha | 18,603 | 3.7% |
| Earnálacha Eile | 7,225 | 1.4% |
| **Iomlán** | **500,759** | **100.0%** |

# IARSCRÍBHINN 9

## Anailís ar CCO Déthaobhach de réir na Tíre a Fuair

| | Riarachán<br>€000s | Cúnamh Inchláir Tíre<br>€000s | Tacaíocht trí Scéimeanna Maoiniúcháin na Sochaí Sibhialta<br>€000s | Éigeandáil agus Téarnamh<br>€000s | Réimsí Cláir Eile<br>€000s | CCO Iomlán<br>€000s |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Uganda | 1,924 | 35,371 | 7,178 | 673 | 861 | 46,006 |
| An Mhósaimbíc | 1,909 | 41,435 | 2,329 | 0 | 8 | 45,680 |
| An Aetóip | 2,072 | 27,554 | 6,442 | 1,420 | 15 | 37,503 |
| An Tansáin | 1,532 | 33,469 | 2,471 | 250 | 557 | 38,279 |
| An tSaimbia | 1,632 | 22,821 | 2,821 | 0 | 26 | 27,300 |
| An Mhaláiv | 1,060 | 8,782 | 3,064 | 250 | 2,502 | 15,659 |
| Vítneam | 884 | 12,812 | 59 | 0 | 0 | 13,755 |
| Leosóta | 846 | 11,451 | 0 | 0 | 32 | 12,328 |
| An tSúdáin | 0 | 0 | 5,636 | 4,545 | 609 | 10,790 |
| An Afraic Theas | 674 | 6,294 | 1,162 | 0 | 2,652 | 10,782 |
| Siarra Leon | 430 | 5,893 | 3,316 | 150 | 0 | 9,789 |
| An Chéinia | 0 | 0 | 6,561 | 1,778 | 0 | 8,339 |
| An Libéir | 0 | 0 | 754 | 6,288 | 0 | 7,043 |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó | 0 | 0 | 2,516 | 4,175 | 0 | 6,691 |
| Limistéir arna Riar ag an Phalaistín | 0 | 0 | 678 | 5,736 | 0 | 6,415 |
| An tSiombáib | 97 | 0 | 2,503 | 2,152 | 1,510 | 6,262 |
| An tSomáil | 0 | 0 | 513 | 4,856 | 0 | 5,369 |
| An Thíomór Thoir | 455 | 3,356 | 391 | 1,054 | 34 | 5,290 |
| An Afganastáin | 0 | 0 | 1,233 | 3,869 | 1 | 5,103 |
| Sead | 0 | 0 | 14 | 3,772 | 0 | 3,786 |
| An India | 0 | 0 | 3,506 | 100 | 2 | 3,608 |
| Hondúras | 0 | 0 | 2,880 | 0 | 0 | 2,880 |
| Poblacht na hAfraice Láir | 0 | 0 | 7 | 2,734 | 0 | 2,741 |
| An Bhurúin | 0 | 0 | 1,788 | 275 | 4 | 2,067 |
| An Phacastáin | 0 | 0 | 1,866 | 550 | 0 | 2,416 |
| An tSalvadóir | 0 | 0 | 1,748 | 200 | 1 | 1,950 |
| Angóla | 0 | 0 | 1,588 | 130 | 0 | 1,718 |
| An Bhanglaidéis | 0 | 0 | 1,606 | 80 | 0 | 1,686 |
| Gána | 0 | 0 | 1,002 | 155 | 500 | 1,657 |
| Ruanda | 0 | 0 | 1,468 | 0 | 0 | 1,468 |
| An Iaráic | 0 | 0 | 0 | 1,400 | 0 | 1,400 |
| An Chambóid | 0 | 0 | 848 | 0 | 500 | 1,348 |
| Nicearagua | 0 | 0 | 1,228 | 0 | 0 | 1,228 |
| An Cholóim | 0 | 0 | 1,206 | 0 | 0 | 1,206 |
| Guatamala | 0 | 0 | 1,152 | 0 | 0 | 1,152 |
| An Nigéir | 0 | 0 | 1,151 | 0 | 0 | 1,151 |
| Háítí | 0 | 0 | 1,017 | 0 | 0 | 1,017 |
| Laos | 0 | 0 | 390 | 0 | 622 | 1,012 |
| | | | | | | |
| An Afraic fho-Shahárach - Réigiúnach | 0 | 0 | 7,025 | 13,423 | 6,750 | 27,198 |
| An Áise Chianoirthir - Réigiúnach | 0 | 0 | 496 | 2,430 | 1,210 | 4,136 |
| Meiriceá Láir - Réigiúnach | 0 | 0 | 2,232 | 0 | 1,500 | 3,732 |
| An Áise Thoir Theas - Réigiúnach | 0 | 0 | 0 | 1,650 | 1,500 | 3,150 |
| An Meán-Oirthear - Réigiúnach | 0 | 0 | 0 | 1,000 | 0 | 1,000 |
| An Eoraip Thoir Theas - Réigiúnach | 0 | 0 | 0 | 0 | 407 | 407 |
| Tíortha Eile | 0 | 0 | 8,507 | 2,840 | 2,252 | 13,599 |
| Nach mbaineann le tír ar leith | 18,675 | 0 | 12,625 | 15,811 | 46,552 | 93,664 |
| Iomláin | 32,188 | 209,237 | 104,980 | 83,748 | 70,607 | 500,759 |

# IARSCRÍBHINN 10

## Achoimre ar Chaiteachas Clárthíre de réir Earnála

| Earnáil | An Aetóip €000's | Leosóta €000's | An Mhaláiv €000's | Mósaimbíc €000's | An Tansáin €000's | Uganda €000's | An tSaimbia €000's | Vítneam €000's | Tíomór Thoir €000's | Iomlán €000's |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Talmhaíocht | 3,300 | 268 | 4,240 | 2,531 | 4,765 | - | - | - | | 15,104 |
| Sláinte, VEID agus SEIF | 3,894 | 4,565 | 1,082 | 16,685 | 8,976 | 6,436 | 2,182 | 872 | - | 44,692 |
| Oideachas | - | 2,300 | 260 | 7,539 | 15 | 11,547 | 14,935 | 192 | - | 36,789 |
| Rialachas | 1,523 | 2,379 | 1,415 | 1,828 | 6,008 | 8,238 | 1,868 | 1,197 | 2,045 | 26,500 |
| Uisce agus Sláintíocht | - | 1,800 | - | 454 | - | 1,302 | 942 | - | - | 4,498 |
| Tacaíocht Ghinearálta Buiséid | - | - | - | 11,163 | 12,491 | - | - | - | - | 23,653 |
| Tacaíocht Ilearnála/Tuaithe | 4,636 | - | 1,457 | 235 | - | 6,689 | 210 | 7,000 | - | 20,228 |
| Bonneagar agus Seirbhísí Sóisialta | 11,602 | - | 169 | - | 700 | - | 2,684 | 1,960 | 763 | 17,879 |
| Freagairt Éigeandála agus Ullmhacht do Thubaistí | 1,850 | - | - | - | - | - | - | - | - | 1,850 |
| An Earnáil Phríobháideach agus Forbairt Eacnamaíochta | 750 | - | - | 1,000 | 514 | - | - | 1,943 | 223 | 4,430 |
| Tacaíocht Earnála Eile | 0 | 139 | 158 | - | - | 1,158 | - | 734 | 325 | 2,514 |
| Iomlán | 27,554 | 11,451 | 8,782 | 41,434 | 33,469 | 35,371 | 22,821 | 13,898 | 3,356 | 198,137 |
| Costais Bhainistithe agus Riaracháin Cláir | 2,072 | 846 | 1,060 | 1,909 | 1,532 | 1,924 | 1,632 | 884 | 455 | 12,313 |
| Iomlán an chaiteachais ar Chlárthíortha | 29,625 | 12,296 | 9,842 | 43,344 | 35,001 | 37,295 | 24,453 | 14,782 | 3,811 | 210,450 |

# IARSCRÍBHINN 11

## CCO Iltaobhach

| | Foinse CCO Iltaobhach | Vóta 29 / Cúnamh Éireann €000s | CCO Eile €000s | Iomlán €000s |
|---|---|---|---|---|
| **An Comhphobal Eorpach** | | | | |
| Buiséad AE (Comhar Forbartha) | Coimisiún an AE | | 95,060 | 95,060 |
| Ciste Forbartha na hEorpa | Cúnamh Éireann | 21,960 | | 21,960 |
| **Fo-iomlán an Chomhphobail Eorpaigh** | | **21,960** | **95,060** | **117,020** |
| | | | | |
| **An Banc Domhanda, na Náisiúin Aontaithe agus Institiúidí Iltaobhacha Eile** | | | | |
| Clár Domhanda Bia - Coinbhinsiún Cúnaimh Bia | An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia | | 1,524 | 1,524 |
| Cumann Forbartha Idirnáisiúnta ( IDA) | An Roinn Airgeadais | | 18,000 | 18,000 |
| IMF - PRGF | An Roinn Airgeadais | | 100 | 100 |
| Banc Forbartha na hÁise | An Roinn Airgeadais | | 11,046 | 11,046 |
| Cómhaoiniú le Grúpa an Bhainc Dhomhanda | Cúnamh Éireann | 1,000 | | 1,000 |
| Eagraíocht Dhomhanda Trádála | Cúnamh Éireann | 1,620 | | 1,620 |
| An Ciste Idirnáisiúnta chun Talmhaíocht a Fhorbairt | Cúnamh Éireann | 2,000 | | 2,000 |
| Rannóg na NA um Oibríochtaí Síochánaíochta | An Roinn Gnóthaí Eachtracha | | 1,140 | 1,140 |
| Saoráid Dhomhanda Chomhshaoil | Rialtas Áitiúil | | 1,364 | 1,364 |
| Creat-choinbhinsiún na NA um Athrú Aeráide | An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil | | 100 | 100 |
| OECD | Cúnamh Éireann | 695 | | 695 |
| Eagraíochtaí Idirnáisiúnta Eile | Cúnamh Éireann | 1,725 | | 1,725 |
| **Fo-iomlán - An Banc Domhanda, na Náisiúin Aontaithe agus Institiúidí Iltaobhacha Eile** | | **7,040** | **33,274** | **40,314** |


# CCO Iltaobhach (continued)

**Ranníocaíochtaí Deonacha le Gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Clár Domhanda Bia - Coinbhinsiún Cúnaimh Bia | An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia | | 8,633 | 8,633 |
| An Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta | An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia | | 1,263 | 1,263 |
| Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) | Cúnamh Éireann | 8,700 | | 8,700 |
| Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF) | Cúnamh Éireann | 8,000 | | 8,000 |
| Ard-Choimisinéir na NA do Dhídeanaithe (UNHCR) | Cúnamh Éireann | 6,000 | | 6,000 |
| An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) | Cúnamh Éireann | 1,500 | | 1,500 |
| Ciste na NA ar mhaithe leis an bPobal | Cúnamh Éireann | 3,000 | | 3,000 |
| Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine | Cúnamh Éireann | 2,000 | | 2,000 |
| Comhchlár na NA um VEID/SEIF - UNAIDS | Cúnamh Éireann | 3,000 | | 3,000 |
| UNRWA (Tacaíocht do Theifigh Phalaistíneacha sa neas-oirthear) | Cúnamh Éireann | 3,800 | | 3,800 |
| Cláir Forbartha/Chomhshaoil na NA | Cúnamh Éireann | 750 | | 750 |
| Ciste Forbraíochta na NA do Mhná | Cúnamh Éireann | 300 | | 300 |
| Rialú Idirnáisiúnta Drugaí na NA | Cúnamh Éireann | 250 | | 250 |
| Íocaíochtaí Eile | Cúnamh Éireann | 3,200 | | 3,200 |
| **Fo-iomlán - Ranníocaíochtaí Deonacha le Gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe** | | **40,500** | **9,896** | **50,396** |
| **Cómhaoiniú le Gníomhaireachta Iltaobhacha** | **Cúnamh Éireann** | **8,825** | | **8,825** |
| **Caiteachas Ilghnéitheach Vótáilte - Ranníocaíochtaí NA** | **Ranna Éagsúla Eile** | | **4,886** | **4,886** |
| IOMLÁN CCO ILTAOBHACH | | 78,325 | 143,116 | 221,441 |

# IARSCRÍBHINN 12

## Analysis of Multilateral ODA by Multilateral Agency



| Agency Channel | €000s | % |
|---|---|---|
| Institiúidí Eorpacha | 117,299 | 53% |
| Na Náisiúin Aontaithe | 63,305 | 29% |
| Grúpa an Bhainc Dhomhanda | 19,000 | 9% |
| Eagraíocht Dhomhanda Trádála | 1,620 | 1% |
| Bainc Forbartha Réigiúnacha | 11,046 | 5% |
| Eagraíochtaí Iltaobhacha Eile | 9,171 | 4% |
| **Iomlán Iltaobhach** | **221,441** | **100%** |


# IARSCRÍBHINN 13

## Scéimeanna Maoiniúcháin Éigeandála agus Téarnaimh De réir Tíre a fuair

| | €000s | mar % den Iomlán |
|---|---|---|
| An Libéir | 6,288 | 8% |
| Limistéir arna Riar ag an Phalaistín | 5,736 | 7% |
| An tSomáil | 4,856 | 6% |
| An tSúdáin | 4,545 | 5% |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó | 4,175 | 5% |
| An Afganastáin | 3,869 | 5% |
| Sead | 3,772 | 5% |
| Poblacht na hAfraice Láir | 2,500 | 3% |
| An tSiombáib | 2,152 | 3% |
| An Chéinia | 1,778 | 2% |
| An Aetóip | 1,620 | 2% |
| An Iaráic | 1,400 | 2% |
| Tíortha Eile | 6,741 | 8% |
| An Afraic fho-Shahárach - Réigiúnach | 13,423 | 16% |
| An Áise - Réigiúnach | 4,080 | 5% |
| An Meán-oirthear - Réigiúnach | 1,000 | 1% |
| Comhchistí Daonnúla agus Comhthiomsaithe | 15,813 | 19% |
| | | |
| Iomlán | 83,748 | 100% |

# IARSCRÍBHINN 14


## Scéimeanna Maoiniúcháin Éigeandála agus Téarnaimh Anailís Gheografach



| | €000s | mar % den Iomlán |
|---|---|---|
| An Afraic | 47,966 | 57% |
| An Áise | 11,278 | 13% |
| An Meán-oirthear | 8,460 | 10% |
| Comhchistí Daonnúla agus Comhthiomsaithe | 16,044 | 19% |
| **Iomlán** | **83,748** | **100%** |

# IARSCRÍBHINN 15

## Scéimeanna Maoiniúcháin Éigeandála agus Téarnaimh - de réir Mhodh Seachadta



| | €000s | Mar % den Iomlán |
|---|---|---|
| Gníomhaireachtaí na NA | 17,547 | 21% |
| Ciste Lárnach don Fhreagairt Éigeandála | 13,800 | 17% |
| Comhchistí Daonnúla | 11,800 | 14% |
| An Chros Dhearg Idirnáisiúnta | 7,811 | 9% |
| Eagraíochtaí Neamhrialtasacha | 24,370 | 29% |
| Eile | 8,420 | 10% |
| **Iomlán** | **83,748** | **100%** |


# IARSCRÍBHINN 16

## Scéimeanna na Sochaí Sibhialta de réir Tíre a Fuair

| | €000s |
|---|---:|
| Uganda | 7,178 |
| An Chéinia | 6,561 |
| An Aetóip | 6,442 |
| An tSúdáin | 5,636 |
| An India | 3,506 |
| Siarra Leon | 3,316 |
| Hondúras | 2,880 |
| An Mhaláiv | 3,065 |
| An tSaimbia | 2,821 |
| Poblacht Dhaonlathach an Chongó | 2,566 |
| An tSiombáib | 2,503 |
| An Tansáin | 2,471 |
| An Mhósaimbíc | 2,329 |
| An Phacastáin | 1,866 |
| An tSalvadóir | 1,748 |
| An Bhainglaidéis | 1,606 |
| Angóla | 1,597 |
| Ruanda | 1,468 |
| An Bhurúin | 1,373 |
| An Chambóid | 1,263 |
| Afganastáin | 1,233 |
| Nicearagua | 1,228 |
| An Cholóim | 1,206 |
| An Afraic Theas | 1,162 |
| Guatamala | 1,152 |
| An Nigéir | 1,151 |
| Háítí | 1,017 |
| Gána | 1,002 |
| An Bhraisíl | 906 |
| An Bholaiv | 840 |
| An Libéir | 754 |
| Neipeal | 750 |
| Peiriú | 715 |
| Niger | 697 |
| Limistéir arna riar ag an Phalaistín | 678 |
| Maenmar/Burma | 594 |
| An tSomáil | 513 |
| An Eiritré | 437 |
| An Tíomór Thoir | 391 |
| Laos | 390 |
| Na hOileáin Philipíneacha | 375 |
| An Indinéis | 367 |
| | |
| An Afraic fho-Shahárach - Réigiúnach | 7,025 |
| Meiriceá Láir - Réigiúnach | 2,232 |
| An Áise - Réigiúnach | 496 |
| Tíortha Eile | 2,866 |
| Nach mbaineann le tír ar leith | 12,608 |
| Iomláin | 104,980 |

# IARSCRÍBHINN 17


## Scéimeanna Maoiniúcháin na Sochaí Sibhialta Anailís Gheografach



| | €000s | mar % den Iomlán |
|---|---|---|
| An Afraic | 63,229 | 60% |
| An Áise | 13,257 | 13% |
| Meiriceá Láir | 10,940 | 10% |
| Meiriceá Theas | 4,066 | 4% |
| An Meán-oirthear | 872 | 1% |
| Nach mbaineann le réigiún ar leith | 12,616 | 12% |
| **Iomlán** | **104,980** | **100%** |

# IARSCRÍBHINN 18

## Anailís ar Scéimeanna Maoiniúcháin na Sochaí Sibhialta de réir Earnála



| | €000s | mar % den Iomlán |
|---|---|---|
| Téarnamh Éigeandála agus Ullmhacht do Thubaistí | 20,179 | 19.2% |
| Sláinte, VEID agus SEIF | 30,013 | 28.6% |
| Rialachas agus an tSochaí Shibhialta | 17,521 | 16.7% |
| Oideachas | 13,034 | 12.4% |
| Forbairt Ilearnála agus Tuaithe | 7,351 | 7.0% |
| Bainistiú agus Riar Cláir | 6,388 | 6.1% |
| Talmhaíocht | 2,768 | 2.6% |
| Uisce agus Sláinteachas | 2,641 | 2.5% |
| Bonneagar Sóisialta agus Ciste Bia Forbartha | 2,537 | 2.4% |
| Earnálacha eile | 2,548 | 2.4% |
| **Total** | **104,980** | **100.0%** |

Printed on FSC certified mixed source paper.

design_www.reddog.ie

Irish Aid Headquarters
Department of Foreign Affairs
Riverstone House
23-27 Henry Street
Limerick

Irish Aid Volunteering and Information Centre
Department of Foreign Affairs
27-31 Upper O'Connell Street
Dublin 1

t: +353 1 408 2000
irishaid@dfa.ie
www.irishaid.gov.ie